An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs

An Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011 – 2016

PRÍOMHTHUARASCÁIL

An Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011 - 2016

PRÍOMHTHUARASCÁIL

SAMHAIN 2011
AN ROINN LEANAÍ AGUS GNÓTHAÍ ÓIGE

Cóipcheart © An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
43-49 Bóthar Mespil
Baile Átha Cliath 4
Teil: +353 (0)1 647 3000
Facs: +353 (0)1 667 0826
Ríomhphost: contact@dcya.gov.ie
Láithreán Gréasáin: www.dcya.ie

Arna fhoilsiú ag Oifig na bhFoilseachán Rialtais, Baile Átha Cliath

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a stóráil i gcóras aisghabhála, ná a tharchur i bhfoirm ar bith nó trí mhodh ar bith, leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótachóipeáil, ar thaifeadadh nó eile, gan cead roimh ré i scríbhinn ó shealbhóir an chóipchirt.

Maidir le cearta aistriúcháin nó atáirgthe, ba chóir iarratais a chur isteach chuig an gCeann Cumarsáide, An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 43-49 Bóthar Mespil, Baile Átha Cliath 4, Éire.

Clár Ábhair

Brollach an Aire v

Brollach an Ard-Rúnaí vi

Réamhrá le Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha vii

Forbhreathnú 1
- Cén fáth Straitéis Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí? 2
- Forbairt na straitéise 2
- Aidhm agus cuspóirí na straitéise 4

1. Comhthéacs don Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 5
- Infheistíocht agus forbairt beartais sa taighde 6
  - Forbairtí ar rialachas taighde 7
- Infheistíocht agus forbairt beartais i sonraí 8
- Infheistíocht náisiúnta i dtaighde leanaí 10
- Clár Taighde Náisiúnta Leanaí 11
  - Clár taighde coimisiúnaithe 11
  - Clár um fhorbairt acmhainne 12
  - Clár chun an bonneagar a fhorbairt maidir le taighde agus sonraí ar shaol leanaí 12
  - Aistriú eolais maidir le saol leanaí 13
- Clár Luath-Idirghabhála 13
- Achoimre 14

2. Forbairt na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 15
- Torthaí leanaí 17
- Próiseas forbartha 18
- Bearnaí féideartha a aithint 20
  - Athbhreithniú ar mholtaí sa bheartas náisiúnta 20
  - Comhairliúcháin 20
  - Anailís ar ionchuir 21
- Anailís ar bhearnaí eolais agus ar infhaighteacht eolais 21
- Comhairliúchán maidir le dréachtghníomhartha 21
- Plé déthaobhach le páirtithe leasmhara 22
- Achoimre 22

3. Bearnaí Eolais, Foinsí agus Tosaíochtaí 23
- Réimse Torthaí 1: Beidh leanaí sláintiúil, go fisiceach agus go meabhrach 23
- Réimse Torthaí 2: Tabharfar tacaíocht do leanaí i bhfoghlaim ghníomhach 26
- Réimse Torthaí 3: Beidh leanaí slán ó dhochar d'aon ghnó nó de thaisme, agus slán sa gharthimpeallacht fhisiceach níos leithne 28
- Réimse Torthaí 4: Beidh leanaí slán ar bhonn eacnamaíoch 29
- Réimse Torthaí 5: Beidh leanaí mar chuid de líonraí dearfacha teaghlaigh, cairde, comharsan agus pobail, agus beidh siad cuimsithe agus rannpháirteach sa tsochaí 30

4. Saincheisteanna leathana a théann i bhfeidhm ar an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí **33**

Cur chuige straitéiseach náisiúnta a fhorbairt chun faisnéis maidir le saol leanaí a fheabhsú **34**

Córais sonraí riaracháin a fheabhsú 36

Acmhainn a fhorbairt thar gach réimse forbartha taighde agus sonraí 37

Tacú le beartas agus cleachtadh atá bunaithe ar fhianaise 38

Achoimre 40

5. Plean Gníomhaíochta **41**

Cur i bhfeidhm agus maoirseacht 42

Plean Gníomhaíochta 44

Tagairtí **75**

Aguisíní

Aguisín 1: Clár Taighde Náisiúnta Leanaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige – Taighde Coimisiúnaithe 81

Aguisín 2: Clár Taighde Náisiúnta Leanaí na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige – Clár Scoláireachtaí 84

Aguisín 3: Léirmheas ar dhoiciméid bheartais náisiúnta chun faisnéis a chur ar fáil don Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 87

Aguisín 4: Ceistneoir Comhairliúcháin ar Líne 89

Aguisín 5: Freagróirí ar an gComhairliúchán ar Líne 92

Aguisín 6: Fardal foinsí sonraí 95

Aguisín 7: Comhairliúcháin a rinneadh le leanaí agus le daoine óga faoi Chlár Rannpháirtíochta OALGÓ/RLGÓ 98

Aguisín 8: *Treoirlínte Dea-Chleachtais* maidir le straitéis sonraí a fhorbairt leis an mBord Náisiúnta Staidrimh 2004 99

Aguisín 9: Ballraíocht an Ghrúpa Stiúrtha maidir leis an Straitéis Taighde agus Sonraí 101

Brollach an Aire

Is cúis áthais dom baint a bheith agam leis an doiciméad beartais tábhachtach seo ina leagtar amach treoir straitéiseach agus plean gníomhaíochta cuimsitheach le haghaidh taighde agus sonraí maidir le saol leanaí in Éirinn sna cúig bliana atá amach romhainn. Tá infhaighteacht agus úsáid faisnéise cruinne fíorthábhachtach chun tuiscint níos fearr a fháil ar shaol leanaí agus, trína bhíthin sin, chun saol leanaí a fheabhsú. Cé go bhfuil go leor forbairtí tábhachtacha déanta le blianta beaga anuas, tá bearnaí fós sa tuiscint atá againn ar shaol leanaí agus cabhróidh an straitéis seo leis na bearnaí sin a líonadh. Cabhróidh an cur chuige straitéiseach seo le forbairt leanúnach ár n-eolais ar shaol leanaí a chinntiú trí chur chuige córasach, comhchuibhithe agus comhordaithe maidir le taighde agus sonraí a chur i bhfeidhm.

Tá sé ríthábhachtach faisnéis mhaith a fháil, agus féadfaidh sí cabhrú linn tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil leanaí agus daoine óga ag forbairt, mar aon le cabhrú linn tionchair na mbeartas agus na seirbhísí éagsúla ar a saol a shainaithint. Féadfaidh cur chuige atá níos córasaí i leith an eolais ar shaol leanaí cabhrú linn freisin na bealaí is éifeachtaí a shainaithint chun idirghabháil ina saol. Ina theannta sin, cabhraíonn cur chuige den chineál sin le cinntiú go mbaineann na daoine sin atá in ann athruithe a dhéanamh úsáid as an eolas sin.

Is é ceann de phríomhtheachtaireachtaí na straitéise seo ná go mbainfí an úsáid is mó agus is féidir as sonraí agus as faisnéis atá ann cheana féin. Gné thábhachtach den straitéis is ea a chinntiú go mbainfidh an oiread taighdeoirí agus is féidir úsáid as sonraí ó *Growing up in Ireland (Ag fás aníos in Éirinn)*, an staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí. Sa staidéar sin, leantar dul chun cinn tuairim is 8,500 leanbh 9 mbliana d'aois agus 11,000 leanbh 9 mí d'aois. Is é príomhaidhm an staidéir faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil leanaí in Éirinn ag fás agus ag forbairt sa timpeallacht shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha.

Tá sé soiléir go bhfuil an tiomantas atá ag mo Roinn féin chun tuiscintí a fheabhsú ar shaol leanaí ag páirtithe leasmhara eile freisin, agus ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil le gach aon duine a chuir le forbairt an bheartais. Mar Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, comhoibreoidh mé le mo chomhghleacaithe sa Rialtas chun cur i bhfeidhm na straitéise seo a chinntiú d'fhonn feabhas a chur ar shaol leanaí agus daoine óga.

Frances Fitzgerald, TD
An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige

Brollach an Ard-Rúnaí

Leis an gcinneadh a rinne an Rialtas le déanaí Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chur ar bun ina gcuimsítear feidhmeanna roinnt réimsí beartais maidir le leanaí agus an óige (amhail cúram agus oideachas na luath-óige, ceartas óige, cosaint agus leas leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus ar dhaoine óga, obair don aos óg, agus tionscnaimh leithne le haghaidh leanaí), cuirtear bonneagar ríthábhachtach ar fáil trínar féidir fianaise a chur i lár an bheartais agus an chleachtais maidir le saol leanaí.

Ba é Aonad Taighde na Roinne a d'ullmhaigh an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011-2016. Tháinig forbairt na straitéise ó roinnt tionscnamh beartais. Ina measc siúd, áirítear obair an Bhoird Náisiúnta Staidrimh chun Córas Staidrimh na hÉireann a chruthú agus cinneadh an Rialtais go nglacfaidh gach Roinn cur chuige níos straitéisí i leith a sealúchais sonraí, go háirithe chun straitéis maidir le sonraí a fhorbairt agus a fhoilsiú. Níos déanaí fós, tugadh tiomantas sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta *I dTreo 2016* chun Straitéis Náisiúnta Sonraí maidir le Saol Leanaí a fhorbairt agus a fhoilsiú. Toisc go bhfuil *idir shonraí agus thaighde* san áireamh sa straitéis reatha, aithnítear go sainráite an tábhacht a bhaineann le léargas cuimsitheach a fháil ar shaol leanaí.

Sa straitéis seo, déantar iarracht taighde agus sonraí thar réimse comhlachtaí tábhachtacha a chomhordú agus a úsáid d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar shaol leanaí. Tá an straitéis ábhartha do réimse leathan páirtithe leasmhara dá bhrí sin. Leagtar amach Plean Gníomhaíochta sa straitéis faoi 5 phríomhchuspóir ina gcuimsítear 8 réimse gníomhaíochta, agus tá go leor díobh sin ag díriú ar úsáid níos fearr a bhaint as sealúchais reatha sonraí agus taighde.

Ba é Grúpa Stiúrtha tras-rannach agus ilearnála faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar a bhí, a rinne maoirseacht ar fhorbairt na straitéise sa tréimhse 2007-2011. Cuireadh raon leathan fianaise san áireamh i rith fhorbairt na straitéise agus, rud ríthábhachtach, cuimsíodh comhairliúchán forleathan le páirtithe leasmhara ann, lena n-áirítear comhlachtaí reachtúla, an pobal taighde, cleachtóirí soláthair seirbhíse agus leanaí agus daoine óga iad féin. Tá an cur chuige comhairleach agus rannpháirteach sin léirithe sa Phlean Gníomhaíochta inar thug os cionn 20 eagraíocht tiomantas páirt a ghlacadh san fheidhmiú.

Déanfaidh Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachta maoirseacht ar an bhfeidhmiú sin. Tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as gníomhartha sonracha sa straitéis agus beidh ról maoirseachta ag an Roinn maidir le soláthar an Phlean Gníomhaíochta fhoriomláin. Beidh na heagraíochtaí eile a thug tiomantas gníomhartha áirithe a dhéanamh freagrach as soláthar na ngníomhartha sin. Mar sin féin, leanfaimid orainn ag obair i ndlúthpháirt leo agus le páirtithe leasmhara lena chinntiú go ndéanfar an Plean Gníomhaíochta a sholáthar agus go ndéanfar tuairisciú air ar bhealach ina soláthraítear fianaise shoiléir maidir le beartas agus seirbhísí le haghaidh leanaí agus le daoine óga a phleanáil, agus le monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu. Beidh ról tábhachtach ag an straitéis chun faisnéis a chur ar fáil d'fhorbairtí beartais agus cleachtais tríd an eolas is fearr atá ar fáil sa réimse a chruthú, a shintéisiú agus a aistriú lena chinntiú go mbeidh na seirbhísí níos éifeachtaí agus go gcuirfear feabhas ar shaol leanaí.

Jim Breslin
Ard-Rúnaí
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige

Réamhrá le Cathaoirleach an Ghrúpa Stiúrtha

Is mar thoradh ar phróiseas fairsing bailithe fianaise, comhairliúcháin agus anailíse a tháinig an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí 2011-2016 ar an saol. Sa straitéis, cuirtear i láthair sraith cuspóirí chun tuiscintí níos fearr a fháil ar shaol leanaí mar aon le plean gníomhaíochta mionsonraithe chun tús a chur le baint amach na sprice sin.

Ba é Grúpa Stiúrtha tras-rannach agus ilearnála faoi mo chathaoirleacht mar Ard-Stiúrthóir Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar a bhí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá anois ann), a rinne maoirseacht ar fhorbairt na straitéise. Ba iad an tUasal Sylda Langford, iar-Ard-Stiúrthóir, agus an tUasal Bairbre Nic Aonghusa, iar-Stiúrthóir, a rinne cathaoirleacht ar an ngrúpa roimhe sin. I measc bhaill an ghrúpa sin, áiríodh ionadaithe ó na Ranna Oideachais agus Scileanna, Sláinte, Dlí agus Cirt agus Comhionannais, agus Coimirce Sóisialaí, ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar aon le saineolaithe ó The Atlantic Philanthropies agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tugtar ainmneacha bhaill an Ghrúpa Stiúrtha in Aguisín 9.

Ba é an tAonad Taighde sa Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, faoi stiúir an Dr Sinéad Hanafin, Ceann Taighde, agus Gillian Roche, Staitisteoir, a rinne stiúradh ar fhorbairt na straitéise.

Cuireadh go mór le forbairt chomhpháirt an Phlean Gníomhaíochta den straitéis trí rannpháirtíocht agus léargas bhaill an Ghrúpa Stiúrtha sna príomhshaincheisteanna le haghaidh taighde agus sonraí maidir le leanaí a bhaineann lena réimse saineolais, mar aon lena gcomhoibriú chun pointe idirchaidrimh a sholáthar idir an tAonad Taighde agus a n-eagraíochtaí faoi seach.

Glacadh cur chuige comhairleach agus rannpháirteach le linn na forbartha ina ndeachthas i ngleic le réimse páirtithe leasmhara lena n-áirítear lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, taighdeoirí agus leanaí agus daoine óga. Chuige sin, ba mhaith linn buíochas a ghlacadh leis na daoine seo a leanas go háirithe:

- Baill Fhoireann Taighde RLGÓ, go háirithe Bairbre Meaney agus Anne-Marie Brooks, agus Susie Donnelly, Elaine O'Callaghan, Danika Sharek agus Ruth Geraghty, Scoláirí an Chláir Náisiúnta Taighde Leanaí.
- An tIonad Taighde um Chothú Sláinte in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, go háirithe an Dr Saoirse Nic Gabhainn, Pauline Clerkin agus Aoife Gavin ar thug The Atlantic Philanthropies tacaíocht airgeadais dá gcuid oibre.
- Fóram Leanaí agus Daoine Óga na Roinne a cuireadh ar bun le gníomhú mar phainéal tagartha agus le comhairle a chur ar an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le hábhar is imní do leanaí agus do dhaoine óga.
- Na heagraíochtaí agus na daoine aonair a chuir aighneacht isteach tar éis an ghlao ar aighneachtaí.
- Grúpa Comhairleach ar Fhorbairt Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige a rinne ionchur luachmhar i bpróiseas forbartha na straitéise.
- An líon mór daoine ó ranna Rialtais, ó ghníomhaireachtaí agus ó chomhlachtaí eile a bhí rannpháirteach linn i bhforbairt na straitéise, go háirithe na daoine sin ón 24 eagraíocht a thug gealltanas gníomhartha sonracha sa straitéis a fheidhmiú.

Tá súil againn go gcuirfí go mór leis an tuiscint atá againn ar shaol leanaí trí na gníomhartha atá le glacadh anois mar chuid d'fheidhmiú na straitéise seo agus, dá bhrí sin, go soláthrófaí bonn fianaise ar ardchaighdeán le haghaidh beartais agus cleachtais as a dtiocfaidh torthaí feabhsaithe le haghaidh leanaí agus daoine óga in Éirinn.

Mary Doyle
Cathaoirleach
An Grúpa Stiúrtha maidir leis an Straitéis Taighde agus Sonraí

FORBHREATHNÚ

CÉN FÁTH STRAITÉIS TAIGHDE AGUS SONRAÍ MAIDIR LE SAOL LEANAÍ?

Tá an straitéis taighde agus sonraí seo á foilsiú mar chomhlíonadh ar thiomantas a tugadh sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta *I dTreo 2016* chun Straitéis Náisiúnta Sonraí maidir le Saol Leanaí a fhorbairt agus a fhoilsiú (Roinn an Taoisigh, 2006a). Forbraíodh an straitéis i gcomhthéacs infheistíocht shuntasach i gcruthú agus in aistriú eolais d'fhonn saol na saoránach a fheabhsú. Mar gheall air sin, tá bunachar eolais ag dul i méid thar roinnt réimsí éagsúla, agus tá tacaíocht agus cúram méadaithe do bheartas agus do chleachtas bunaithe ar fhianaise in Éirinn agus thar lear de thoradh na straitéise.

Ba é a bhí i gceist le forbairt na straitéise seo i dtosach díriú ar shonraí amháin, go háirithe ar shealúchais oifigiúla agus staidrimh eile, mar a rinneadh i gcás straitéisí atá forbartha ag ranna Rialtais eile. Téann an straitéis seo níos faide ná an cineál cur chuige sin. Déantar príomhsaincheisteanna atá ábhartha *do thaighde agus do shonraí araon* maidir le saol leanaí a ailíniú agus a úsáid. Agus é sin á dhéanamh, soláthraítear creat chun feabhas a chur ar thuiscintí ar shaol leanaí thar gach earnáil, lena n-áirítear lucht déanta beartas, soláthraithe seirbhíse, taighdeoirí, leanaí, teaghlaigh agus pobail. Toisc go bhfuil idir shonraí agus thaighde san áireamh sa straitéis, aithnítear go sainráite an tábhacht a bhaineann le léargas cuimsitheach a fháil ar shaol leanaí. Cé go mbíonn forluí mór idir taighde agus sonraí i gcoitinne, tá cláir éagsúla oibre tagtha chun cinn astu féin. Maidir leis na saincheisteanna a thagann chun cinn, téitear i ngleic leo i bhfóraim éagsúla agus trí fhorbairtí straitéiseacha ar leith.

Leis an gcinneadh a rinne an Rialtas le déanaí Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige a chur ar bun ina gcuimsítear feidhmeanna roinnt réimsí beartais maidir le leanaí agus an óige (amhail cúram agus oideachas na luath-óige, ceartas óige, cosaint agus leas leanaí, rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga, taighde ar leanaí agus ar dhaoine óga, obair don aos óg, agus tionscnaimh leithne le haghaidh leanaí), cuirtear bonneagar tábhachtach ar fáil trínar féidir fianaise a chur i lár an bheartais agus an chleachtais maidir le saol leanaí.

Beidh ról tábhachtach ag an straitéis seo, trí bhíthin a Plean Gníomhaíochta (*féach Caibidil 5*) chun faisnéis a chur ar fáil d'fhorbairtí beartais agus cleachtais tríd an eolas is fearr atá ar fáil sa réimse a chruthú, a shintéisiú agus a aistriú lena chinntiú go rachaidh an taighde agus na sonraí chun leasa saol leanaí. Cé go bhfuil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as gníomhartha áirithe sa straitéis agus go mbeidh ról maoirseachta ag an Roinn maidir leis an bplean gníomhaíochta foriomlán, is iad na ranna Rialtais ar leith nó na heagraíochtaí eile a thug tiomantas gníomhartha sonracha sa straitéis seo a dhéanamh a bheidh freagrach as na gníomhartha sin a sholáthar.

Tá tuiscint ar éifeachtaí cinntí beartais, tacaíochtaí agus idirghabhálacha, mar aon le tosca in athruithe agus aistrithe ag céimeanna éagsúla den tsaolré agus le tionchar na n-athruithe agus na n-aistrithe sin, ríthábhachtach chun faisnéis a chur ar fáil do chinntí atá dírithe ar thorthaí a fheabhsú. Is amhlaidh atá le leanaí go háirithe toisc go dtarlaíonn athruithe suntasacha ina bhfás, ina bhforbairt agus ina dtorthaí laistigh de thréimhse ama atá réasúnta gearr. Rinneadh go leor dul chun cinn sa tuiscint atá againn ar shaol leanaí in Éirinn. Mar sin féin, d'fhéadfadh forbairt straitéise breise cabhrú leis na nithe seo a leanas:

- ceannaireacht a sholáthar sa réimse taighde agus sonraí ar shaol leanaí;
- cur chuige cuimsitheach a éascú maidir le tuiscint a fháil ar shaol *gach aon* linbh, ina ndírítear go sonrach ar shaol leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu;
- réimsí tosaíochta a shainaithint, dúbailt iarrachtaí a íoslaghdú, agus an luach is fearr a fháil ar airgead;
- forbairtí taighde agus sonraí atá ábhartha do shaol leanaí a chomhordú;
- an acmhainn taighde, meastóireachta agus úsáide a fhorbairt go córasach.

FORBAIRT NA STRAITÉISE

Glacadh cur chuige comhairleach agus comhpháirtíochta ag gach céim d'fhorbairt na straitéise seo, ó comhthiomsaíodh an fhianaise go dtí gur sainaithníodh na tosaíochtaí agus gur comhaontaíodh na gníomhartha atá le glacadh. Ba é Grúpa Stiúrtha tras-rannach agus ilearnála faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige,

mar a bhí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá anois ann), a rinne maoirseacht ar an bhforbairt. I measc bhaill an Ghrúpa Stiúrtha, bhí ionadaithe ó na Ranna Oideachais agus Scileanna, Coimirce Sóisialaí, Sláinte, Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar aon le saineolaithe ó The Atlantic Philanthropies agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (*féach Aguisín 9*).

Tá tuiscintí teoiriciúla reatha mar bhonn is mar thaca ag forbairt na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí seo maidir le Saol Leanaí (Bronfenbrenner, 1979; Bronfenbrenner agus Morris, 1998; Lerner, 1998) agus tógann sé ar fhorbairtí náisiúnta a rinneadh roimhe seo sa réimse taighde agus sonraí, amhail na tuarascálacha débhliantúla *State of the Nation's Children (Staid Leanaí an Náisiúin)* (OAL, 2006; OALGÓ, 2008 agus 2010), sraith náisiúnta táscairí maidir le folláine leanaí a fhorbairt (Hanafin agus Brooks, 2005) agus *An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí: Lámhleabhar an Bheartais* (OAL, 2007). Glacadh cur chuige córasach, ina gcuimsítear roinnt gnéithe éagsúla, maidir le forbairt na straitéise seo. I measc na ngnéithe sonracha a rinneadh, bhí léirmheas ar an litríocht ábhartha; cás-staidéir ar an dea-chleachtas idirnáisiúnta sa réimse úsáide sonraí; anailís ar dhoiciméid bheartais atá foilsithe (2000-2008); iniúchadh ar phríomhfhoinsí sonraí; agus anailís mhionsonraithe agus chórasach ar bhearnaí. Ina dteannta sin, rinneadh comhairliúcháin le saineolaithe agus comhairliúcháin dhéthaobhacha le roinnt páirtithe leasmhara d'fhonn plean gníomhaíochta agus creat forfheidhmithe a fhorbairt.

Agus torthaí an phróisis á gcur san áireamh, déanfar na nithe seo a leanas leis an straitéis:

- Cuirfear san áireamh chomh casta is a bhíonn saol leanaí agus na gnéithe éagsúla a bhaineann lena saol agus an chaoi ina bhfuil na gnéithe sin nasctha le chéile. I measc na ngnéithe sin, áirítear iad seo a leanas:
    - **torthaí leanaí** – go mbeidís sláintiúil, go fisiceach agus go meabhrach; go mbeadh tacaíocht acu i bhfoghlaim ghníomhach; go mbeidís slán ó dhochar d'aon ghnó nó de thaisme, agus go mbeidís slán sa gharthimpeallacht fhisiceach níos leithne; go mbeidís slán ar bhonn eacnamaíoch; go mbeidís mar chuid de líonraí dearfacha teaghlaigh, cairde, comharsana agus pobail, agus go mbeidís cuimsithe agus rannpháirteach sa tsochaí (*féach Caibidil 2 chun sonraí breise a fháil ar na torthaí sin*);
    - **gaolmhaireachtaí leanaí**, idir ghaolmhaireachtaí neasacha nó díreacha (amhail gaolmhaireachtaí le tuismitheoirí, le dearthháireacha agus deirfiúracha, agus le piaraí) agus ghaolmhaireachtaí aimhneasacha nó indíreacha (amhail na gaolmhaireachtaí idir páirtithe leasmhara a bhíonn ag plé le saol leanaí);
    - **tacaíochtaí agus seirbhísí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla** a chuirtear ar fáil do leanaí agus dá dteaghlach (mar shampla tacaíocht tríd an teaghlach agus tríd an teaghlach sínte; cúram agus oideachas na luath-óige; altranas sláinte poiblí; agus tionscadail faoi Thionscadal Athstiúrtha don Óige an Gharda Síochána).
- Cuimseofar tuiscint ar na córais éagsúla a bhíonn thart timpeall ar leanaí lena n-áirítear an teaghlach, an pobal, agus an timpeallacht bheartais níos leithne.
- Áireofar gnéithe dearfacha de shaol leanaí (mar shampla rannpháirtíocht i gcinnteoireacht, oibriú go deonach) mar aon le gnéithe diúltacha (mar shampla drochúsáid leanaí agus faillí, neamhláithreacht ón scoil).
- Áireofar réimsí suibiachtúla de shaol leanaí (mar shampla sonas féintuairiscithe leanaí) mar aon le réimsí oibiachtúla (mar shampla tinneas ainsealach a bheith ann).
- Déanfar dearcthaí agus taithí leanaí a bhailiú agus a chur i gcomparáid trí mhodheolaíochtaí éagsúla a úsáid, de réir mar is cuí, lena n-áireofar cineálacha cur chuige cáilíochtúla agus cainníochtúla.
- Tabharfar tús áite don mhéid a bheidh le rá ag leanaí, ach cuirfear páirtithe leasmhara eile san áireamh freisin lena n-áirítear tuismitheoirí agus soláthraithe seirbhíse.

Sa chuid eile den tuarascáil seo, baintear úsáid as an gcúlra ilchéime a úsáideadh chun na príomhsaincheisteanna a breithníodh i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí seo maidir le Saol Leanaí a shainaithint.

- *I gCaibidil 1*, leagtar amach infheistíochtaí beartais agus institiúide a rinneadh le déanaí i dtaighde agus sonraí araon ar leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus tarraingítear aird ar an gcomhthéacs ina ndearnadh a leithéid. Ina dhiaidh sin, tugtar forbhreathnú gearr ar na forbairtí reatha i dtaighde agus sonraí maidir le leanaí, agus cuirtear béim ar leith ar an gClár Taighde Náisiúnta Leanaí atá á fheidhmiú tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige.
- *I gCaibidil 2*, soláthraítear achoimre ar fhorbairt na straitéise reatha, lena n-áirítear treoir chun tacú leis an bpróiseas, na príomh-ionchuir agus na príomhpháirtithe leasmhara i bhforbairt na straitéise, na socruithe maoirseachta agus rialachais, agus an próiseas trína forbraíodh príomh-mholtaí.
- *I gCaibidil 3*, leagtar amach na bearnaí eolais a sainaithníodh de réir na dtorthaí seirbhíse náisiúnta le haghaidh leanaí (*féach thuas*). Déantar na príomhghníomhartha atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na bearnaí sin a chur i láthair.
- *I gCaibidil 4*, déantar iniúchadh ar shaincheisteanna leathana a théann i bhfeidhm ar thimthriallta taighde agus sonraí, lena n-áirítear cineálacha cur chuige straitéiseacha, sonraí riaracháin, forbairt acmhainne agus tacú le beartas agus cleachtas atá bunaithe ar fhianaise.
- *I gCaibidil 5*, soláthraítear Plean Gníomhaíochta mionsonraithe ina leagtar amach gníomhartha sonracha atá le glacadh trí iarracht chomhoibríoch i measc 24 páirtí leasmhar lena n-áirítear ranna Rialtais, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí reachtúla eile. Cuimsítear sa Phlean Gníomhaíochta amlíne lena chríochnú agus príomhtháscairí feidhmíochta, agus tá sé bunaithe ar na cuspóirí atá leagtha amach thíos.

Ag deireadh na tuarascála, tugtar liosta *Tagairtí* a úsáideadh chun faisnéis a chur ar fáil don straitéis agus 9 *nAguisín* le sonraí breise ar fhoinsí faisnéise.

AIDHM AGUS CUSPÓIRÍ NA STRAITÉISE

Aidhm

Is é aidhm na straitéise seo plean a leagan amach chun treoir a thabhairt d'fhorbairt taighde agus sonraí maidir le saol leanaí, agus chun tacú leis an bhforbairt sin, sna cúig bliana seo atá ag teacht (2011-2016) d'fhonn a chinntiú go mbainfidh leanaí agus daoine óga leas as tuiscintí níos fearr ar a saol.

Agus sin á dhéanamh, oibreoidh sí chun cur chuige cuimsitheach agus comhordaithe a fhorbairt chun taighde agus sonraí maidir le saol leanaí a bhailiú, a thiomsú agus a scaipeadh, agus éascóidh sí úsáid a bhaint as faisnéis inchomparáide idirnáisiúnta d'ardchaighdeán a bhfuil rochtain éasca uirthi maidir le saol leanaí in Éirinn. De bharr sin, rannchuideoidh sí le forbairt ar bheartais níos eolaí agus freagrúla mar aon le tacaíochtaí d'fhonn torthaí níos fearr do leanaí agus do dhaoine óga a chinntiú.

Cuspóirí

Is iad seo a leanas cuspóirí na straitéise:

- tuiscint chuimsitheach agus chomhleanúnach a chothú maidir le forbairt, tosaíochtaí, riachtanais leanaí agus maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí cuí ina leith;
- cumas taighde sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí a fhorbairt;
- bonneagar maith a fhorbairt sa réimse a bhaineann le taighde agus sonraí leanaí, tacaíocht a thabhairt dó agus é a chur chun cinn;
- monatóireacht agus measúnú ar sheirbhísí leanaí in Éirinn ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta;
- tacú le leanúnachas idir taighde agus úsáid sonraí faoi réir ag socraíochtaí beartais agus cleachtais.

1. COMHTHÉACS DON STRAITÉIS NÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS SONRAÍ MAIDIR LE SAOL LEANAÍ

Faoi mar atá léirithe san Fhorbhreathnú, cé go bhfuil forluí mór idir taighde agus sonraí, rinneadh forbairtí go neamhspleách ar a chéile i gcoitinne. Léirítear é sin i gcineálacha cur chuige struchtúracha, infheistíochta agus beartais, ar bhonn náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, a bhfuil an trasnú eatarthu teoranta d'ainneoin forbairtí suntasacha sa dá réimse. Is é an príomh-idirdhealú atá á dhéanamh sa straitéis gur ionann 'sonraí' go príomha agus tagairt d'fhorbairtí a tharlaíonn maidir le staidrimh oifigiúla agus staidrimh eile, agus gur ionann 'taighde' agus tagairt do chineálacha cur chuige córasacha maidir le heolas nua a chruthú. Glacadh na sainmhínithe seo a leanas maidir le taighde agus sonraí:

- Sainmhínítear gur ionann **Taighde** agus '*the search for new knowledge using scientific methodologies and approaches*' (Iwaniec, 1998).
- Sainmhínítear gur ionann **Sonraí** agus '*the physical representation of information in a manner suitable for communication, interpretation or processing by human beings or by automatic means*' (Eurostat, Bunachar Sonraí Coincheapa agus Sainmhínithe).

Is ionann an chuid dheireanach den chaibidil seo agus forbhreathnú ar an infheistíocht agus ar an mbeartas arna dhéanamh maidir le taighde agus sonraí, agus cuirtear deireadh leis le hachoimre ghearr ar phríomhfhorbairtí a tharla in Éirinn trí mheicníocht an Chláir Taighde Náisiúnta Leanaí, mar chuid den Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ).

INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT BEARTAIS I DTAIGHDE

Ba thosaíochtaí eacnamaíocha ba chúis le cuid mhaith de chaiteachas an Rialtais ar thaighde i gcaitheamh na ndeich mbliana seo a chuaigh thart agus, ag féachaint don chúlú eacnamaíochta le déanaí, tá an fócas sin, mar aon le cur chuige bunaithe ar an luach is fearr ar airgead, níos tábhachtaí ná riamh (Roinn an Taoisigh, 2011). Tá sé tábhachtach, áfach, an nasc idir forbairt eacnamaíoch agus baint amach spriocanna sochaíocha níos leithne a shainaithint, nasc atá curtha in iúl go maith ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta a shonraigh an méid seo a leanas '*Sound economic performance is not an end in itself, but valued because it provides a better framework for people to pursue fuller and more satisfying lives*' (NESC, 2005a).

Rinne Rialtas na hÉireann gealltanas soiléir agus follasach tacú leis an aistriú in Éirinn chuig geilleagar eolais trí infheistíocht shuntasach in eolaíocht, i dteicneolaíocht agus i nuáil le blianta beaga anuas (Roinn an Taoisigh, 2002, 2006a, 2006b agus 2008; an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 2009). Léiríonn na tuarascálacha ar dhul chun cinn go bhfuil an caiteachas iomlán ar thaighde agus ar fhorbairt méadaithe faoi thrí thar an tréimhse 10 mbliana seo a chuaigh thart, agus ag an am céanna go bhfuil infheistíocht i dtaighde san earnáil Ardoideachais méadaithe faoi cheathair (an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, 2009 agus 2010). Bhronn an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal, arna sheoladh in 1998, €1.22 billiún (cistí an Státchiste agus cistí comhoiriúnaithe príobháideacha) chun cumais thaighde náisiúnta a neartú trí infheistíocht i mbonneagar daonna agus fisiceach (*féach* www.hea.ie/en/prtli). Tarraingítear aird i dTuarascáil Hunt a foilsíodh le déanaí ar raon tairbhí ó infheistíocht i dtaighde in ardoideachas, lena n-áirítear feabhas ar cháilíocht oideachais do na mic léinn go léir, ag forbairt caidre mac léinn PhD ardoilte, a tháirgfidh eolas nua chun freastal ar fhadhbanna náisiúnta agus idirnáisiúnta, feabhas a chur ar iomaíocht idirnáisiúnta agus cur le tuairimí an phobail (an Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011a).

Tá dualgais straitéiseacha agus maoinithe ag roinnt comhlachtaí reachtúla (lena n-áirítear an Oifig Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuála laistigh den Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta; Fondúireacht Eolaíochta Éireann; Fiontraíocht Éireann; an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta; agus Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht) an clár oibre sin de chuid an Rialtais a thabhairt chun críche. Tá cleachtadh náisiúnta maidir le tosaíochtaí taighde faoi lánseol i láthair na huaire chun roinnt limistéar nó cineálacha cur chuige éagsúla a shainaithint nó an dá rud chun dul i ngleic le dúshláin/deiseanna náisiúnta a gcuirfear taca fúthu trí infheistíocht sa todhchaí in eolaíocht, i dteicneolaíocht agus i nuálaíocht (Forfás, 2010). Cruthóidh toradh an phróisis sin fócas d'infheistíocht i dtaighde sa todhchaí.

Cuireadh tionscnaimh bheartais i gcrích freisin chun an cumas agus an bonneagar a fhorbairt chun taighde a ghiniúint agus a úsáid go straitéiseach. Cé gur ghlac roinnt eagraíochtaí aonair cineálacha cur chuige straitéiseacha maidir le forbairtí taighde (lena n-áirítear, mar shampla, an ESRI ina *Straitéis Taighde 2008*), bhí réimse an taighde sláinte thar a bheith torthúil ar an dóigh sin. In 2009, d'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí (2009), an Bord Taighde Sláinte (2009) agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (2009) trí phlean straitéiseacha chomhlántacha faoi leith ar thaighde sláinte. Cuirtear fócas idirnasctha ar fáil sna gníomhartha arna sainaithint sna straitéisí sin le haghaidh forbairtí maidir le taighde ar sheirbhísí cliniciúla, seirbhísí sláinte daonra agus sláinte i gcomhthéacsanna éagsúla. Is féidir meicníocht a chur ar fáil trí na pleananna uileghabhálacha sin trínar féidir le heagraíochtaí eile a bheith mar chuid de chur chuige náisiúnta ar shaincheisteanna taighde a thagann chun tosaigh; i measc na n-eagraíochtaí sin tá Molecular Medicine Ireland (2010) agus grúpaí gairmiúla ar nós teiripeoirí (McKenna *et al*, 2010) agus altraí agus ban cabhrach (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2010). Sainaithníodh folláine, idir chorp agus intinn, mar cheann de réimsí na dtorthaí seirbhíse náisiúnta le haghaidh leanaí agus dá réir sin cuirtear fáilte faoi leith roimh fhorbairtí sa réimse sin.

Léiríonn an fócas ar thaighde in Éirinn forbairtí idirnáisiúnta agus tá an infheistíocht shuntasach atá á cur i dtaighde ar leibhéal náisiúnta ar aon dul le forbairt ar bheartas an Aontais Eorpaigh agus ar chreat infheistíochta taighde. Ó glacadh le Straitéis Liospóin in 2000, thug an AE faoin Limistéar Eorpach Taighde (ERA) a fhorbairt d'fhonn teorainneacha geografacha, institiúideacha, disciplíneacha agus earnálacha a shárú. Idir Eanáir 2007 agus Aibreán 2010, bhí breis agus 3,000 iarratasóir ó eagraíochtaí bunaithe in Éirinn (sna hearnálacha acadúla, tionscail agus poiblí) rannpháirteach i moltaí don 7ú Creat Maoiniúcháin Eorpach agus bhain siad ráta maoiniúcháin níos airde ná an meán amach (Forfás, 2010). Tá an rath sin le brath freisin i dtáscairí eile d'fhorbairt rathúil ar chumas taighde. Léirítear i gcomhthuarascáil ó Forfás agus ón Údarás um Ard-Oideachas (2009), mar shampla, go bhfuil tionchar suntasach ag infheistíocht i dtaighde ar líon agus ar cháilíocht na bhfoilseachán a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu. Léirítear an cinneadh freisin ar leibhéal institiúideach agus tá feabhsúcháin i rangú coibhéiseach Eorpach agus Domhanda ollscoileanna Éireannacha, go háirithe Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (arna rangú sa 43ú áit ar Domhain agus 13ú san Eoraip) agus Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (arna rangú san 89ú agus sa 32ú faoi seach taifeadta i dtuarascáil dhéanach ó Oifig an Phríomhchomhairleora Eolaíochta don Rialtas (2010).

Tá tionchar ag na forbairtí sin ar réimse an taighde ar leanaí agus bhí méadú suntasach ar thuarascálacha agus ar pháipéir a bhfuil piarmheasúnú déanta orthu maidir le saol leanaí le blianta beaga anuas. Mar shampla, comhthionscnamh idir Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ, an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige anois) agus an Bord Taighde Sláinte chun bunachar sonraí ar shláinte leanaí de bhunadh na hÉireann a chruthú nó díriú ar shainaithint ar bhreis agus 5,500 alt irisleabhair ábhartha sa litríocht a bhfuil piarmheasúnú déanta uirthi arna foilsiú idir 2000 agus 2008 (McCarthy agus Foran, 2010).

Forbairtí ar rialachas taighde

Anuas ar an infheistíocht atá leagtha amach thuas, bhí an-chuid forbairtí maidir le rialachas taighde, cé nach bhfuil freagracht cheannasach ag aon eagraíocht aonair, go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta, maidir leis an réimse sin. Léirítear é sin i líon na dtionscnamh a tharla le blianta beaga anuas. Mar shampla, tá cosaint sonraí ina saincheist ríthábhachtach maidir le taighde agus tá creatlach reachtach an-shoiléir ann maidir le cosaint sonraí in Éirinn. Déantar é sin tríd an Acht um Chosaint Sonraí 1998 agus trí an Acht um Chosaint Sonraí (Leasú) 2003, lena dtugtar reachtaíocht na hÉireann sa réimse sin i gcomhréir le Treoir 95/46/CE ón AE maidir le cosaint sonraí (Parlaimint na hEorpa, 1995). Ina theannta sin, d'fhoilsigh Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí roinnt doiciméad treorach*, lena n-áirítear rialacháin agus treoirlínte maidir le cur chun feidhme na reachtaíochta sin i gcoitinne agus go háirithe *Treoirlínte um Chosaint Sonraí maidir le Taighde san Earnáil Sláinte* (Oifig an Choimisinéara

* *Féach* www.dataprotection.ie/ViewDoc.asp?fn=%2Fdocuments%2Fguidance%2Fdefault%2Ehtm&CatID=6&m=m

Cosanta Sonraí, 2007). Tá impleacht aige sin do chúrsaí thaighde. D'fhéadfadh comhlíonadh na reachtaíochta sin, na treorach agus an rialacháin a bheith ina chúnamh chun a chinntiú go gcosnófar sonraí ag gach céim den timthriall sonraí chun leasa leanaí.

Tharla forbairtí eile i measc eagraíochtaí náisiúnta, lena n-áirítear:

- D'eisigh Comhairle na hÉireann um Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuáil (2004) *Cód Cleachtais Náisiúnta maidir le Maoin Intleachtúil ó Thaighde arna Mhaoiniú go Poiblí* a bhainistiú, faoi choimirce Forfás, an Bord Comhairleach agus Polasaí Náisiúnta le haghaidh Fiontar, Tráchtáil, Eolaíocht, Teicneolaíocht agus Nuálaíocht.
- D'eisigh Acadamh Ríoga na hÉireann (comhlacht uile-Éireann, neamhspleách, acadúil a chuireann staidéar agus sármhaitheas sna heolaíochtaí, sna dána agus sna heolaíochtaí sóisialta chun cinn) doiciméad plé le déanaí dar teideal *Ensuring Integrity in Irish Research* (RIA, 2010).
- D'fhorbair Comhairle Bitheitice na hÉireann (2004 agus 2010) agus an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA, 2009) treoir eitice le haghaidh taighde a dhéanamh lena mbaineann daonraí leochaileacha.

I dteannta leo, tá comhleanúnachas forásach ar an gcur chuige atá á ghlacadh ag comhlachtaí maoinithe taighde poiblí (m.sh. Bord Taighde Sláinte, an Chomhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta) chun a chinntiú go gcuirfear sonraí, arna mbailiú trí chistí poiblí a úsáid, ar fáil i gcartlann inrochtana a bheidh inúsáidte ag taighdeoirí eile. Tá cur chuige náisiúnta de dhíth le haghaidh forbairtí eile. D'fhéadfaí forbairtí nasctha sonraí, mar shampla, a fheabhsú go mór trí aitheantóir uathúil a ghlacadh, agus tá an réimse sin faoi réir ag iniúchadh sa chomhthéacs Éireannach le tamall anuas. Sonraítear i bhfaisnéis chúlra maidir le forbairt an Bhille Faisnéise Sláinte atá ag teacht chun cinn gur aithníodh a éagmais mar bhearna ríthábhachtach, go háirithe acu siúd sna hearnálacha oideachais agus sláinte, ós rud é go laghdaíonn a éagmais na féidearthachtaí le haghaidh sonraí a nascadh ar fud tacar sonraí éagsúil agus dá réir sin caolaítear na féidearthachtaí d'anailís bhríoch sonraí de réir ama, teaghlach agus seirbhísí.

Tá corpas forásach oibre ar siúl, dá réir sin, maidir le bonneagar a chruthú in Éirinn ar rialachas taighde. Beidh sé tábhachtach saincheisteanna a bhaineann le leanaí a bhreithniú mar chuid den chreat sin.

INFHEISTÍOCHT AGUS FORBAIRT BEARTAIS I SONRAÍ

Bhí athruithe suntasacha le blianta beaga anuas maidir leis an gcaoi a dhéantar staidrimh a thiomsú, a anailísiú, a tháirgeadh agus a scaipeadh. Rinneadh na hathruithe sin a spreagadh, agus a thacú, trí athruithe ar theicneolaíocht agus chomh maith leis sin trí éilimh ar shonraí agus ar fhorbairtí i bhfoinsí sonraí. Maidir leis sin, rinne Éire dul chun cinn mór faoi stiúir an Bhoird Náisiúnta Staidrimh agus na Príomh-Oifige Staidrimh.

Cé gurb ionann príomhchuspóir na **Príomh-Oifige Staidrimh** (CSO) agus tacú leis an Rialtas, ós rud é gurb í an institiúid náisiúnta staidrimh freastalaíonn an CSO ar riachtanais an phobail náisiúnta agus idirnáisiúnta i gcoitinne (m.sh. gnóthaí, an AE, eagraíochtaí idirnáisiúnta, na meáin, taighdeoirí agus an pobal i gcoitinne) chun faisnéis neamhchlaonta agus ábhartha a thabhairt maidir le coinníollacha sóisialacha agus eacnamaíocha. Bíonn tionchar díreach ag cuid de na forbairtí maidir le staidrimh sonraí agus staidrimh oifigiúla in Éirinn ar thuiscintí feabhsaithe ar shaol leanaí. Is léir tiomantas an CSO sa réimse seo trína rannpháirtíocht dhíreach i roinnt tionscadal agus tionscnamh lena mbaineann leanaí agus daoine óga, an fhorbairt ar an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí san áireamh.

I gcodarsnacht leis an gcomhthéacs taighde, tá cur chuige straitéiseach comhordaithe maidir le staidrimh oifigiúla faoi stiúir **an Bhoird Náisiúnta Staidrimh** (NSB) in Éirinn. Mar thoradh ar an gcur chuige sin, mar aon le hobair an CSO, bhí dul chun cinn suntasach ar fhorbairt dea-struchtúr sonraí chun táirgeadh, infhaighteacht, inrochtaineacht agus úsáid sonraí stóinsithe maidir le saol daoine in Éirinn a éascú. Is cúram den Bhord Náisiúnta Staidrimh de réir

reachtaíochta, tríd an Acht Staidrimh 1993, a bhfuil dualgas air i leith an Rialtais a straitéis staidrimh a fhorbairt. Ag gabháil leis an dualgas sin, tá tosaíochtaí a shocrú chun staidrimh oifigiúla a thiomsú agus a fhorbairt in Éirinn, mar aon le treoir straitéiseach an CSO a threorú. Tá roinnt éachtaí suntasacha leagtha amach chun cur chuige ar bhonn córais iomláine ar staidrimh náisiúnta a fhorbairt i *Straitéis Staidrimh 2009-2014* ón mBord Náisiúnta Staidrimh (NSB, 2009), lena n-áirítear:

- **Measúnú ar Fhéidearthacht Staidrimh Taifead Riaracháin (SPAR)** arna dhéanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) trí shraith iniúchtaí doimhne ar shealúchas sonraí i ranna agus i ngníomhaireachtaí Rialtais, ina gcuimsítear i ngach ceann acu moltaí mionsonraithe chun luach staitistiúil na sonraí riaracháin a mhéadú (NSB, 2003).
- **Forbairt straitéisí sonraí foirmiúla** i roinnt ranna Rialtais, lena n-áirítear riachtanais sonraí a rangú mar thosaíocht agus bearnaí sonraí ríthábhachtacha a shainaithint. I measc na gcinn atá thar a bheith ábhartha do shaol leanaí ná na cinn a fhoilsíonn na Ranna Oideachais agus Eolaíochta, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus Iompair, a bhfuil moltaí tábhachta i ngach ceann acu maidir leis an mbonn eolais maidir le saol leanaí a fheabhsú. Sainaithnítear sa straitéis a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (2008), mar shampla, feabhsúcháin ar shonraí agus ar chórais sonraí maidir le leanaí sa chóras oideachais mar phríomhthosaíochtaí.
- **Forbairt ar shraith creataí staitistiúla** agus a n-úsáid i sraith tuarascálacha téamacha, mar aon le tionscnaimh eile a chuireann luach leis na bailiúcháin sonraí atá ann cheana nó lena ndéantar foinsí sonraí a chomhtháthú nó an dá rud. Laistigh de na forbairtí sin, bhí leanaí agus daoine óga ina ngrúpa suaitheanta – i dtús báire, i bhfoilseachán an CSO (2009) maidir le *Children and Young People in Ireland, 2008* agus, ar arís eile trí rannchuidiú an CSO le tuarascáil *State of the Nation's Children* arna foilsiú gach ré bliana ag an Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (2006, 2008 agus 2010), a dtugtar an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) uirthi anois.
- **Forbairt ar chóras staidrimh na hÉireann** trí shocrú na foirne gairmiúla i ranna Rialtais (an RLGÓ san áireamh) agus trí rannpháirtíocht an CSO i gcoistí idir-rannacha agus comhairleacha (lena n-áirítear a rannpháirtíocht sa Ghrúpa Stiúrtha maidir leis an Straitéis Taighde agus Sonraí, sa Ghrúpa Stiúrtha maidir leis an Straitéis Náisiúnta Leanaí um Thaighde agus Sonraí, sa Ghrúpa Comhairleach um Fhorbairt Taighde den Chlár Náisiúnta Leanaí um Thaighde, agus rialú an staidéir fadaimseartha a rinneadh ar leanaí in Éirinn, *Growing up in Ireland*), mar aon le húsáid níos mó as córais aicmithe chaighdeánacha agus chódaithe i suirbhéanna agus i bhfoinsí sonraí riaracháin.

Beidh gach ceann de na tosaíochtaí straitéiseacha arna sainaithint ag an mBord Náisiúnta Staidrimh (2009) don tréimhse 2009-2014 ina chúnamh chun cur leis an dul chun cinn arna dhéanamh maidir le staidrimh ar shaol leanaí le blianta beaga anuas agus nascfaidh siad le príomhréimsí gníomhaíochta atá san áireamh sa straitéis reatha. Is iad seo a leanas na tosaíochtaí sin:

- a chinntiú go bhfuil córas staidrimh na hÉireann comhleanúnach agus go réadaítear go hiomlán an fhéidearthacht staidrimh ábhartha, neamhchlaonta, agus iontaofa a tháirgeadh chun cur le cinntí beartais agus fioscacha;
- luach ar airgead agus úsáid éifeachtach acmhainní a mhéadú trí thosaíocht a thabhairt d'infheistiú i staidrimh (lena n-áirítear próiseáil sonraí, comhroinnt sonraí, stóráil sonraí agus cosaint sonraí) idir ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais, agus trína chinntiú gur féidir staidrimh oifigiúla a úsáid i ngach gné de chinnteoireacht an Rialtais;
- córais a fhorbairt chun a chinntiú go n-íoslaghdófar an t-ualach freagartha ar ghnóthaí, ar theaghlaigh agus ar dhaoine aonair agus go n-uasmhéadófar an luach staitistiúil ar shonraí suirbhé agus riaracháin atá ann cheana trí athróga aicmithe comhsheasmhacha mar aon le haitheantóirí meaitseála sonraí a bhreisiú;
- a chinntiú go bhfuil staidrimh oifigiúla 'oiriúnach don fheidhm' trí ábharthacht, tráthúlacht, costas agus cáilíocht sonraí a chothromú ionas go líontar bearnaí criticiúla agus go gcomhlíontar éilimh nua;
- cur leis an dul chun cinn a rinneadh le blianta beaga anuas tríd infhaighteacht d'úsáideoirí a choimeád ina tosaíocht trí bhealaí rochtana a fheabhsú agus úsáid staidrimh CSO a chur chun cinn.

Ag teacht leis an gcur chuige comhordaithe náisiúnta maidir le sonraí agus staidrimh oifigiúla atá leagtha amach thuas, tá cur chuige straitéiseach idirnáisiúnta maidir leis an réimse sin, a gcuirtear taca faoi trí ghealltanas ardleibhéil maidir le tábhacht staidrimh sa tsochaí. Rinne Eurostat, Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh, an gealltanas sin a chur in iúl go soiléir, ina sonraítear an méid seo a leanas '*Democratic societies do not function properly without a solid basis of reliable and objective statistics*' (Eurostat, 2008, lch 1).

Mar an gcéanna, sonraítear i *Bunphrionsabail an Staidrimh Oifigiúil* na Náisiún Aontaithe (2004) '*Official statistics provide an indispensable element in the information system of a democratic society, serving the Government, the economy and the public with data about the economic, demographic, social and environmental situation*'.

Mar achomair, feidhmíodh forbairtí maidir le staidrimh oifigiúla le blianta beaga anuas i slí níos comhordaithe in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ná na cinn a bhaineann le taighde. Bhí ról ceannasaíochta láidir ag an mBord Náisiúnta Staidrimh agus ag an bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) maidir leis sin agus chuir siad treoir ar fáil thar roinnt réimsí éagsúla. Ina theannta sin, bhí an CSO bainteach go díreach le réimsí atá díreach ábhartha le saol leanaí trí roinnt tionscnamh éagsúla, lena n-áirítear tuarascálacha *State of the Nation's Children*, staidéar fadaimseartha atá déanta ar leanaí in Éirinn agus ó thaobh staidrimh a fhoilsiú maidir le saol leanaí.

INFHEISTÍOCHT NÁISIÚNTA I DTAIGHDE LEANAÍ

Tagann forbairtí ar fheabhsú tuisceana ar shaol leanaí trasna ar thaighde agus ar shonraí, agus cé gur cuireadh an-chuid tionscnamh ar bun laistigh de chomhthéacs na hinfheistíochta straitéisí, bonneagair agus airgeadais nach beag arna leagan amach roimhe seo, rannchuidigh an-chuid forbairtí eile lenár mbonn eolais maidir le saol leanaí. In Éirinn, ghlac comhlachtaí reachtúla, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus páirtithe leasmhara eile páirt i gcoimisiúnú, i dtiomsú agus i bhfoilsiú cinntí taighde agus faisnéise staitistiúla maidir le saol leanaí.

Maoiníodh agus rinneadh roinnt staidéar lena mbaineann naisc idirnáisiúnta agus lena gcumasaítear comparáidí le tíortha eile in Éirinn. Is é an Rialtas, mar shampla, a mhaoiníonn Suirbhé an Aontais Eorpaigh maidir le hloncam agus Dálaí Maireachtála (AE-SILC), lena gcuirtear faisnéis ar fáil maidir le hioncam agus bochtaineacht ar fud Bhallstáit an AE, agus is é an CSO a dhéanann é a chur chun feidhme agus a dhéanann tuairisciú ina leith. Maoiníonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (RLGÓ) agus an Roinn Oideachais agus Scileanna mór-staidéir atá inchomparáide go hidirnáisiúnta. Mar shampla, maoiníonn agus maoirsíonn an Roinn Leanaí agus Gnóthaí óige (RLGÓ) Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC), a rinneadh, ó 1998, san Ionad Taighde um Chothú Sláinte ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. I réimse an oideachais, maoinítear Suirbhé an Chláir Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) agus, le déanaí, an Staidéar Idirnáisiúnta um Oideachas Sibhialta agus Saoránachta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna, agus cuirtear chun feidhme iad tríd an bhForas Taighde ar Oideachas, Droim Conrach.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le foinsí sonraí riaracháin agus tionscnaíodh roinnt feabhsúchán suntasach ar bhonn píolótach/geografach nó tá siad i mbun forbartha faoi láthair. Áirítear leo sonraí riaracháin maidir le sláinte leanaí (m.sh. Taifead Sláinte Pearsanta), oideachas (m.sh. an bunachar sonraí um Chúram agus Oideachas Luath-óige) agus sábháilteacht (m.sh. an Córas Faisnéise Náisiúnta um Chúram Leanaí).

I gcaitheamh fhorbairt na straitéise reatha, ba léir go raibh an-chuid eagraíochtaí agus taighdeoirí éagsúla bainteach le cruthú an eolais maidir le saol leanaí. De bharr éagsúlacht spéiseanna agus iolracht páirtithe leasmhara maidir le giniúint an eolais sin, is léir go bhfuil gá meicníocht a fhorbairt chun comhordú agus comhchuibhiú na n-iarrachtaí sin a chinntiú. Is éard a bheadh i gceist le cur chuige dá leithéid úsáid uasta acmhainní teoranta a chinntiú, agus dúbláil iarrachta a laghdú.

CLÁR TAIGHDE NÁISIÚNTA LEANAÍ

Tá an Straitéis Náisiúnta Leanaí, arna foilsiú in 2000 ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, ar cheann de na forbairtí is suntasaí maidir le saol leanaí in Éirinn. Leagtar amach cur chuige tras-Rialtais sa straitéis chun saol leanaí a fheabhsú trí éisteacht, smaointeoireacht agus trí ghníomhú le leanaí agus ar a son i slí chomhordaithe. Laistigh den straitéis, sainaithníodh trí sprioc náisiúnta: cead cainte a thabhairt do leanaí maidir le cúrsaí a chuireann isteach orthu, tuiscint ar a saol a fheabhsú agus tacaíochtaí agus seirbhísí ardcháilíochta a chur ar fáil dóibh. Is éard atá i gceist le foclaíocht bheacht Sprioc 2 na Straitéise Náisiúnta Leanaí '*go mbeidh tuiscint níos fearr ar shaol leanaí; bainfidh a saol tairbhe as measúnú a dhéanfar, as taighde agus eolas a bheith ar fáil faoina riachtanais agus a gcearta agus faoi éifeachtacht seirbhísí*'.

Tá an Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige anois) i mbun cur chun feidhme Sprioc 2 trí Chlár Taighde Náisiúnta Leanaí a fhorbairt agus a fheidhmiú, a bhfuil a chuid cuspóirí ceaptha chun an méid seo a leanas a bhaint amach:

- tuiscint níos comhtháthaithe ar fhorbairt agus ar riachtanais leanaí, i measc na ndaoine siúd atá ag obair le leanaí;
- cur chuige bunaithe ar fhianaise maidir le cinnteoireacht ar gach leibhéal, agus chomh fada le soláthar seirbhíse;
- feabhsúcháin ar choimisiúnú, ar tháirgeadh agus ar scaipeadh an taighde agus na faisnéise;
- feabhsúcháin ar mhonatóireacht agus ar mheasúnú seirbhísí leanaí.

Tuairiscíodh in athbhreithniú déanach ar chur chun feidhme na Straitéise Náisiúnta Leanaí go raibh dul chun cinn 'suntasach' ar chur chun feidhme de Sprioc 2, agus go raibh na gníomhartha go léir a leagadh amach faoi arna gcur chun feidhme i bpáirt nó go hiomlán (An Chomhghuaillíocht um Chearta Leanaí, 2011). I dteannta leis na gníomhartha sin, tionscnaíodh forbairtí breise ós rud é gur tháinig athruithe ar an gClár Taighde Náisiúnta Leanaí de réir a chéile. Cuimsíonn an clár na ceithre phríomhghné, mar seo a leanas:

- clár taighde (maoinithe) coimisiúnaithe;
- clár um fhorbairt acmhainne;
- clár chun an bonneagar a fhorbairt maidir le taighde agus sonraí ar shaol leanaí;
- forbairtí maidir le tarchur eolais faoi shaol leanaí.

Cuirtear achoimre ar na príomhghnéithe i láthair leis seo.

Clár taighde coimisiúnaithe

Tá an clár taighde coimisiúnaithe á riar ag Aonad Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige. Cuirtear bonn taca faoi le tuiscint iomlánaíoch ar shaol leanaí atá leagtha amach laistigh den Straitéis Náisiúnta Leanaí agus tugtar saol gach aon linbh san áireamh, agus fócas faoi leith ar leanaí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Tá sé fíorthábhachtach go dtugann an clár seo tús áite do chead cainte leanaí, cé go n-aithnítear ról na dteaghlach, na bpobal agus na dtacaíochtaí foirmiúla ina saol. Ó tionscnaíodh é, maoiníodh 31 staidéar ag díriú ar réimsí éagsúla de shaol leanaí faoin gclár. Áirítear leis sin staidéir faoi sheirbhísí agus faoi thacaíochtaí do leanaí (m.sh. daoine óga faoi choimeád; eispéiris leanaí maidir leis na seirbhísí cosanta leanaí); a gcaidrimh lena dteaghlaigh (m.sh. cúramóirí óga; tuairimí leanaí agus tuismitheoirí maidir le haraíonacht tuismitheoirí) agus a dtorthaí (m.sh. a dtuiscint ar fholláine). Tugtar liosta iomlán de na staidéir sin in Aguisín 1 agus tá tuarascálacha aonair ar fáil ag www.childrensdatabase.ie nó trí 'fhoilseacháin' ar láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (www.dcya.ie).

Is é an **staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí *Growing up in Ireland*** an staidéar is mó atá coimisiúnaithe faoin gclár lena ndéantar dul chun cinn tuairim is 8,500 leanbh atá 9 mbliana d'aois agus tuairim is 11,000 leanbh atá 9 mí d'aois a leanúint. Is é príomhaidhm an staidéir faisnéis a chur ar fáil maidir leis an gcaoi a bhfuil leanaí in Éirinn ag fás agus ag forbairt sa timpeallacht shóisialta, eacnamaíoch agus chultúrtha. Tá an fhaisnéis sin á húsáid chun cuidiú le ceapadh beartais agus soláthar seirbhísí, agus cuideoidh sí lena chinntiú go mbeidh an saol is fearr ar bith ag leanaí ag tosú amach dóibh.

Maoinítear an staidéar tríd an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, i gcomhar leis an Roinn Coimirce Sóisialaí agus leis an bPríomh-Oifig Staidrimh, ar chostas €29 milliún le haghaidh na chéad 7 mbliana. Rinne cuibhreannas taighdeoirí faoi stiúir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) agus Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, an chéad chéim den staidéar a thabhairt chun críche. Cinnteofar go mbainfear úsáid uasta as sonraí an staidéir sin agus beidh sé sin ina ghné thábhachtach den fhorbairt straitéiseach sin.

Is í an fhorbairt is déanaí ar an gclár sin comhpháirtíocht leis an gComhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), a bhfuil taighde ábhartha do bheartas sna réimsí maidir le cosaint leanaí agus rannpháirtíocht i gcinnteoireacht coimisiúnaithe trína Thionscnamh um Fhorbairt Taighde. Ina theannta sin, tionóladh trí scoil samhraidh faoin scéim sin ag cur úsáid mhéadaithe na sealúchas sonraí atá ann cheana chun cinn.

Clár um fhorbairt acmhainne

Scríobhadh an-chuid faoin ngá acmhainn a fhorbairt agus cloí le dea-chleachtais agus taighde á dhéanamh ar shaol leanaí. Tá clár um fhorbairt acmhainne faoi lánseol ó 2001 agus áirítear leis tacaíocht maidir leis an méid seo a leanas:

- **Clár Scoláireachta um Thaighde Náisiúnta Leanaí**, agus 40 scoláireacht Máistreachta/PhD dáfa go dtí seo. Tá liosta de na staidéir a fhaigheann tacaíocht faoin gclár seo in Aguisín 2.
- **Clár Socrúcháin um Thaighde Náisiúnta Leanaí**, agus 17 socrúchán arna ndámhadh agus óstáilte ag an Aonad Taighde go dtí seo. Bhí iarrthóirí rathúla ag tabhairt chun críche a gcuid Máistreachtaí/PhD nó thug siad céim Mháistreachta chun críche agus tá siad ag smaoineamh ar ghairm bheatha i gcúrsaí taighde.
- **Maoiniú chun tacú leis an gClár PhD i dTaighde Leanaí agus Óige**, arna óstáil i gcomhpháirt ag Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Clár chun an bonneagar a fhorbairt maidir le taighde agus sonraí ar shaol leanaí

Tá bonneagar taighde agus sonraí á fhorbairt ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige maidir le saol leanaí agus tá obair á déanamh aici le soláthraithe sonraí chun sonraí ábhartha a fhorbairt agus a fheabhsú. Gné thábhachtach den obair sin a bhí i bhforbairt sraith náisiúnta táscairí folláine leanaí ag Hanafin agus Brooks in 2005 agus foilsiú débhliantúil na tuarascála ***State of the Nation's Children***, a cuireadh ar bun in 2006, ina dhiaidh sin. Tiomsaítear sonraí sa tuarascáil seo, arna tiomsú ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige i gcomhar leis an CSO agus leis an Ionad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ Gaillimh, ó thuairim agus 48 réimse táscaire de shaol leanaí (lena n-áirítear torthaí, caidrimh, seirbhísí agus tacaíochtaí leanaí) agus baintear leas as 22 foinse sonraí éagsúla.

Is é seo a leanas príomhchuspóir na tuarascála:

- folláine leanaí in Éirinn a rianú;
- athruithe a leanúint de réir a chéile;
- tagarmharcáil a dhéanamh ar dhul chun cinn in Éirinn i gcomparáid le tíortha eile;
- aird a tharraingt ar shaincheisteanna beartais a thagann chun cinn.

Go dtí seo, cuireadh feabhsuithe ar shonraí i láthair i ngach tuarascáil de chuid *State of the Nation's Children* agus sa tuarascáil is déanaí in 2010, soláthraíodh faisnéis a forbraíodh le déanaí faoi thorthaí a bhaineann le cothú leanaí, caighdeán chúram agus oideachas na luath-óige, agus míchumas leanaí (OALGÓ, 2010).

Aistriú eolais maidir le saol leanaí

Agus an Clár Taighde Náisiúnta Leanaí á chur i ngníomh, leagtar béim ar fhaisnéis faoi shaol leanaí a scaipeadh go gníomhach. Fad agus a dhéantar na staidéir faoin gclár a chur chun cinn agus a scaipeadh, tá cur chuige níos straitéisí ar bun freisin trí bhunachar sonraí maidir le taighde ar leanaí a fhorbairt.

Is é atá sa bhunachar seo, atá ar fáil ag **www.childrensdatabase.ie** ná tairseach Gréasáin ina dtugtar rochtain ar thaighde agus ar shonraí faoi leanaí do roinnt páirtithe leasmhara, lena n-áirítear, lucht déanta beartas, ranna Rialtais, lucht acadúil, eagraíochtaí deonacha agus an pobal i gcoitinne, i measc daoine eile. Cuimsítear ann roinnt gnéithe éagsúla, mar shampla doiciméid bheartais de chuid Rialtas na hÉireann, bailiúchán de bhunachair shonraí, leabharlanna speisialtóireachta, acmhainní Éireannacha, Eorpacha agus idirnáisiúnta agus tuarascálacha *State of the Nation's Children*. In 2010, cuireadh ceithre bhailiúchán nua leis an mbunachar sonraí, a bhaineann leis an méid seo a leanas:

- leanaí faoi choinneáil (a chuir an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí ar fáil);
- litríocht a bhaineann le cosaint leanaí (a chuir an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí ar fáil);
- obair idirghníomhaireachta (a chuir an Bord Comhairleach um Achtanna na Leanaí ar fáil);
- litríocht faoi shláinte leanaí a bhfuil piarmheasúnú déanta uirthi, a forbraíodh mar chuid de chomhthionscnamh idir OALGÓ agus an Bord Taighde Sláinte (McCarthy agus Foran, 2010).

Déantar athbhreithniú leanúnach ar an tairseach Gréasáin sin agus beidh forbairt bhreise ar an gcóras mar ghné thábhachtach den straitéis atá ann faoi láthair.

I measc na bhforbairtí eile sa réimse seo, foilsíodh Nótaí Mionteagaisc Taighde ríthábhachtacha ó staidéir mhaoinithe, lena n-áirítear tráchtais Mháistreachta agus PhDanna, agus reáchtáladh seimineáir faoi ghnéithe éagsúla den chlár foriomlán.

CLÁR LUATH-IDIRGHABHÁLA

Anuas ar na forbairtí thuas, tá clár atá cómhaoinithe ag an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus ag The Atlantic Philanthropies ar bun ar mhaithe le tionscnaimh phobail chuimsitheacha a fhorbairt ina mbaintear úsáid as modhanna nuálacha chun torthaí a fheabhsú do leanaí agus dá dteaghlaigh. Is é atá sa Chlár Luath-Idirghabhála, ag a bhfuil maoiniú iomlán €36 milliún, ná trí réimse tionscadail atá pobalbhunaithe:

- Childhood Development Initiative – A Place for Children in Tallaght West;
- Preparing for life (Pobail Thuaisceart Bhaile Átha Cliath Belcamp, Dharndál agus Radharc an Mhóta);
- Youngballymun.

Is é a bhíonn i gceist le cur chun feidhme seirbhísí maidir leis na trí thionscadal sin ná bearta a dhéanann raon soláthraithe seirbhíse i gcomhar lena bpobail áitiúla, lena n-áirítear raon gníomhaireachtaí reachtúla agus neamhreachtúla a bhíonn i mbun oibre thar earnálacha éagsúla agus a chomhoibríonn maidir le dearadh seirbhísí agus seachadadh idirghníomhaireachta araon.

Tá an tsamhail is bun leis an gclár seo bunaithe ar fhianaise ar riachtanais sa phobal agus ar chur chuige bunaithe ar fhianaise maidir leis na nithe a n-éiríonn leo. Príomhghné den chlár is ea monatóireacht agus measúnú cuimsitheach agus láidir a dhéanamh ar thorthaí na ngníomhaíochtaí a rinneadh agus foghlaim ó na láithreacha éagsúla. Is é atá i gceist leis an meastóireacht seo ná próiseas feabhsaithe leanúnaigh a chur chun cinn agus cabhraíonn sí le measúnú a dhéanamh féachaint cad iad na hidirghabhálacha a n-éiríonn leo agus cá háit ar féidir an leas is fearr a bhaint astu ó thaobh soláthar seirbhísí a fheabhsú nó beartas nua a fhorbairt. Tá sé i gceist freisin go mbeidh sí mar threoir chun seirbhísí reatha a athdhíriú más léir ón bhfianaise gur chóir é sin a dhéanamh.

ACHOIMRE

Mar achoimre, tá infheistíocht shuntasach náisiúnta agus idirnáisiúnta á déanamh i gcruthú agus in aistriú eolais le deich mbliana anuas chun feabhas a chur ar shaol saoránach agus bíonn tionchar aige sin ar ár mbonn eolais maidir le saol leanaí. Bhí baint ag páirtithe leasmhara éagsúla leis na forbairtí sin, lena n-áirítear eagraíochtaí reachtúla agus neamhreachtúla, agus cuireadh a bhfuil i gceist le saol leanaí san áireamh. Tríd an gClár Taighde Náisiúnta Leanaí, a soláthraíodh trí Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá anois ann), tá fócas náisiúnta agus lárnach ar thaighde maidir le leanaí á chur ar fáil ó foilsíodh an Straitéis Náisiúnta Leanaí in 2000. Mar chuid den chlár bhí clár taighde coimisiúnaithe, clár um fhorbairt acmhainne, forbairt bonneagair agus taighde agus taighde agus sonraí a bhaineann le saol leanaí a scaipeadh go gníomhach. Ina theannta sin, tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige agus The Atlantic Philanthropies tar éis cómhaoiniú a chur ar fáil chun go gcruthófar bonn fianaise a bhaineann le luath-idirghabháil i saol leanaí.

In ainneoin na bhforbairtí sin, tá easpa tuisceana againn fós ar roinnt gnéithe de shaol leanaí. Cuireann an cur chuige straitéiseach seo le tionscnaimh roimhe seo agus cabhróidh sí le forbairt leanúnach ár n-eolais ar shaol leanaí a chinntiú trí chur chuige córasach, comhchuibhithe agus comhordaithe a chur i bhfeidhm.

2. FORBAIRT NA STRAITÉISE NÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS SONRAÍ MAIDIR LE SAOL LEANAÍ

Glacadh cur chuige comhairleach agus comhpháirtíochta ag gach céim d'fhorbairt na straitéise seo, ó comhthiomsaíodh an fhianaise go dtí gur sainaithníodh na tosaíochtaí agus gur comhaontaíodh na gníomhartha atá le glacadh. Ba é Grúpa Stiúrtha tras-rannach agus ilearnála faoi chathaoirleacht Ard-Stiúrthóir Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige, mar a bhí (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige atá anois ann), a rinne maoirseacht ar an bhforbairt. I measc bhaill an Ghrúpa Stiúrtha, bhí ionadaithe ó na Ranna Oideachais agus Scileanna, Coimirce Sóisialaí, Sláinte, Dlí agus Cirt agus Comhionannais, ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, mar aon le saineolaithe ó The Atlantic Philanthropies agus ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (*féach Aguisín 9*).

Mar a luadh níos luaithe, ag tús an phróisis cinnteoireachta seo, bhí sé beartaithe díriú ar straitéis sonraí a fhorbairt atá cosúil leis na cinn a d'fhorbair ranna Rialtais eile. Tháinig sé chun solais, áfach, go raibh gá le cur chuige níos cuimsithí ina gcuirfí taighde san áireamh freisin, agus ar an gcúis sin, rinneadh cinneadh go ndéanfaí taighde agus sonraí araon a bhreithniú san fhorbairt seo. Mar sin féin, bhí roinnt dúshlán i gceist leis sin, lena n-áirítear:

- an gá le saol uile leanaí a chur san áireamh, lena n-áirítear sláinte choirp agus mheabhrach, foghlaim ghníomhach, sábháilteacht, slándáil eacnamaíoch, a bheith mar chuid de líonraí dearfacha agus páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí;
- nach bhfuil stór lárnach taighde agus sonraí ann a d'fhéadfaí a scrúdú féachaint an bhfuil faisnéis maidir le réimsí ar leith de shaol leanaí ar fáil nó in easnamh;
- an iliomad cisteoirí, soláthraithe, anailíseoirí, foilsitheoirí agus úsáideoirí taighde agus sonraí;
- nach bhfuil daoine ar aon tuairim faoi conas na bearnaí taighde agus sonraí a gcaithfear aghaidh a thabhairt orthu a chur in ord tosaíochta.

Nuair a scrúdaíodh straitéisí sonraí eile ó Éirinn agus ó thíortha eile léiríodh cé chomh fairsing agus atá an fhorbairt atá beartaithe. Go deimhin, níor sainaithníodh ach straitéis taighde agus sonraí amháin inar cuireadh an dá ghné san áireamh agus inar díríodh ar shaol iomlán leanaí (Australian Bureau of Statistics, 2005). Ina theannta sin, nuair a scrúdaíodh an litríocht, ba léir nár thángthas ar chomhaontú fós maidir leis an gcleachtas is fearr ó thaobh cur chuige straitéiseach i leith taighde agus sonraí a fhorbairt. Tá machnamh áirithe déanta ar ghné amháin, áfach, eadhon, tosaíochtaí taighde a shainaithint, agus glacadh cineálacha éagsúla cur chuige lena n-áirítear staidéar Delphi a úsáid (McKenna *et al*, 2010; Hanafin and Brooks, 2005); measúnú bibleagrafach agus measúnachtaí cáilíochtúla (Grupp *et al*, 2009); cur chuige teibithe bunaithe ar ualach na faidhbe agus ar infhuascailte na gceisteanna (Child Health and Nutrition Research Initiative, 2008); cuardach agus anailís shistéamach ar ábhair agus ar chineálacha taighde (Stevens *et al*, 2007); téamaí coiteanna a shainaithint a thagann chun solais i saothar na ndaoine a bhfuil baint acu leis an réimse (Courtney, 2000); agus iniúchadh a dhéanamh ar a mhéid atá taighde ar fáil maidir le hábhair ar leith (Share and Kerrins, 2009). D'fhoilsigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte seicliosta maidir le tosaíochtaí a shocrú le haghaidh taighde sláinte i mí na Nollag 2010. (Viergever *et al*, 2010). Aithníodh 9 théama choiteanna sa seicliosta a bhaineann le dea-chleachtas sa réimse sin, is iad sin: comhthéacs, cuimsitheacht, comhpháirteachas, bailiú faisnéise, pleanáil maidir le cur chun feidhme, critéir, tosaíochtaí a chinneadh, measúnú agus trédhearcacht.

Cé go raibh an chuid is mó den obair ullmhúcháin maidir le forbairt na Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí déanta cheana féin faoi 2010, cuireadh na critéir sin san áireamh tríd is tríd. Ina theannta sin, bhí an straitéis bunaithe ar riachtanais an bheartais náisiúnta, ar fhorbairtí teoiriciúla agus ar threoir eile a bhaineann le saol leanaí, agus ar réimse leathan ionchur atá leagtha amach thíos. Mar chuid den treoir don straitéis, úsáideadh *Treoirlínte Dea-Chleachtais* an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (2004) chun straitéis sonraí a fhorbairt, inar gné lárnach é maoirseacht chuí a dhéanamh ar fhorbairt straitéise sonraí (*féach Aguisín 8*).

Chomh maith leis sin, fuarthas eolas ó thuiscintí teoiriciúla ar aois an linbh, agus ó bheartas agus ó chleachtas a bhaineann le saol leanaí chun an straitéis a fhorbairt. Bhí na tuiscintí teoiriciúla bunaithe ar shaothair Bronfenbrenner (1979), Bronfenbrenner agus Morris (1998) agus Lerner (1998), i measc daoine eile. A bhuí leis an méid sin, bhíothas in ann béim a

leagan ar chomhthéacsanna idirnasctha, ar ghnéithe agus ar chaidrimh a mbíonn tionchar acu ar leanaí, agus ag an am céanna na tacaíochtaí neasacha agus cianda neamhfhoirmiúla agus foirmiúla a theastaíonn ó leanaí ionas gur féidir leo an gealladh iomlán atá iontu a fhíorú a dhéanamh sainráite. Aithnítear go sainráite freisin sna tuiscintí sin go mbíonn tionchar ag leanaí agus ag daoine óga ar an gcomhthéacs ina bhfuil siad (chomh maith le tionchar a bheith ag an gcomhthéacs sin orthu). De réir na tuisceana sin, tá tábhacht ag baint le dearcadh na saolré toisc go n-aithnítear na bealaí a bhíonn á dtriall ag daoine sa saol, an chaoi a dtéann tionchair sheachtracha i bhfeidhm ar dhaoine agus daoine aonair mar ghníomhaithe i saol an duine féin. I measc na bpríomhchoincheap a bhaineann leis an gcur chuige seo tá bealaí tríd an saol, aistrithe, amanna cinniúna, tionchair chultúrtha agus chomhthéacsúla, tráthúlacht i saol leanaí, saoil nasctha agus straitéisí oiriúnaitheacha (Wetheringhton, 2005).

TORTHAÍ LEANAÍ

Bhí forbairt straitéiseach roimhe seo a bhaineann le saol leanaí bunaithe ar theoiricí freisin agus nuair a d'fhoilsigh an Roinn Sláinte agus Leanaí an**Straitéis Náisiúnta Leanaí** in 2000, cuireadh coincheapa teoiriciúla ríthábhachtacha ó thaobh 'an linbh iomláin' i bhfeidhm. Tharraing an dearcadh sin aird ar an leanbh gníomhach atá i mbun forbartha, ar leanaí mar ghníomhaithe, ar thacaíochtaí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla, agus ar na caidrimh i saol leanaí. Ina theannta sin, cuireadh 9 ngné d'fhorbairt leanaí i láthair. Measadh gurbh é a bhí iontu ná léiriú ar shraith réimsí a bhfuil baint acu le chéile ach atá measartha scoite a mbíonn torthaí á mbaint amach ag leanaí ina dtaobh ag céimeanna éagsúla na forbartha. Sainíodh gurbh iad na gnéithe ná folláine choirp agus mheabhrach, cumas intleachta, folláine mhothúchánach agus iompraíochta, caidreamh teaghlaigh, féinchúram, caidreamh sóisialta agus piaraí, cur i láthair sóisialta, folláine spioradálta agus mhorálta, agus féiniúlacht.

Tá béim á leagan ar thorthaí leanaí i mbeartas leanaí ó shin i leith agus cuireadh torthaí ar sheirbhísí náisiúnta leanaí in iúl agus leagadh amach go sainráite iad sa doiciméad ***An Clár Oibre do Sheirbhísí Leanaí***, a d'fhoilsigh Oifig an Aire Leanaí in 2007. Sa lámhleabhar beartais seo ainmnítear 7 dtoradh ar sheirbhísí náisiúnta leanaí atá le baint amach, eadhon, go mbeadh leanaí sláintiúil, go fisiceach agus go meabhrach; go mbeadh tacaíocht acu i bhfoghlaim ghníomhach; go mbeidís slán ó dhochar d'aon ghnó nó de thaisme, go mbeidís slán sa gharthimpeallacht fhisiceach agus sa timpeallacht fhisiceach níos leithne; go mbeidís slán ar bhonn eacnamaíoch; go mbeidís mar chuid de líonraí dearfacha teaghlaigh, cairde, comharsana agus pobail, agus go gcuimseofaí iad sa tsochaí agus go mbeidís rannpháirteach sa tsochaí. Roinntear na torthaí i dtorthaí gníomhacha, torthaí bunaithe ar láidreachtaí agus torthaí dearfacha. Bíonn forluí go minic idir na 7 dtoradh sin *sa Chlár* agus na 9 ngné d'fhorbairt leanaí mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Leanaí. Ós rud é go bhfuil torthaí leanaí ríthábhachtach chun tuiscint a thabhairt dúinn ar shaol leanaí de réir beartais agus de réir na litríochta a bhfuil piarmheasúnú déanta uirthi, leagtar béim ar an réimse seo sa straitéis reatha dá bhrí sin.

Tá an machnamh is déanaí ata déanta ar an réimse seo i mBeartas Náisiúnta na hÉireann le fáil sna torthaí a chuirtear in iúl *sa Chlár* agus dá bhrí sin cuireadh i bhfeidhm iad, nuair a bhí an straitéis reatha á forbairt, agus dhá athrú orthu. Ba iad na hathruithe sin ná:

- Ar an gcéad dul síos, le linn an phróisis chun na bearnaí taighde agus sonraí, na riachtanais agus na tosaíochtaí a aithint, aithníodh go raibh forluí mór idir an dá réimse seo a leanas '*slándáil sa gharthimpeallacht fhisiceach agus sa timpeallacht fhisiceach níos leithne*' agus '*a bheith slán ó dhochar d'aon ghnó nó de thaisme*'. Ar an ábhar sin, cuireadh an dá réimse torthaí sin le chéile i réimse amháin dar teideal 'sábháilteacht'.
- Ar an dara dul síos, fuarthas amach go raibh forluí idir an dá choincheap agus cur i bhfeidhm na gcoincheap seo a leanas '*a bheith mar chuid de líonraí dearfacha*' agus '*a bheith cuimsithe agus rannpháirteach sa tsochaí*'. Chun críche na straitéise reatha, cuireadh na réimsí sin le chéile i réimse torthaí amháin sa chás seo freisin.

Dá bhrí sin, cinneadh gurb iad na cúig réimse torthaí de shaol leanaí is mó a fheileann don straitéis forbartha agus sonraí seo ná go mbeidh leanaí:

- sláintiúil, go fisiceach agus go meabhrach;
- ag fáil tacaíochta i bhfoghlaim ghníomhach;
- slán ó dhochar d'aon ghnó agus de thaisme, agus slán sa gharthimpeallacht fhisiceach agus sa timpeallacht fhisiceach níos leithne;
- slán ar bhonn eacnamaíoch;
- mar chuid de líonraí dearfacha teaghlaigh, cairde, comharsan agus pobail, agus cuimsithe agus rannpháirteach sa tsochaí.

Ar fud gach réimse torthaí, breithníodh saincheisteanna coiteanna a bhaineann le saintréithe déimeagrafacha agus le saintréithe eile tuismitheoirí agus teaghlaigh, le haistrithe tábhachtacha tríd an saolré agus ag pointí idirghníomhaithe le seirbhísí agus tacaíochtaí, agus ag conairí agus amanna cinniúna chomh maith. A bhuí leis sin, bhíothas in ann cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir le forbairt na straitéise seo.

Mar achoimre, is de réir trí réimse lárnacha a forbraíodh an straitéis reatha, eadhon: príomhghnéithe atá sna treoirlínte maidir le forbairt straitéiseach sa réimse seo, tuiscintí teoiriciúla ar shaol leanaí agus riachtanais bheartais. Cé gur baineadh leas as gnéithe éagsúla ag tráthanna éagsúla, nuair a cuireadh le chéile iad, bhíothas in ann leas a bhaint as cur chuige iomlánaíoch agus cuimsitheach maidir le bearnaí taighde agus sonraí a bhaineann le saol leanaí a aithint agus, thairis sin, bhíothas in ann gníomhartha a shainaithint a líonfadh na bearnaí sin.

PRÓISEAS FORBARTHA

I bhFigiúr 1 faightear léargas ar an bpróiseas forbartha foriomlán, a tharla, mar atá léirithe, laistigh de phróiseas ilghnéitheach agus atriallach, a bhí bunaithe ar na nithe seo a leanas:

- **Athbhreithniú ar an litríocht**, inar aithníodh saincheisteanna tábhachtacha chun go dtabharfaí aird orthu nuair a bheadh straitéis sonraí á forbairt (Gavin *et al*, 2011). I measc na saincheisteanna sin bhí dúshláin maidir le córais sonraí a bhainistiú (m.sh. doiciméadú, cáilíocht sonraí); comhtháthú sonraí (stórtha sonraí, aitheantóirí uathúla, saincheisteanna dlí); saincheisteanna cosanta sonraí, lena n-áirítear samplaí idirnáisiúnta; saincheisteanna eiticiúla; agus samplaí de straitéisí sonraí in áiteanna eile. Tháinig saincheisteanna den chineál céanna chun cinn freisin sna torthaí ar an bpróiseas comhairliúcháin, mar atá leagtha amach i gCaibidil 4.
- **Cás-staidéir trasnáisiúnta**, inar tuairiscíodh faoi na tionscadail seo a leanas: tionscadal HELP, Ceanada; ContactPoint, an Ríocht Aontaithe; Taifead Sláinte Pearsanta, Éire; SOTKAnet, an Fhionlainn, agus Statistics Sweden (Clerkin *et al*, 2011).
- **Athbhreithniú ar straitéisí taighde agus sonraí reatha**, ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta, a rinneadh chun na príomhcheisteanna a thagann chun cinn iontu a aithint.

Cuireadh an chéad dá cheann de na tuarascálacha sin ar fáil d'Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige (OALGÓ) in 2008 (a foilsíodh ar líne ag www.dcya.ie) agus chuir foireann taighde OALGÓ an tríú ceann i gcrích in 2008-2009. Sna doiciméid sin cuireadh faisnéis chúlra ar fáil faoi na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith ann agus faoi mheicníochtaí chun sonraí a bhaineann le saol leanaí a fheabhsú.

Ansin cuireadh an cur chuige seo a leanas maidir le próiseas forbartha na straitéise i gcrích a bhfuil cur síos thíos ar gach céim de:

- **bearnaí a shainaithint**, nó bearnaí a mheastar a bheith ann a shainaithint, maidir le heolas ar shaol leanaí;
- **próiseas anailíseach** ina ndearnadh na bearnaí a aithníodh a mhapáil i gcoinne faisnéise is eol a bheith ar fáil agus ar forbraíodh an chéad dréacht de ghníomhartha molta mar thoradh air;
- **próiseas comhairliúcháin atriallach** inar cuireadh bearnaí san áireamh agus inar sainaithníodh meicníochtaí trína bhféadfaí na bearnaí sin a líonadh;
- **sraith díospóireachtaí déthaobhacha** le páirtithe leasmhara d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir le gníomhartha a bheidh le glacadh agus le próisis feidhmithe.

Figiúr 1: Próiseas forbartha na straitéise sonraí



BEARNAÍ FÉIDEARTHA A AITHINT

Ba é a bhí i gceist leis sin ná faisnéis a bhailiú ar bhonn córasach ó roinnt foinsí éagsúla. Ba iad na príomhionchuir a rinneadh sa phróiseas ná (1) athbhreithniú ar mholtaí sa bheartas náisiúnta (2000-2008) agus (2) próiseas comhairliúcháin. Rinneadh anailís ar na hionchuir sin ansin chun bearnaí a d'fhéadfadh a bheith sna sonraí a aithint.

Athbhreithniú ar mholtaí sa bheartas náisiúnta

Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar dhoiciméid bheartais a bhféadfadh baint a bheith acu le forbairt straitéise taighde agus sonraí maidir le saol leanaí a chur i gcrích ag deireadh na bliana 2008. Le linn an athbhreithnithe sin, aithníodh 1,887 moladh ábhartha ar leith ar an iomlán ó 49 doiciméad beartais a foilsíodh le linn na tréimhse sin, agus cuireadh doiciméid bheartais náisiúnta a foilsíodh le linn 2000-2008 san áireamh (*féach Aguisín 3*). Cuireadh moltaí ar leith a bhaineann le taighde agus sonraí maidir le saol leanaí i gcatagóirí de réir téama, cineál gníomhartha agus na tréimhse sa tsaolré. Cuireadh thart ar cheathrú de na moltaí i gcatagóirí mar mholtaí a bhaineann den chuid is mó le 'taighde' agus le 'sonraí', agus catagóirí eile dírithe ar cheisteanna amhail soláthar seirbhíse, oiliúint agus cur i bhfeidhm clár. Bhí sé ríthábhachtach na riachtanais sonraí a thig as soláthar seirbhísí a aithint chun a chinntiú go bhféadfaí gníomhartha iomchuí sa réimse seo a chomhoiriúnú de réir na faisnéise atá de dhíth chun monatóireacht agus meastóireacht ar na seirbhísí a fheabhsú.

Foilsíodh líon beag doiciméad beartais ó 2008 i leith, lena n-áirítear, mar shampla, an clár reatha don Rialtas (Roinn an Taoisigh, 2011) agus straitéis litearthachta agus uimhearthachta do leanaí agus do dhaoine óga (An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2011). Níorbh fhéidir na moltaí a thig astu a chur san áireamh sa phróiseas córasach a cuireadh i gcrích chun bearnaí a aithint de bharr na hamlíne a bhí i gceist. Mar sin féin, maidir le riachtanais sonraí agus taighde i dtionscnaimh bheartais agus seirbhíse a cuireadh i gcrích le déanaí, cuireadh san áireamh sa straitéis reatha agus ina Plean Gníomhaíochta iad tríd is tríd (*féach Caibidil 5*) trí dhul i gcomhairle go leanúnach le príomhphearsanra beartais agus cleachtais nuair a bhí an straitéis á forbairt.

Comhairliúcháin

Bhí dhá shraith sa phróiseas comhairliúcháin. Ar an gcéad dul síos, chun a chinntiú go gcuirfí tuairimí leanaí san áireamh le linn fhorbairt na straitéise, reáchtáladh ceardlann chomhairliúcháin le Fóram Leanaí agus Daoine Óga OALGÓ in 2008. Ar an dara dul síos, i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin na bliana 2009, reáchtáladh comhairliúchán struchtúrach maidir le riachtanais agus infhaighteacht sonraí agus taighde. Cuireadh an comhairliúchán i gcrích trí mheán ceistneora ar líne, a cuireadh ar fáil don phobal agus ar cuireadh liosta postála spriocdhírithe ina riabh 1,000 eagraíocht ar an eolas faoi. Dearadh an ceistneoir a úsáideadh sa chomhairliúchán (*féach Aguisín 4*) chun go bhfaighfí tuairimí úsáideoirí agus táirgeoirí an taighde agus na sonraí maidir le saol leanaí agus tugadh aghaidh ar na saincheisteanna seo a leanas;

- topaicí tosaíochta do na 10 mbliana atá romhainn;
- úsáid agus táirgeadh reatha sonraí faoi shaol leanaí;
- saincheisteanna a bhaineann le cáilíocht agus infhaighteacht sonraí agus rochtain ar shonraí;
- beartais agus straitéisí maidir le scaipeadh;
- forbairtí beartaithe maidir le sonraí faoi shaol leanaí;

Ar an iomlán, fuarthas 196 freagairt ar an gceistneoir agus bhí raon leathan leasanna agus earnálacha i gceist leo, lena n-áirítear soláthraithe seirbhíse, lucht acadúil/taighdeoirí, eagraíochtaí Rialtais agus neamhrialtasacha (*féach Aguisín 5*). Tá tuarascáil mhionsonraithe ar na torthaí ón dá chomhairliúchán foilsithe ar líne ag www.dcya.ie (RLGÓ, 2011).

Anailís ar ionchuir

Cuireadh anailís ar na moltaí beartais agus ar na freagairtí a tugadh ar an bpróiseas comhairliúcháin i gcrích i dtrí chéim:

- Rinneadh iniúchadh ar mholtaí beartais a sainíodh mar mholtaí a bhaineann le 'taighde' agus 'sonraí' agus tugadh cuntais ar riachtanais lena mbaineann na moltaí sin. Rinneadh iad a dheighilt in dhá liosta, liosta amháin a bhain le hinneachar agus liosta eile a bhain le próisis taighde agus sonraí.
- Rinneadh iniúchadh ar mholtaí taighde eile chun aon riachtanais bhreise taighde nó sonraí a tháinig chun cinn a aithint, agus cuireadh iad leis na liostaí atá luaite thuas.
- Rinneadh iniúchadh ar na freagairtí a tugadh ar an gcomhairliúchán chun go n-aithneofaí aon riachtanais bhreise sonraí nó taighde a tháinig chun cinn nár aithníodh roimhe sin san athbhreithniú ar bheartas. Úsáideadh an t-ionchur seo chun forbairt bhreise a dhéanamh ar na liostaí de riachtanais taighde agus beartais, go háirithe maidir le próisis sonraí.

ANAILÍS AR BHEARNAÍ EOLAIS AGUS AR INFHAIGHTEACHT EOLAIS

Ina dhiaidh sin, rinneadh na riachtanais faisnéise a aithníodh tríd an anailís ar bheartas agus trí na freagairtí ar an gcomhairliúchán (*féach thuas*) a mhapáil i gcoinne sonraí faoi shaol leanaí is eol a bheith ann. Aithníodh na sonraí sin trí fhardal ar fhoinsí sonraí a chur le chéile, ina bhfuil athróga ó na tacair sonraí riaracháin agus ó na tacair sonraí atá bunaithe ar shuirbhéanna. Roghnaíodh foinsí sonraí lena n-áireamh bunaithe ar na critéir seo a leanas:

- bhí sonraí iontu a bhaineann le leanaí agus lena dteaghlaigh, nó le seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí agus dá dteaghlaigh;
- bhíothas ag súil go ndéanfaí iad a nuashonrú ar bhonn leanúnach nó rialta.

Níor cuireadh foinsí sonraí atá á bhforbairt faoi láthair agus foinsí sonraí aonuaire ar áireamh san fhardal. Cuireadh 116 foinse sonraí ar an iomlán ar áireamh san fhardal, as ar eascair 11,000 athróg ar leith ar an iomlán. Tá an liosta iomlán de na foinsí sonraí sin ar fáil in Aguisín 6.

Rinneadh fardal na bhfoinsí sonraí a chuardach ar bhonn córasach ansin chun míreanna a aithint a d'fhéadfadh freastal ar gach riachtanas taighde nó sonraí a cuireadh in iúl. I roinnt cásanna, ba léir nach raibh aon easnamh faisnéise ann agus níor beartaíodh aon ghníomh dá bhrí sin. Sa chás go raibh faisnéis ann ach gur chosúil nach raibh eolas ná tuiscint ag go leor daoine air, dréachtaíodh gníomh beartaithe maidir le scaipeadh nó feasacht a spreagadh. I gcásanna eile, ina raibh easnamh suntasach sonraí ann, beartaíodh gníomhartha molta chun freastal ar an riachtanas sin. Ba é an chéad chineál gnímh a breithníodh ná cur le foinse a bhí ann cheana nó í a fhorbairt agus níor breithníodh sonraí nua ach i gcásanna nach bhféadfaí é sin a dhéanamh.

Mar thoradh ar an bpróiseas sin, dréachtaíodh thart ar 900 gníomh féideartha chun faisnéis maidir le saol leanaí a fhorbairt agus a fheabhsú. Rinneadh athbhreithniú ar na gníomhartha féideartha sin ansin trí phróiseas comhairliúcháin (*féach thíos*).

COMHAIRLIÚCHÁN MAIDIR LE DRÉACHTGHNÍOMHARTHA

Bhí trí aidhm leis an bpróiseas comhairliúcháin maidir le dréachtghníomhartha:

- gníomhartha a aithint b'fhéidir a raibh aghaidh tugtha orthu, nó aghaidh tugtha orthu go páirteach i dtionscnaimh reatha. Bhí an-tábhacht ag baint leis an méid sin i réimse an taighde toisc nach raibh aon fhardal le haghaidh taighde ann ar nós an fhardail ar fhoinsí sonraí chun eolas a chur ar fáil don anailís ar bhearnaí eolais;
- chun soiléiriú a dhéanamh i dtaobh cad iad na gníomhartha a aithníodh a bhí ina dtosaíochtaí reatha maidir le beartas agus cleachtas;
- fáil amach an raibh aon réimsí nua ag teacht chun cinn nár aithníodh roimhe sin.

Ba i bhfoirm dhá cheardlann saineolaithe a bhí an chéad chéim den chomhairliúchán seo, ceardlanna a bhí dírithe ar an tsláinte agus ar an oideachas faoi seach. Saineolaithe ón dá earnáil a fuarthas ó phobail ríthábhachtacha beartais, seirbhíse agus taighde a bhí i rannpháirtithe na gceardlann. Sular fhreastail siad ar na ceardlanna, iarradh ar na rannpháirtithe na gníomhartha a aithint a mheas siad gur chóir tús áite a thabhairt dóibh. Rinneadh anailís ar na torthaí ansin agus úsáideadh iad mar threoir le haghaidh na ndíospóireachtaí le linn na gceardlann. Ba é a bhí sa dara céim den chomhairliúchán ná sraith comhairliúchán déthaobhach le saineolaithe ar an ábhar a bhí á phlé, saineolaithe a fuarthas ó phobail bheartais, seirbhíse agus taighde sa chás seo freisin. Ceardlanna duine le duine a bhí i gcuid acu agus reáchtáladh cuid acu trí chomhfhreagras. Sa chás seo freisin, rinneadh taifeadadh córasach ar an aiseolas a fuarthas agus cuireadh i gcomparáid leis an tsraith bhunaidh gníomhartha é. Mar thoradh ar an aiseolas sin, forbraíodh sraith athbhreithnithe agus laghdaithe de ghníomhartha tosaíochta agus aithníodh eagraíochtaí a d'fhéadfadh tabhairt faoi na gníomhartha sin.

PLÉ DÉTHAOBHACH LE PÁIRTITHE LEASMHARA

Ba é an chéim dheireanach den phróiseas forbartha seo ná teacht ar chomhaontú maidir le gníomhartha ar leith a chuirfí san áireamh i bPlean Gníomhaíochta na straitéise. Ba é a bhí i gceist leis sin ná sraith atriallta inar aithníodh go raibh ról lárnach ag os cionn 30 eagraíocht reachtúil i leith na ngníomhartha a bhí beartaithe. Ba é a bhí i gceist leis na hatriallta sin ná meicníochtaí a shainaithint trína bhféadfaí gníomhartha ar leith a chumhdach i dtionscnaimh reatha agus chomh maith leis sin iniúchadh ar na roghanna chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le gníomhartha a raibh forbairtí nua de dhíth orthu. Próiseas measartha simplí a bhí ann i gcás roinnt eagraíochtaí, ach i gcás eagraíochtaí eile, bhí comhairliúchán agus idirbheartaíocht ar siúl thar thréimhse fhada ama. I líon beag cásanna, níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú in am chun na gníomhartha a áireamh sa straitéis reatha agus, dá bhrí sin, déanfar atriallta breise maidir leis na saincheisteanna sin, lena n-áirítear tacaíochtaí do thuismitheoirí, déagóirí ar tuismitheoirí iad, foréigean teaghlaigh, leanaí i dteaghlaigh ina bhfuil duine breoite nó duine faoi mhíchumas, leanaí atá ag iarraidh tearmainn agus topaicí a bhaineann le cultúr agus le lánpháirtiú.

Tríd is tríd, áfach, fuarthas tacaíocht shuntasach don fhorbairt seo, agus tá sé sin soiléir sa Phlean Gníomhaíochta a chuirtear ar fáil i gCaibidil 5, ina bhfuil 59 gníomh atá le cur i bhfeidhm ar fud 24 eagraíocht.

ACHOIMRE

Glacadh cur chuige cuimsitheach maidir le bonn fianaise a fhorbairt chun tacú leis an straitéis taighde agus forbartha seo. Bhí tuiscintí teoiriciúla agus beartais mar bhonn agus mar thaca ag an gcur chuige a úsáideadh agus cuireadh treoir phraiticiúil ar fáil trí *Treoirlínte Dea-Chleachtais* an Bhoird Náisiúnta Staidrimh (2004) maidir le straitéis sonraí a fhorbairt. Bhí an próiseas bunaithe ar athbhreithniú ar an litríocht agus ar chás-staidéir dea-chleachtais sa réimse freisin.

Tugadh faoi anailís chórasach ar bhearnaí chun go n-aithneofaí bearnaí ríthábhachtacha i dtaighde agus i sonraí faoi réimsí ar leith de shaol leanaí agus leagadh amach iad de réir na réimsí torthaí seo a leanas; sláinte, foghlaim ghníomhach, slándáil eacnamaíoch agus rannpháirtíocht leanaí. Aithníodh roinnt topaicí laistigh de gach réimse torthaí agus cuireadh in ord tosaíochta iad ar bhonn na bpléite le páirtithe leasmhara ríthábhachtacha, a raibh taighdeoirí, lucht déanta beartas agus soláthraithe seirbhíse ina measc. Cuirtear na príomhréimsí, i dteannta na dtosaíochtaí a aithníodh, i láthair i gCaibidil 3. Anuas ar na réimsí inneachair a aithníodh le linn anailís a dhéanamh ar bhearnaí, ardaíodh roinnt saincheisteanna maidir le próisis sonraí agus tá cur síos orthu sin freisin sa chéad chaibidil eile.

3. BEARNAÍ EOLAIS, FOINSÍ AGUS TOSAÍOCHTAÍ

Sa chaibidil seo cuirtear i láthair na torthaí ar an obair ullmhúcháin a rinneadh nuair a bhí an straitéis seo, an Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí maidir le Saol Leanaí, á forbairt. Déantar na bearnaí taighde agus sonraí a aithníodh sa phróiseas seo a roinnt de réir torthaí leanaí agus is féidir díriú ar ghnéithe éagsúla de shaol leanaí dá bhrí sin, agus na hidirnaisc eatarthu a aithint. Ar fud gach réimse torthaí, breithnítear saincheisteanna coiteanna a bhaineann le saintréithe déimeagrafacha agus le saintréithe tuismitheoirí agus teaghlaigh, le haistrithe tábhachtacha tríd an saolré agus ag pointí idirghníomhaithe le seirbhísí agus tacaíochtaí, agus ag conairí agus amanna cinniúna chomh maith. Anuas ar na príomhbhearnaí sonraí agus taighde a aithint, aithnítear príomhfhoinsí sonraí agus taighde maidir le gach ceann de na cúig réimse torthaí (lena n-áirítear réimsí ábhartha den staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*, agus roinnt forbairtí lárnacha). Ar deireadh, leagtar amach liosta de thosaíochtaí taighde a comhaontaíodh le príomhpháirtithe leasmhara. Déantar liosta níos leithne agus níos mionsonraithe de ghníomhartha, i dteannta amlínte, meicníochtaí feidhmithe agus táscairí dul chun cinn a chur i láthair sa Phlean Gníomhaíochta (*féach Caibidil 5*).

Is é atá sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí ná acmhainn náisiúnta trínar féidir cuid mhaith de na bearnaí a sainaithníodh a líonadh, go háirithe na bearnaí a bhaineann le haistrithe agus bealaí i saol leanaí. Cé nach bhfeicfear toradh na hinfheistíochta sa staidéar fadtéarmach seo go dtí bailithe sonraí níos déanaí, tá faisnéis fhlúirseach ar fáil cheana ar féidir teacht uirthi. Ar an ábhar sin, tá faisnéis ón staidéar náisiúnta fadaimseartha maidir le réimsí a bhaineann le réimsí torthaí ar leith leagtha amach thíos. Déanfar scagadh breise i Straitéis Aistrithe Eolais, atá á hullmhú faoi láthair, ar mheicníochtaí trínar féidir sonraí ón staidéar náisiúnta fadaimseartha a úsáid chun na bearnaí a aithníodh sa straitéis reatha a líonadh.

RÉIMSE TORTHAÍ 1: BEIDH LEANAÍ SLÁINTIÚIL, GO FISICEACH AGUS GO MEABHRACH

Tagraíonn an réimse torthaí seo d'fhás agus d'fhorbairt, agus do shláinte choirp agus mheabhrach i rith na saolré — ón gcéim réamhbhreithe, trí naíonacht, tríd an luath-óige agus meán-óige, agus tríd an ógántacht. Breithnítear an bhásmhaireacht, an ghalracht agus míchumas anseo, i dteannta saincheisteanna a bhaineann le hinfhaighteacht agus le húsáid seirbhísí cúram sláinte príomhúla, tánaisteacha agus treasacha agus le rochtain agus meastóireacht orthu.

Príomhfhoinsí sonraí

Tá roinnt foinsí tábhachtacha faisnéise ar fáil i ndáil le sláinte leanaí. Tá tábhacht ar leith i dtaca leis seo ag baint leis an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile, atá coimisiúnaithe ag an Roinn Sláinte agus a bhfuil an tIonad Taighde um Chothú Sláinte, OÉ, Gaillimh ag tabhairt faoi, ó 1998 i leith. Soláthraíonn sé sin na sonraí suirbhé is leithne atá ar fáil ar bhonn náisiúnta maidir le sláinte leanaí agus, toisc gur cuid de thionscnamh idirnáisiúnta é, is féidir comparáid a dhéanamh idir leanaí in Éirinn agus in áiteanna eile dá bharr. I dtéarmaí sonraí riaracháin, soláthraítear faisnéis thábhachtach maidir le rátaí breithe agus leis an tréimhse imbhreithe tríd an gCóras Tuairiscithe Imbhreithe Náisiúnta (National Perinatal Reporting System) agus trí fhoilseacháin *Vital Statistics* ón bPríomh-Oifig Staidrimh, agus tugann an Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha (SFOO) próifíl d'idirghníomhaíochtaí leis an gcóras ospidéil lena n-áirítear cúiseanna maidir le ligean isteach agus fad na tréimhse a chaitear san ospidéal. Bíonn sonraí i gcórais eile chun faireachán a dhéanamh ar ghalair agus ar riochtaí ar leith, ar otracht agus ar chóireáil in aghaidh úsáid drugaí. Ina theannta sin, tá córais ann freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar idirghníomhaíochtaí le seirbhísí meabhairshláinte agus míchumais. Bailíodh sonraí maidir le stádas sláinte, iompraíochtaí agus úsáid seirbhísí sláinte i measc Lucht Siúil na hÉireann in All-Ireland Traveller Health Study, agus tá modúil speisialta ann maidir le leanaí den lucht siúil, mar aon le staidéar leantach ar an gcohórt breithe a rinneadh bliain níos déanaí.

Tosaíochtaí taighde agus sonraí

Aimsíodh roinnt bearnaí sonraí maidir le sláinte leanaí, agus sainaithníodh na réimsí seo a leanas mar thosaíochtaí le haghaidh forbairtí i dtaighde agus sonraí. Bhí an gá stádas sláinte leanaí a rianú thar thréimhse ama ina thosaíocht shoiléir, agus tríd an moladh a rinneadh féachaint ar a fhéideartha is a bheadh sé an Taifead Sláinte Pearsanta a fhorbairt mar chóras náisiúnta, soláthraítear meicníocht trína bhféadfaí é sin a bhaint amach. Measadh gur réimse ríthábhachtach le haghaidh forbartha freisin é measúnú ar sheirbhísí sláinte i dtéarmaí a n-acmhainne freastal ar riachtanais leanaí, i dtéarmaí torthaí díreacha sláinte agus an tionchar níos leithne ar a saol araon. Ina theannta sin, measadh gur tosaíocht é an cumas sonraí a dhí-chomhbhailiú de réir príomhghrúpaí den daonra. I measc topaicí eile a ndéanfar iniúchadh breise orthu, áirítear:

- tuairisciú ar stádas sláinte, tionscnaimh maidir le cur chun cinn na sláinte agus meicníochtaí faireacháin sláinte le haghaidh leanaí agus daoine óga;
- stádas meabhairshláinte agus folláine mothúchán leanaí agus daoine óga, agus tionchar an stádais sin ar a saol;
- iompraíochtaí leanaí maidir le cothú agus gníomhaíocht choirp, an tionchar ar a bhfás agus ar a bhforbairt, agus na seirbhísí agus na struchtúir chun tacú leo;
- sláinte ghnéis agus iompraíochtaí gaolmhara.

Tábla 1: Réimsí atá ábhartha do thoradh sláinte leanaí atá san áireamh sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*

COHÓRT NAÍONÁN (ag 9 mí)	COHÓRT LEANAÍ (ag 9 mbliana)
Sláinte naíonán	**Sláinte leanaí**
Cúram réamhbhreithe (lena n-áirítear soláthraí cúram réamhbhreithe, scanadh agus deacrachtaí toirchis)	Torthaí na breithe (lena n-áirítear tinneas clainne, tréimhse iompair, an modh breithe, meáchan breithe agus deacrachtaí breithe)
Torthaí na breithe (lena n-áirítear tinneas clainne, tréimhse iompair, an modh breithe, meáchan breithe agus deacrachtaí breithe)	Beathú cíche le linn naíonachta, aiste bia an linbh (lena n-áirítear an bia a itear go hiondúil agus aon riachtanais chothaithe speisialta)
Beathú (lena n-áirítear beathú cíche)	Gníomhaíocht choirp (lena n-áirítear aclaíocht agus spórt)
Vacsaíniú	Sláinteachas agus sláinte fiacla
Sláinte reatha agus riochtaí sláinte ainsealacha (lena n-áirítear deacrachtaí amhairc, éisteachta, urlabhra agus/nó soghluaisteachta)	Sláinte reatha agus riochtaí sláinte ainsealacha (lena n-áirítear deacrachtaí amhairc, éisteachta, urlabhra agus/nó soghluaisteachta)
Úsáid as cúram sláinte (lena n-áirítear baic ar úsáid cúram sláinte, clúdach cárta liachta agus árachas sláinte príobháideach)	Úsáid as cúram sláinte (lena n-áirítear baic ar úsáid cúram sláinte, clúdach cárta liachta agus árachas sláinte príobháideach)
Patrúin chodlata agus chaointe (lena n-áirítear an líon uaireanta a chodlaítear, amanna codlata agus láthair codlata, deacrachtaí codlata agus beathú oíche)	Meáchan agus airde (lena n-áirítear braistint ar stádas meáchain, aiste bia agus toisí díreacha maidir le hinnéacs corpmhaise)
Forbairt naíonán (lena n-áirítear forbairt oll-luaileach agus forbairt mhín-luaileach)	Folláine agus folláine mothúchán (lena n-áirítear meon, láidreachtaí agus deacrachtaí, agus imeachtaí saoil strusmhara)
SLÁINTE NA dTUISMITHEOIRÍ (AN DÁ CHOHÓRT)	
Sláinte reatha agus riochtaí sláinte ainsealacha	
Iompar sláinte (lena n-áirítear caitheamh tobac, ólachán agus úsáid drugaí)	
Meáchan agus airde (lena n-áirítear toisí díreacha maidir le hinnéacs corpmhaise agus aiste bia féintuairiscithe)	
Iompar réamhbhreithe agus saincheisteanna gaolmhara (lena n-áirítear caitheamh tobac, ólachán agus úsáid drugaí le linn toirchis, strus le linn toirchis, cóireáil torthúlachta, aois an chéad toirchis agus rún maidir le toircheas amach anseo)	
Meabhairshláinte (lena n-áirítear dúlagar agus imní)	

RÉIMSE TORTHAÍ 2: TABHARFAR TACAÍOCHT DO LEANAÍ I BHFOGHLAIM GHNÍOMHACH

Cuirtear forbairt chognaíoch, tiomantas don oideachas, rannpháirtíocht, gnóthachtáil agus éachtaí san áireamh faoin réimse torthaí seo. Áirítear leis freisin réimsí atá ábhartha do sheirbhísí oideachais a sholáthraítear i gcúram na luath-óige, san oideachas bunscoile agus meánscoile, agus i suíomhanna lasmuigh den scoil. Féachadh freisin ar thorthaí, ar thacaíochtaí agus ar sheirbhísí le haghaidh leanaí a bhfuil riachtanais foghlama bhreise acu faoin réimse torthaí seo freisin.

Príomhfhoinsí sonraí

Tagann cuid mhór de na príomhfhoinsí faisnéise maidir le foghlaim leanaí ó thacair sonraí riaracháin, amhail an Bunachar Sonraí ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige de chuid na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige; Daonáireamh Bliantúil na mBunscoileanna a dhéanann an Roinn Oideachais agus Scileanna; na Measúnuithe Náisiúnta ar an Matamaitic agus ar Léitheoireacht sa Bhéarla a dhéanann an Foras Taighde ar Oideachas le daltaí bunscoile ar son na Roinne Oideachais agus Scileanna; agus, ar an dara leibhéal, an Bunachar Sonraí ar Dhaltaí Meánscoile. Sna foinsí sonraí sin, tugtar réimse faisnéise maidir leis an daonra réamhscoile agus scoile lena n-áirítear leibhéil rannpháirtíochta san oideachas le haghaidh na n-aoisghrúpaí éagsúla, gnóthachtáil oideachais (ar leibhéal bunscoile) agus an glacadh leis na hábhair éagsúla agus modheolaíochtaí staidéir. Déanann foinsí sonraí éagsúla iad sin a chomhlánú, amhail Suirbhé faoin gClár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA) ina ndéantar torthaí oideachais a thomhas i gcás daoine óga 15 bliana d'aois thar réimse inniúlachtaí, agus na sonraí ar thorthaí scrúduithe atá ar fáil ó Choimisiún na Scrúduithe Stáit. Is féidir torthaí tar éis aois 18 mbliana a rianú le sealúchais sonraí in earnáil an ardoideachais agus an bhreisoideachais. Ina theannta sin, tá roinnt sonraí ar fáil maidir le grúpaí a bhfuil riachtanais speisialta acu, amhail na suirbhéanna ar scoileanna CDSS (Comhionannas Deiseanna i Scoileanna a Sheachadadh) agus monatóireacht ar phatrúin tinrimh a mbaineann fadhb leo ar leibhéal na bunscoile agus na meánscoile le sealúchais sonraí an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais.

Tosaíochtaí taighde agus sonraí

Tá easnamh suntasach, mar a sainaithníodh roimhe seo i *Straitéis Sonraí* na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2008), i gcórais sonraí maidir le bealaí foghlama agus torthaí leanaí toisc nach bhfuil ann do bhunachar sonraí comhtháite d'fhoghlaimeoirí. Ní féidir an comhtháthú sin a bhaint amach ach amháin trí bhunachar sonraí daltaí bunscoile a fhorbairt chun sealúchais sonraí chomhchosúla ar leibhéal na réamhscoile, na hiarbhunscoile, an ardoideachais agus an bhreisoideachais a chomhlánú, agus chun nascadh leo. I measc na dtopaicí a sainaithníodh mar phríomheasnaimh san eolas atá againn ar thorthaí foghlama leanaí, áirítear iad seo a leanas:

- tosca a théann i bhfeidhm ar thinreamh, ar choinneáil/ar dhul chun cinn agus ar luathfhágáil scoile;
- tionchair fhadtréimhseacha a bhíonn ag taithí luathfhoghlama;
- bealaí agus torthaí foghlama i suíomhanna neamhthraidisiúnta nó lasmuigh den scoil;
- tionchar na n-ealaíon agus na gníomhaíochta cultúrtha agus spóirt ar fhoghlaim;
- seirbhísí agus tacaíochtaí don ghnóthachtáil ghinearálta oideachais, go háirithe do na leanaí sin atá faoi mhíchumas foghlama nó intleachta;
- saincheisteanna maidir le hiompar, idir iompar sóisialta agus frithshóisialta, i suíomhanna oideachais;
- litearthacht agus uimhearthacht a thomhas ag príomhchéimeanna agus de réir na bpríomhsaintréithe.

Tábla 2: Réimsí atá ábhartha do thoradh na foghlama gníomhaí atá san áireamh sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*

COHÓRT NAÍONÁN (ag 9 mí)	COHÓRT LEANAÍ (ag 9 mbliana)
Forbairt chognaíoch	Cúram agus oideachas na luath-óige (lena n-áirítear cineál, caighdeán, costas, rogha, sástacht, gaireacht, líon uaireanta agus rún don todhchaí)
Cúram agus oideachas na luath-óige (lena n-áirítear cineál, caighdeán, costas, rogha, sástacht, gaireacht, líon uaireanta agus rún don todhchaí)	Leibhéal oideachais na dtuismitheoirí (lena n-áirítear an leibhéal is airde oideachais a baineadh amach, inniúlacht uimhriúil agus Béarla)
Leibhéal oideachais na dtuismitheoirí (lena n-áirítear an leibhéal is airde oideachais a baineadh amach, inniúlacht uimhriúil agus Béarla)	Na teangacha a labhraítear sa bhaile
Na teangacha a labhraítear sa bhaile	Deacrachtaí foghlama an linbh (lena n-áirítear na tacaíochtaí is gá)
	Neamhláithreacht agus tinreamh scoile an linbh (tuairisc an tuismitheora agus tuairisc an mhúinteora)
	Feidhmíocht acadúil an linbh sa Mhatamaitic agus sa Bhéarla
	Rochtain an linbh ar acmhainní oideachais sa bhaile (lena n-áirítear leabhair agus ríomhaire)
	Rannpháirtíocht na dtuismitheoirí i scolaíocht agus i mianaidhmeanna oideachasúla don leanbh (lena n-áirítear freastal ar chruinnithe múinteoirí/ tuismitheoirí agus cabhair le hobair bhaile)
	Dearcadh an linbh maidir leis an scoil agus múinteoirí
	Tuairisc ón bpríomhoide maidir le saintréithe agus acmhainní na scoile ar a bhfreastalaíonn an leanbh (lena n-áirítear méid agus caighdeán na scoile, an líon foirne teagaisc agus eile, éiteas na scoile agus gníomhaíochtaí seach-churaclaim, áiseanna agus acmhainní, beartais smachta agus bulaíochta)
	Saintréithe agus oiliúint mhúinteoir an linbh (lena n-áirítear cúlra an mhúinteora, oiliúint inseirbhíse, méid agus comhdhéanamh an ranga, bainistiú an ranga agus stíl múinteoireachta)
	Dearcadh an mhúinteora maidir leis an leanbh agus an tuismitheoir (lena n-áirítear cúlra, ullmhacht chun scoile, rannpháirteachas an linbh agus an tuismitheora leis an scoil, tinreamh agus neamhláithreacht, agus feidhmíocht acadúil) agus maidir leis an scoil (lena n-áirítear timpeallacht na scoile agus strus an phoist)

RÉIMSE TORTHAÍ 3: BEIDH LEANAÍ SLÁN Ó DHOCHAR D'AON GHNÓ NÓ DE THAISME, AGUS BEIDH SIAD SLÁN SA GHARTHIMPEALLACHT FHISICEACH NÍOS LEITHNE

Faoin gceannteideal seo, féachtar ar shábháilteacht leanaí sa bhaile, sa phobal agus sa timpeallacht níos leithne, mar aon le suíomhanna eile lena n-áirítear dochar neamhthimpisteach (lena n-áirítear, mar shampla, drochúsáid leanaí, féindochar agus guaiseacha comhshaoil amhail truailliú) agus dochar timpisteach. Cuirtear san áireamh iompraíochtaí riosca, amhail caitheamh tobac, agus úsáid alcóil agus drugaí, a bhíonn á ndéanamh ag leanaí, tuismitheoirí agus daoine eile sa timpeallacht níos leithne, agus léirítear coireanna a dhéanann daoine óga agus a dhéantar in aghaidh daoine óga sa réimse torthaí seo. Ina theannta sin, féachtar ar sheirbhísí coisctheacha, cosanta agus feabhais, agus dírítear aird ar leith ar chur síos a dhéanamh ar idirghabhálacha, agus ar idirghabhálacha a dhoiciméadú, a shainaithint agus a mheasúnú.

Príomhfhoinsí sonraí

I measc na bpríomhshealúchas sonraí maidir le sábháilteacht leanaí a sainaithníodh, áirítear an Tacar Eatramhach Sonraí ar Chúram Leanaí de chuid FSS, ina dtaifeadtar fógraí a bhaineann le himní i leith na cosanta leanaí a dhéantar le FSS, torthaí na n-atreoruithe agus seirbhísí a chuirtear ar fáil. Faoin gcóras sin, bíonn sonraí comhiomlána á dtuairisciú ar leibhéal na hOifige Sláinte Áitiúla ach déanfar an Córas Náisiúnta Faisnéise ar Chúram Leanaí, atá á fhorbairt faoi láthair, a chur in ionad an chórais sin amach anseo. Soláthraíonn an Scéim Faisnéise Ospidéil d'Othair Chónaitheacha agus an Chlárlann Náisiúnta Féindochar Fuireachair sonraí maidir le gortuithe timpisteacha agus neamhthimpisteacha (lena n-áirítear dochar a dhéanann an duine dó/di féin) i measc leanaí agus daoine óga de réir aicmiú sláinte idirnáisiúnta (ICD-10). Ina theannta sin, bíonn athróga a bhíonn ábhartha don topaic seo le fáil i gcuid mhór foinsí sonraí eile. Tá faisnéis thar a bheith mionsonraithe ar theagmháil leanaí le halcól agus le drugaí, agus ar dhearcthaí agus ar iompraíochtaí ina leith sin, le fáil ón European School Survey Project on Alcohol and Other Drugs (ESPAD). Sa Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC), tá míreanna le fáil maidir le sábháilteacht ar bhóithre agus maidir le dearcthaí leanaí ar an gceantar ina bhfuil cónaí orthu agus ar na daoine atá ann. Bailítear faisnéis mhionsonraithe ar cháilíocht tithe sa Suirbhé Náisiúnta ar Bhail Tithe, agus déanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil measúnú gach trí bliana ar an riachtanas tithíochta ina gcuimsítear sonraí maidir le teaghlaigh ina bhfuil leanaí a bhfuil tithíocht shóisialta de dhíth orthu. Tá sonraí ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais maidir le leanaí ata ag lorg tearmainn, lena n-áirítear iad siúd atá scartha óna dteaghlach; tá sonraí ag Clár Athstiúrtha an Gharda Síochána d'Ógánaigh maidir le leanaí a rinne cionta; agus tá sonraí sa chóras PULSE maidir le híospartaigh na coireachta ar leanaí iad.

Tosaíochtaí taighde agus sonraí

I measc na mbearnaí sonraí a sainaithníodh i dtéarmaí sábháilteacht leanaí, sainaithníodh na réimsí seo a leanas mar thosaíochtaí le haghaidh forbairtí:

- rátaí tarlaithe gortuithe timpisteacha agus tosca ag dul i bhfeidhm ar na himeachtaí sin;
- bealaí leanaí trí chosaint leanaí agus seirbhísí cúraim malartacha, nádúr idirghníomhaíochtaí leanaí agus teaghlach leis an gcóras cosanta leanaí agus na torthaí air sin, agus tionchar láithreach agus níos fadtréimhsí na seirbhísí cosanta leanaí ar theaghlaigh agus ar leanaí ina gcuirfear san áireamh a bhfolláine agus a leas;
- oiriúnacht na timpeallachta tógtha ina bhfuil leanaí ina gcónaí, ina dtéann siad ar scoil agus ina bhfaigheann siad seirbhísí eile, lena n-áirítear spásanna oscailte sábháilte a bheith ar fáil;
- cineál agus cáilíocht idirghníomhaíochtaí leanaí leis an gcóras ceartais choiriúil agus bealaí tríd an gcóras le haghaidh na leanaí sin a bhfuil cionta déanta acu;
- rochtain ar sheirbhísí le haghaidh leanaí agus daoine óga, agus cáilíocht agus costas na seirbhísí sin.

Tábla 3: Réimsí atá ábhartha do thoradh na sábháilteachta agus na slándála leanaí atá san áireamh sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*

COHÓRT NAÍONÁN (ag 9 mí)	COHÓRT LEANAÍ (ag 9 mbliana)
An timpeallacht áitiúil (caighdeán, sábháilteacht agus seirbhísí) Iompraíocht na dtuismitheoirí lena mbaineann riosca	An timpeallacht áitiúil (caighdeán, sábháilteacht agus seirbhísí) Iompraíocht na dtuismitheoirí lena mbaineann riosca
Rannpháirtíocht le seirbhísí agus tacaíochtaí maidir le cosaint leanaí agus cúram malartach	Rannpháirtíocht le seirbhísí agus tacaíochtaí maidir le cosaint leanaí agus cúram malartach
Timpistí agus gortuithe (lena n-áirítear ospidéalú)	Timpistí agus gortuithe (lena n-áirítear ospidéalú)

RÉIMSE TORTHAÍ 4: BEIDH LEANAÍ SLÁN AR BHONN EACNAMAÍOCH

Sa réimse torthaí seo, cuirtear san áireamh ioncam teaghlaigh, bochtaineacht choibhneasta, chomhsheasmhach agus dhianseasmhach, agus dáileadh an ioncaim laistigh den líon tí. Féachtar ar thionchar an chleithiúnais ar leas sóisialach ar shaol leanaí, mar aon le héifeachtaí na dífhostaíochta i measc na hóige agus daoine fásta. Ina theannta sin, léirítear sa réimse torthaí seo caiteachas poiblí ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí atá ar fáil do leanaí, dá dteaghlach agus don phobal áitiúil.

Príomhfhoinsí sonraí

Tá go leor faisnéis mhionsonraithe maidir le cúrsaí airgeadais na dteaghlach agus na líonta tí a bhfuil leanaí iontu. Is é Suirbhé an Aontais Eorpaigh ar Ioncam agus ar Dhálaí Maireachtála (EU-SILC) an phríomhfhoinse sonraí maidir le hioncam, dálaí maireachtála, bochtaineacht agus díothacht. Sa suirbhé sin, soláthraítear na sonraí óna ngintear na tomhais oifigiúla ar bhochtaineacht agus ar dhíothacht, mar aon le tomhais ar leibhéil ioncaim le haghaidh an daonra iomláin, agus soláthraítear ann tomhais ar ioncam agus ar bhochtaineacht le haghaidh líonta tí a bhfuil leanaí iontu. Sa tSuirbhéireacht Ráithiúil Náisiúnta ar Theaghlaigh agus sa Daonáireamh, bailítear sonraí ar stádas fostaíochta daoine a bhfuil leanaí acu agus teaghlach a bhfuil leanaí iontu. Ar leibhéal níos suibiachtúla, soláthraítear sonraí maidir le dearcthaí leanaí ar dhálaí eacnamaíochta a dteaghlaigh i suirbhéanna HBSC agus ESPAD. Tá sonraí ag an Roinn Coimirce Sóisialaí maidir le faighteoirí sochar, lena n-áirítear sonraí ar na daoine sin a bhfuil leanaí cleithiúnacha acu.

Tosaíochtaí taighde agus sonraí

Cé go bhfuil méid suntasach sonraí ar fáil maidir le hioncam agus dálaí maireachtála in Éirinn, agus gur féidir comparáidí idirnáisiúnta a dhéanamh ar na sonraí in go leor cásanna, sainaithníodh easnaimh maidir lenár n-eolas ar thionchar na ndálaí eacnamaíochta ar shaol leanaí. Go háirithe, toisc go ndírítear ar líonta tí seachas ar dhaoine aonair sna staidrimh ar ioncam agus ar bhochtaineacht, bíonn sé níos deacra measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag leibhéil éagsúla ioncaim agus infhaighteacht acmhainní ar leanaí. Bíonn claonadh ann freisin féachaint ar shaincheist na díothachta ar leibhéal an lín tí, ach i modúl EU-SILC le déanaí (obair allamuigh a rinneadh in 2009), rinneadh iniúchadh ar mhíreanna díothachta a bhaineann go sainiúil le leanaí agus táthar ag súil le torthaí na hoibre tosaigh sin níos déanaí in 2011. Dá réir sin, sainaithníodh na réimsí seo a leanas mar réimsí ina bhfuil iniúchadh breise de dhíth:

- tomhais ar ioncam, ar bhochtaineacht agus ar dhíothacht a bhaineann go sainiúil le leanaí;
- staid an teaghlaigh ina bhfuil leanaí ina gcónaí (lena n-áirítear stádas fostaíochta a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí) agus tionchar na staide sin ar a dtorthaí;
- conas is féidir éifeachtaí a bhíonn ag ioncam íseal ar shaol leanaí a mhaolú le tacaíochtaí agus seirbhísí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla;
- tacaíochtaí agus seirbhísí le haghaidh teaghlach agus an tionchar a bhíonn acu ar dhálaí eacnamaíochta agus torthaí gaolmhara leanaí;
- saincheisteanna cuimsithe sóisialta le haghaidh leanaí atá ag maireachtáil sa bhochtaineacht nó sa díothacht.

Tábla 4: Réimsí atá ábhartha do thoradh na slándála eacnamaíche atá san áireamh sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*

COHÓRT NAÍONÁN (ag 9 mí)	COHÓRT LEANAÍ (ag 9 mbliana)
Stádas eacnamaíoch (lena n-áirítear ioncam an teaghlaigh, aicme shóisialta an teaghlaigh, íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus táscairí maidir le díothacht teaghlaigh)	Stádas eacnamaíoch (lena n-áirítear ioncam an teaghlaigh, aicme shóisialta an teaghlaigh, íocaíochtaí leasa shóisialaigh agus táscairí maidir le díothacht teaghlaigh)
Tithíocht (lena n-áirítear cineál agus tionacht na cóiríochta, caighdeán na tithíochta agus an líon seomraí codlata)	Tithíocht (lena n-áirítear cineál agus tionacht na cóiríochta, caighdeán na tithíochta agus an líon seomraí codlata)
Stádas fostaíochta (lena n-áirítear dálaí oibre agus cothromaíocht oibre is saoil)	Stádas fostaíochta (lena n-áirítear dálaí oibre agus cothromaíocht oibre is saoil)

RÉIMSE TORTHAÍ 5: BEIDH LEANAÍ MAR CHUID DE LÍONRAÍ DEARFACHA TEAGHLAIGH, CAIRDE, COMHARSAN AGUS POBAIL, AGUS BEIDH SIAD CUIMSITHE AGUS RANNPHÁIRTEACH SA TSOCHAÍ

Is dóchúla go mbíonn sé d'acmhainn ag leanaí torthaí maithe a fhorbairt thar roinnt réimsí éagsúla i gcásanna ina mbíonn saol teaghlaigh seasmhach acu, ina mbíonn cómhuintearas le braistint acu, agus ina ndéantar iarracht gan cúramóirí a athrú an oiread agus féidir (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000). Féachtar ar an ngné seo de shaol leanaí sa réimse torthaí seo, agus áirítear saincheisteanna a bhaineann le gaolmhaireachtaí teaghlaigh. Ina theannta sin, féachtar ar acmhainn leanaí cairde a dhéanamh, gaolmhaireachtaí a fhorbairt, agus tionchar a ngníomhartha, a gcuma, agus a n-iompraíochta ar dhaoine eile (lena n-áirítear a bpobal níos leithne) a thuiscint. Mar chuid de bheith rannpháirteach agus cuimsithe sa tsochaí, cuirfear san áireamh gníomhaíochtaí ina bhféadfadh leanaí agus daoine óga a bheith páirteach amhail gníomhaíochtaí spóirt nó cultúrtha. Ina theannta sin, cuirfear san áireamh an méid is féidir le leanaí agus daoine óga a dhéanamh trína bheith páirteach in obair dheonach, agus aithnítear an tábhacht a bhaineann lena chinntiú go mbíonn cead cainte acu in ábhair a bhaineann leo.

Príomhfhoinsí sonraí

Bailítear raon sonraí maidir leis an topaic seo i suirbhéanna HBSC agus ESPAD, lena n-áirítear faisnéis ar cháilíocht na ngaolmhaireachtaí teaghlaigh agus an chairdis a bhíonn ag leanaí agus daoine óga. Ina theannta sin, bailítear sonraí maidir le braistintí leanaí ar a bpobal, ar na háiseanna atá ann agus ar a ngaolmhaireachtaí le comharsana i suirbhé HBSC. Tugtar léargas ar shaol grúpaí mionlaigh agus ar shaol daoine in áiteanna iargúlta i sonraí an Daonáirimh. Bíonn roinnt faisnéise ar rannpháirtíocht leanaí i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim agus i struchtúir chinnteoireachta i suíomh na scoile le fáil i suirbhéanna oideachais amhail PISA. I sealúchais sonraí Chlár Athstiúrtha an Gharda Síochána d'Ógánaigh, bíonn faisnéis le fáil ar leanaí atá rannpháirteach i bpróiseas ceartais aisirígh tar éis dóibh freagracht a ghlacadh as iompraíocht fhrithshóisialta roimhe sin. Sa Staidéar Idirnáisiúnta um Oideachas Sibhialta agus Saoránachta a rinneadh le déanaí, bíonn faisnéis le fáil ar dhearcthaí sóisialta daoine óga agus ar an eolas atá acu ar shaincheisteanna agus ar struchtúir shóisialta agus shibhialta.

Tosaíochtaí taighde agus sonraí

Sainaithníodh na réimsí seo a leanas mar réimsí ina bhfuil iniúchadh breise de dhíth chun eolas níos fearr a chur ar fáil dúinn maidir le héagsúlacht na líonraí, na dtacaíochtaí agus na rannpháirtíochta a bhíonn ag leanaí ina bpobal agus sa tsochaí níos leithne:

- staid mhaireachtála, cáilíocht beatha, agus cearta leanaí, agus na tionchair a bhíonn orthu;
- bealaí le haghaidh leanaí atá ag maireachtáil i gcúram malartach agus na torthaí dóibh siúd ag a bhfuil taithí éagsúil ar an gcóras sin;

- na cineálacha éagsúla rannpháirtíochta sóisialta ina nglacann leanaí agus daoine óga páirt (mar shampla gníomhaíochtaí cultúrtha, spóirt, struchtúir shóisialta/dheonacha/pholaitiúla, TFC agus na meáin) agus tionchar na rannpháirtíochta sin;
- seirbhísí chun tacú le rannpháirtíocht shóisialta leanaí, tionchar na seirbhísí sin ar leanaí, agus an oiread is a bhíonn na seirbhísí sin ar fáil do ghrúpaí éagsúla leanaí;
- saincheisteanna a bhaineann le hiompar sóisialta agus frithshóisialta agus an córas ceartais don óige.

Tábla 5: Réimsí atá ábhartha do thoradh na rannpháirtíochta leanaí atá san áireamh sa staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí, *Growing up in Ireland*

COHÓRT NAÍONÁN (ag 9 mí)	COHÓRT LEANAÍ (ag 9 mbliana)
Ceangal (lena n-áirítear imní maidir le scaradh agus ceangal le tuismitheoirí) Struchtúr an teaghlaigh	Struchtúr an teaghlaigh Stádas pósta na dtuismitheoirí agus caidreamh na dtuismitheoirí (lena n-áirítear caighdeán an chaidrimh phósta, tuismitheoireacht neamhchónaitheach, socruithe maidir le caomhnóireacht, íocaíochtaí cothabhála, teagmháil agus caidreamh leis an tuismitheoir neamhchónaitheach)
Stádas pósta na dtuismitheoirí agus caidreamh na dtuismitheoirí (lena n-áirítear caighdeán an chaidrimh phósta, tuismitheoireacht neamhchónaitheach, socruithe maidir le caomhnóireacht, íocaíochtaí cothabhála, teagmháil agus caidreamh leis an tuismitheoir neamhchónaitheach)	Stádas maidir le dearthháireacha agus deirfiúracha agus caidrimh leo (lena n-áirítear an líon dearthháireacha agus deirfiúracha, caighdeán na gcaidreamh)
Stádas maidir le dearthháireacha agus deirfiúracha agus caidrimh leo (lena n-áirítear an líon dearthháireacha agus deirfiúracha, caighdeán na gcaidreamh) An caidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir	An caidreamh idir an leanbh agus an tuismitheoir (lena n-áirítear smacht, gníomhaíochtaí teaghlaigh, fadhbanna a phlé) Caidrimh shuntasacha eile (lena n-áirítear seantuismitheoirí agus teaghlach sínte)
Caidrimh shuntasacha eile (lena n-áirítear seantuismitheoirí agus teaghlach sínte) Tacaíocht ó thuismitheoirí Misneach na dtuismitheoirí ina n-éifeachtúlacht féin Creideamh agus spioradáltacht	Caidrimh le comhaoisigh (lena n-áirítear líonraí cairdis agus bulaíocht) Misneach na dtuismitheoirí ina n-éifeachtúlacht féin Creideamh agus spioradáltacht Eitneachas, saoránacht agus tír breithe
Eitneachas, saoránacht agus tír breithe Rannpháirtíocht sa phobal áitiúil	Rannpháirtíocht sa phobal áitiúil Rannpháirtíocht an linbh i saol an teaghlaigh (lena n-áirítear cinnteoireacht an teaghlaigh, dioscaireachaí tí agus féinchúram) Rannpháirtíocht an linbh i gcaitheamh aimsire, gníomhaíochtaí (struchtúrtha agus neamh-struchtúrtha), spórt agus aclaíocht Úinéireacht ríomhaire agus fóin phóca an linbh (lena n-áirítear úsáid ríomhaire sa bhaile) Rannpháirtíocht an linbh in iompar sóisialta agus frithshóisialta

4. SAINCHEISTEANNA LEATHANA A THÉANN I BHFEIDHM AR AN STRAITÉIS NÁISIÚNTA TAIGHDE AGUS SONRAÍ MAIDIR LE SAOL LEANAÍ

Anuas ar bhearnaí taighde agus sonraí a bhaineann le torthaí sonracha i saol leanaí a shainaithint, is féidir saincheisteanna leathana maidir le próisis taighde agus sonraí a shainaithint leis an gcur chuige a glacadh i bhforbairt na Straitéise Náisiúnta Taighde agus Sonraí seo maidir le Saol Leanaí. Sainaithníodh ceithre phríomhréimse agus déantar cur síos ar gach ceann díobh thíos:

- cur chuige straitéiseach náisiúnta a fhorbairt chun faisnéis maidir le saol leanaí a fheabhsú;
- córais sonraí riaracháin a fheabhsú;
- acmhainn a fhorbairt thar gach réimse forbartha taighde agus sonraí, go háirithe cumas anailíseach;
- tacú le beartas agus cleachtadh atá bunaithe ar fhianaise.

CUR CHUIGE STRAITÉISEACH NÁISIÚNTA A FHORBAIRT CHUN FAISNÉIS MAIDIR LE SAOL LEANAÍ A FHEABHSÚ

Cuireadh in iúl go soiléir an gá a bhí le cur chuige straitéiseach náisiúnta a fhorbairt chun faisnéis maidir le saol leanaí a fheabhsú. Tháinig trí phríomhréimse chun cinn:

- **Cur le tionscnaimh reatha maidir le comhordú na bpríomhghnéithe taighde agus sonraí maidir le saol leanaí**. Trína leithéid de chur chuige, bheadh sé níos éasca na bearnaí tosaíochta atá le líonadh a shainaithint go tráthúil agus chinnteofaí go mbeadh aon tionscnamh nua ábhartha do riachtanais reatha. Bheadh sé mar bhuntáiste aige freisin go laghdófaí dúbailt iarrachta go mór, agus go n-éascófaí cur chuige comhordaithe chun bearnaí inár n-eolas a líonadh.
- **Cur chuige comhchuibhithe i leith treoir náisiúnta maidir le rialachas táirgthe agus úsáide taighde agus sonraí**. D'áireofaí leis seo cineálacha cur chuige straitéiseacha maidir le forbairt agus feidhmiú caighdeán agus treorach náisiúnta i leith saincheisteanna amhail eitic, cosaint sonraí, dea-chleachtas i gcoimisiúnú taighde, agus rochtain ar thaighde arna gcistiú go poiblí.
- **Cur chuige níos comhtháite i leith na faisnéise maidir leis na seirbhísí atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga**. Is cúis imní é seo do leanaí agus do dhaoine óga agus d'aithin siad an tábhacht a bhaineann le bheith in ann faisnéis maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí a rochtain trí chur chuige comhordaithe le heagraíocht iontaofa ar bhealach a chomhlíonann a riachtanais.

Mar atá sainaitheanta i gCaibidil 1, tá réimse tionscnamh ann cheana féin ar féidir leo cur le cur chuige náisiúnta dá leithéid i leith taighde agus staidrimh. Agus treoir á lorg in áiteanna eile, tá sé le feiceáil gur glacadh cur chuige struchtúrtha foirmiúil sa Ríocht Aontaithe i leith na saincheiste sin trí chreat rialachais ar thaighde i dtimpeallacht an chúraim sláinte agus shóisialta a fhorbairt agus a fhoilsiú (Department of Health [UK], 2005). Is iad na príomhréimsí ar a bhféachtar sa chreat rialachais sin ná treoir maidir le heitic, eolaíocht, faisnéis, sláinte, sábháilteacht, fostaíocht, airgeadas agus cearta maoine intleachtúla.

I dteannta tacú le forbairtí níos leithne ar an gcleachtas, rialachas agus sláine taighde, tagann líon beag saincheisteanna chun cinn ina mbíonn dúshláin bhreise i gceist toisc leanaí a bheith páirteach iontu, amhail eitic taighde. Forbraíodh gníomhartha chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin, agus cuirtear i láthair iad sa Phlean Gníomhaíochta don straitéis seo (*féach Caibidil 5*).

Tá cás na treorach staidrimh níos comhordaithe agus tá roinnt mhaith comhchuibhithe idir creataí cáilíochta na sonraí atá foilsithe ag eagraíochtaí staidrimh éagsúla náisiúnta agus idirnáisiúnta. Tá ceannaireacht láidir sa réimse seo curtha ar fáil ag an gCóras Staidrimh Eorpach, agus tá roinnt doiciméad foilsithe aige, faoi choimirce Eurostat (2003 agus 2005), ina dtacaítear le Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh. Tá roinnt mhaith dá dtreoir glactha ag eagraíochtaí éagsúla amhail an Office for National Statistics sa Ríocht Aontaithe agus an Phríomh-Oifig Staidrimh in Éirinn. Mar shampla, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis roinnt doiciméid modheolaíochta a fhorbairt agus a fhoilsiú ina soláthraítear go leor faisnéise d'úsáideoirí is féidir a úsáid chun cáilíocht thorthaí an tsuirbhé óna n-eascraíonn siad a

mheas. Ina theannta sin, d'fhoilsigh an Oifig prótacal an-soiléir maidir le nascáil sonraí a bheidh an-úsáideach i bhforbairtí amach anseo (an Phríomh-Oifig Staidrimh, 2005).

Anuas ar an gcineál sin treorach, ní mór roinnt oibre a dhéanamh ar chomhchuibhiú na n-athróg a bhíonn á n-úsáid chun sonraí a bhailiú ar shaol leanaí ar chúiseanna éagsúla, mar shampla toisc nach ann do shainmhínithe comhaontaithe maidir le roinnt tacar sonraí riaracháin. Bíonn deacrachtaí maidir le hiontaofacht agus le hinchomparáideacht sonraí ar leanaí mar thoradh ar an easpa comhoiriúnachta i mbailiú sonraí, agus is iomaí fadhb a bhíonn ann nuair a úsáidtear éagsúlacht mhór uirlisí bailithe sonraí chun an feiniméan céanna a thomhas. Tosaíodh ag obair ar an réimse sin i *Straitéis Sonraí* na Roinne Oideachais agus Eolaíochta (2008), agus tá roinnt príomhathróg sainaitheanta lena n-úsáid i suíomh an oideachais. Cuirfidh gníomhartha sa straitéis reatha leis an méid sin agus le forbairtí comhchosúla eile ionas gur féidir cur chuige atá níos caighdeánaithe agus níos comhchuibhithe i leith sonraí maidir le saol leanaí a chur i bhfeidhm.

Maidir le seirbhísí le haghaidh leanaí agus daoine óga, tá sé curtha in iúl ag na leanaí agus na daoine óga féin go bhfuil meicníocht de dhíth orthu trínar féidir faisnéis maidir le seirbhísí áitiúla a sholáthar ar bhealach iontaofa agus tráthúil, agus nach bhfuil claonta. Tá go leor oibre déanta cheana féin sa réimse sin, agus is é Foireann Rannpháirtíochta do Shaoránaigh na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige atá i gceannas ar an obair sin. Tá tiomantas náisiúnta ann chun Sprioc 1 den Straitéis Náisiúnta Leanaí a fheidhmiú, ina sonraítear go mbeidh '*cead cainte ag leanaí i gcúrsaí a théann i bhfeidhm orthu agus tabharfar aird chuí ar a gcuid tuairimí de réir a n-aoise agus a n-aibíochta*' (An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2000).

Le hocht mbliana anuas, tá an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag obair le bunú nó le comhdhlúthú na bpríomhstruchtúr seo a leanas a chinntiú:

- Comhairle na nÓg (gréasán de chomhairlí óige áitiúla);
- Dáil na nÓg (parlaimint náisiúnta don óige);
- an Clár Cuimsithe chun tacú le leanaí nach gcloistear go minic a bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht;
- Foireann Tacaíochta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga;
- comhairlí mac léinn;
- Fóram Leanaí agus Daoine Óga na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige;
- comhairliúcháin agus caidreamh le leanaí agus le daoine óga.

I dteannta na struchtúr sin, cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid tuairimí a thabhairt ar shaincheisteanna a bhfuil tábhacht náisiúnta agus phearsanta leo, agus tá comhairliúcháin agus caidreamh déanta ag an Roinn le leanaí agus le daoine óga ar raon saincheisteanna, lena n-áirítear meabhairshláinte, saoránacht, agus forbairt bheartas (mar shampla Beartas Náisiúnta Áineasa do Dhaoine Óga) agus straitéisí, lena n-áirítear an straitéis seo. Tugtar liosta níos iomláine in Aguisín 7.

Rinneadh tionscnaimh eile freisin, lena n-áirítear meicníochtaí chun riachtanais faisnéise leanaí agus daoine óga a chur san áireamh. I dtuarascáil le déanaí le Doyle *et al* (2010), aithníodh réimsí a eascraíonn as an Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC) ar mian le leanaí agus le daoine óga faisnéis bhreise a fháil ina dtaobh. Cuireadh na topaicí is mó a bhfuil spéis acu iontu le chéile i ndoiciméad tagartha dóibh siúd atá ag obair i réimse an chleachtais agus an bheartais sláinte. Ba é alcól an topaic ab airde a rangaíodh i suirbhé HBSC, agus ba iad seo a leanas na topaicí eile (in ord): caithreachas, drugaí, meisce, caitheamh tobac, troid, sláinte ghinearálta, corpíomhá, folláine coirp agus folláine mothúchán, sonas, agus cairdeas.

Féadtar meicníochtaí eile a úsáid chun eolas a chur ar fáil don taighde agus sonraí atá á mbailiú. Mar shampla, cuireann Fóram Comhairleach Leanaí eolas ar fáil don staidéar *Growing up in Ireland*. Cuireadh an fóram sin ar bun lena chinntiú go n-éistear lena bhfuil le rá ag leanaí sa staidéar. 84 leanbh atá ar an bhfóram agus iad roinnte in 12 choiste i scoileanna ar fud na hÉireann. Trí chineálacha cur chuige dá leithéid, cuirtear meicníochtaí tábhachtacha ar fáil trínar féidir le leanaí agus le daoine óga tuairim a nochtadh maidir leis an gcineál faisnéise

atá uathu. Arís eile, tá gá le cur chuige atá níos comhordaithe agus níos struchtúrtha chun an cineál sin faisnéise a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, agus áirítear gníomhartha a bhaineann leis sin i bPlean Gníomhaíochta na straitéise (*féach Caibidil 5*).

CÓRAIS SONRAÍ RIARACHÁIN A FHEABHSÚ

Gné lárnach de roinnt straitéisí sonraí náisiúnta agus idirnáisiúnta is ea córais sonraí riaracháin a fheabhsú agus ní haon ionadh gur sainaithníodh é sin mar réimse a bhfuil tábhacht ar leith ag baint leis le haghaidh na straitéise reatha. D'fhéadfaí go leor de na bearnaí reatha inár n-eolas a líonadh trí chórais sonraí riaracháin, go háirithe dá bhféadfaí na hacmhainní sin a nascadh lena chéile. Sainaithníodh roinnt gnéithe ríthábhachtacha a bhaineann le córais sonraí a fhorbairt mar ghnéithe atá tábhachtach chun tuiscint ar shaol leanaí a fheabhsú. I measc na ngnéithe sin, áirítear cinntiú go ndírítear ar bhailiú sonraí atá dírithe ar leanaí, úsáid aitheantóra ar leith, tábhacht an geochódúcháin, agus meiteashonraí agus bearta inchomparáide a fhorbairt.

I dteannta an ghá atá ann cáilíocht fhoriomlán na sonraí arna mbailiú a fheabhsú agus anailís a dhéanamh ar leibhéil éagsúla, sainaithníodh neamhábaltacht córais a nascadh mar fhadhb ar gá féachaint uirthi. Is iomaí sampla atá ann de shonraí nach bhfuil nasctha nó de shonraí nach bhfuil nasctha ach ar bhonn ad hoc. Dá bhrí sin, ní thugann siad léiriú fadaimseartha cuimsitheach ar na bealaí atá idir córais. D'fhéadfaí úsáid níos fearr a bhaint as acmhainní sonraí riaracháin chun faisnéis maidir le conairí leanaí idir seirbhísí agus laistigh de sheirbhísí, mar aon lena dtorthaí, a chur ar fáil. Ina theannta sin, d'fhéadfaí bealaí le haghaidh soláthraithe seirbhíse (amhail gluaiseacht phearsanra, earcú agus coinneáil, socrúcháin oibre agus seirbhísí scoir) a dhearbhú ó shonraí riaracháin feabhsaithe.

Bíonn roinnt dúshlán i gceist le cur chuige i leith bailiú sonraí, anailís agus nascáil ar leibhéal an duine aonair, go háirithe i dtéarmaí cáilíocht sonraí, comhtháthú sonraí, rúndacht agus cosaint sonraí. Tá sé ríthábhachtach do phróiseas dá leithéid go mbeadh meicníochtaí inghlactha i bhfeidhm trínar féidir dul i ngleic leis na saincheisteanna sin ar bhealach cuí. In ainneoin na ndúshlán sin áfach, is iomaí buntáiste atá ag an gcineál sin cur chuige, agus chabhróidís chun dul i ngleic leis an easpa reatha sonraí le hanailísiú maidir le réimsí áirithe de shaol leanaí.

Tá infheistíochtaí suntasacha agus tiomantais shuntasacha déanta ag roinnt eagraíochtaí i réimse na nascála sonraí. Mar shampla, déanann an Lárionad Sonraí Riaracháin ag an bPríomh-Oifig Staidrimh torthaí staidrimh a tháirgeadh trí thacair sonraí a nascadh, lena n-áirítear iad sin atá ag údaráis phoiblí eile (*féach* www.cso.ie/aboutus/admindatahold.htm). Tá seasamh ar leith ag an bPríomh-Oifig Staidrimh ina leith sin toisc go dtugtar rochtain don oifig ar bhonn reachtúil san Acht Staidrimh ar shealúchais sonraí chomhlachtaí poiblí eile, agus déantar foráil do rochtain ar shealúchais dá leithéid agus dá nascáil chun críocha staidrimh amháin. Ní féidir leis an eagraíocht soláthair ná le heagraíocht ar bith eile na comhaid sonraí nasctha ar an leibhéal aonair a rochtain.

Tá scóip ann do nascáil sonraí laistigh de ghníomhaireachtaí eile áfach, taobh istigh de bhacainní áirithe. Tá an tAonad Faisnéise Sláinte i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis *Health Atlas Ireland* a fhorbairt, a úsáidtear chun leas a bhaint as an bhféidearthacht atá ann teicneolaíochtaí córais faisnéise geografaí, tacair sonraí sláinte (mar shampla an Daonáireamh, HIPE, sonraí maidir le básmhaireacht) agus ríomhaireachtaí staidrimh a chomhtháthú i dtimpeallacht foinse oscailte le hinrochtaineacht gréasáin. Le *Health Atlas*, soláthraítear rochtain bunaithe ar róil ar 'mhapáil sláinte' ar fud na hearnála mar thacaíocht do phleanáil seirbhísí, eipidéimeolaíocht, freagairt éigeandála agus taighde (*féach* www.hse.ie/eng/about/Who/Population_Health/Health_Intelligence/).

Tá forbairtí comhchosúla á ndéanamh laistigh den earnáil ollscoile. Mar shampla, bunaíodh an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) mar institiúid ollscoile in Ollscoil na hÉireann, Má Nuad in 2001. Tionscnamh comhoibríoch idir scoláirí ó roinnt disciplíní

san eolaíocht shóisialta atá ann, agus tá sé lonnaithe i gceithre institiúid chomhpháirteacha. Tugann an Institiúid faoi thaighde bunúsach, feidhmeach agus comparáideach maidir le próisis spásúla agus a n-éifeachtaí ar an bhforbairt shóisialta agus eacnamaíoch in Éirinn. Baintear úsáid as roinnt tacair sonraí riaracháin agus eile in obair na hinstitiúide.

D'fhéadfaí tacú le huasmhéadú na gcóras sonraí atá i bhfeidhm cheana féin de bharr na gcineálacha sin tionscnamh a bheith ar fáil, rud a d'fhéadfadh cabhrú chun faisnéis maidir le saol leanaí a fheabhsú.

ACMHAINN A FHORBAIRT THAR GACH RÉIMSE FORBARTHA TAIGHDE AGUS SONRAÍ

I rith fhorbairt na straitéise reatha, cuireadh béim ar an ngá a bhí le pearsanra inniúil a bheith ar fáil a bheadh ábalta taighde agus sonraí a bhailiú, anailís agus tuairisc a dhéanamh orthu, agus iad a scaipeadh agus a úsáid. Bíodh is gur aithníodh deacrachtaí ag gach céim den phróiseas, measadh go raibh fadhbanna ar leith in dhá réimse: (1) eolas maidir le hinfhaighteacht agus próisis chun rochtain a fháil ar fhoinsí sonraí atá ann cheana féin agus (2) acmhainn an phearsanra anailís chainníochtúil a dhéanamh ar shonraí. Ba léir go raibh dlúthbhaint idir na bearnaí agus na féidearthachtaí chun an úsáid is fearr agus is féidir a bhaint as sonraí reatha agus, dá bhrí sin, tarraingíodh aird ar na sonraí a bailíodh sa staidéar *Growing up in Ireland*. Tugadh faoi deara go háirithe nach raibh ach líon teoranta eagraíochtaí agus daoine aonair a d'fhéadfadh anailís níos casta a dhéanamh ar shonraí. D'fhéadfadh anailís den chineál sin a bheith an-chabhrach i leith na nithe seo a leanas:

- tuiscint a fháil ar thosca cúisíocha nó mínitheacha i leith réimse feiniméan i saol leanaí;
- iniúchadh a dhéanamh ar thionchair dálaí agus timpeallachtaí ar thorthaí leanaí;
- bealaí agus aistrithe idir seirbhísí éagsúla a rianú;
- meastóireacht a dhéanamh ar sheirbhísí, ar thacaíochtaí agus ar idirghabhálacha, go háirithe i dtéarmaí chostas agus cháilíocht na seirbhísí sin agus rochtain orthu.

Bíodh is gur féidir dul i ngleic le roinnt de na saincheisteanna sin trí mheicníochtaí anailíse cáilíochtúla a úsáid, bhain na hábhair imní is mó le cineálacha cur chuige cainníochtúil chun tuiscintí a fheabhsú sna réimsí sin.

Luann Condell agus Begley (2007) go bhfuil coincheap na forbartha acmhainne taighde '*broad, elusive or chameleon-like and theoretically homeless*', bíodh is go meastar é mar thoisc ríthábhachtach don fhorbairt. Mar sin féin, tá an litríocht sa réimse sin ag dul i méid le blianta beaga anuas agus, in ainneoin na n-agús sin, tá fiúntas i gcónaí ag baint le sainmhíniú Trostle (1992) ar fhorbairt acmhainne taighde. Tugann sé an sainmhíniú seo ar chumas taighde '*próiseas forbartha an duine aonair agus na hinstitiúide óna dtagann leibhéil scileanna níos airde agus cumas níos mó chun taighde úsáideach a dhéanamh*'.

Tá sé le sonrú i bpiar-athbhreithnithe agus sa litríocht beartais go bhfuil roinnt mhaith daoine ar aon aigne gur gá acmhainn a fhorbairt ar gach leibhéal san eagraíocht, idir úsáideoirí an taighde agus iad siúd a ghlacann páirt ann, a dhearann é, a fhaigheann cistiú dó, a stiúrann nó a dhéanann é agus iad siúd a fhoilsíonn é (Del Mar agus Askew, 2004). Tá na torthaí seo le feiceáil freisin sna cineálacha éagsúla cur chuige straitéiseach atá ann i leith taighde agus sonraí in áiteanna eile, áit a n-aithnítear go gcaithfear tosaíocht a thabhairt ó thaobh forbairt de d'fhorbairt an lucht saothair agus d'fhorbairt acmhainne ag gach céim den timthriall taighde agus sonraí.

Tá cistiú suntasach leithdháilte in Éirinn chun líon na n-áiteanna a fhorbairt in oideachas tríú leibhéal, go háirithe ar leibhéal PhD agus iardhochtúireachta, trí eagraíochtaí ar nós An Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET), an Bord Taighde Sláinte (BTS) agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. D'aithin an BTS ina phlean gníomhaíochta is déanaí (2009) go gcaithfear tús áite a thabhairt do '*líon áiteanna a chur ar fáil chun taighde ardcháilíochta a dhéanamh sna heolaíochtaí sláinte ar an daonra agus*

taighde ar na seirbhísí sláinte'. Tá straitéis Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (2009) dírithe ar fhorbairt caipitil dhaonna maidir le taighde trí '*mhais chriticiúil comhdhéanta d'fhoirne taighde a d'fhéadfadh dul in iomaíocht le scoth an domhain*' a chruthú. Faoi mar a tharlaíonn i gcás infheistíochtaí eile, is féidir leis na cláir seo dul chun tairbhe taighde maidir le saol leanaí agus féadfaidh na cláir agus na gníomhartha a comhaontaíodh sa straitéis seo é sin a éascú.

TACÚ LE BEARTAS AGUS CLEACHTADH ATÁ BUNAITHE AR FHIANAISE

Ós rud é go bhfuil béim á leagan níos mó agus níos mó ar fhaisnéis a úsáid chun tacú le beartas agus cleachtas ní haon ionadh é go n-aithnítear arís agus arís eile an gá atá le forbairtí sa réimse seo. Déantar tagairt in a lán straitéisí taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta don ghá atá le bheith gníomhach maidir le scaipeadh eolais, cé go gcuireann cuid acu cur chuige níos mionsonraithe ar fáil faoin scéal ná mar a chuireann na cinn eile. Mar shampla, d'aithin Aireacht Sláinte na Nua-Shéalainne ina*Child Health Information Strategy* (2003) go bhféadfaí leas a bhaint as teachtaireachtaí slána agus as líonraí faisnéise gréasán-bhunaithe mar bhealaí chun sonraí faoi shláinte leanaí a scaipeadh agus freisin go bhfuil sé de chuspóir aici '*é a dhéanamh níos éasca do ghairmithe sláinte gníomhú ar fhaisnéis bhreise níos fearr faoi shláinte leanaí*'. Tugadh moladh forleathan don chineál seo cur chuige mar bhealach amháin chun faisnéis a scaipeadh d'fhonn freastal ar riachtanais na n-úsáideoirí. D'aithin an Canadian Council on Social Development ina *Community Social Data Strategy* (2004) an tábhacht a bhaineann le scaipeadh faisnéise agus dhearbhaigh siad go bhfuil sé ar intinn acu bealach a chur ar fáil trína bhféadfaidh eagraíochtaí agus bardais sonraí a rochtain d'fhonn na treochtaí sóisialta agus geilleagracha laistigh dá bpobail féin a aithint agus a thuiscint níos fearr. Dírítear i dtuarascálacha an National Children and Youth Statistics Unit de chuid an Australian Bureau of Statistics (2005a agus 2005b) ar na soláthraithe sonraí agus tá treoir ina straitéis faoi conas is féidir leo siúd a chuireann faisnéise staitistiúil ar fáil feabhas a chur ar na bunachair shonraí atá acu féin. I gcomhthéacs na hÉireann, d'aithin an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (2005), ina *Data and Statistics Strategy*, gur ceann dá cuspóirí lárnacha is ea freastal ar riachtanais faisnéise an phobail níos leithne, go háirithe maidir le scéimeanna agus seirbhísí leasa shóisialaigh.

Má tá leas le baint as faisnéis d'fhonn tacú le saol leanaí ní mór do na páirtithe leasmhara go léir oibriú i gcomhar le chéile, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil baint acu le cruthú eolais agus iad siúd arb é a bpríomhchúram leas a bhaint as eolas. Rudaí eile a bhaineann leis seo is ea an gá atá le naisc agus meicníochtaí malartaithe a chruthú, mar aon le fóraim a bhunú laistigh d'eagraíochtaí agus idir eagraíochtaí a d'fhéadfadh cabhrú chun deiseanna a chur ar fáil chun plé a dhéanamh ar ábhair éagsúla agus eolas a mhalartú fúthu, chun comhthuiscint a chruthú eatarthu agus chun pearsanra ábhartha a choinneáil ar an eolas faoi riachtanais taighde agus sonraí atá ag teacht chun cinn agus faoi na forbairtí atá á ndéanamh. Moltar an cur chuige seo sa litríocht faoin ábhar: Mar shampla tugann Gordon agus Brown (2005) le fios go bhfuil comhpháirtíochtaí agus naisc ag teastáil d'fhonn:

- ceisteanna taighde a roghnú agus a leagan amach chun aghaidh a thabhairt ar nithe atá tábhachtach ó thaobh páirtithe leasmhara ábhartha;
- a chinntiú go bhforbrófar taighde ar bhealach a chloíonn leis na caighdeáin eolaíochta is airde;
- teachtaireachtaí a sheoladh faoi thorthaí a bheidh úsáideach dóibh siúd a d'fhéadfadh tairbhe a bhaint astu.

Is iomaí athrú a tharla in Éirinn le blianta beaga anuas a thacaíonn le forbairt comhthuisceana ar shaol leanaí agus tá athrú tagtha ar an gcultúr, i measc lucht ceaptha beartas agus lucht soláthraithe seirbhíse, agus fonn orthu leas a bhaint as taighde agus sonraí mar bhunsraith dá gcuid oibre. Léiríonn na hathruithe seo gluaiseacht idirnáisiúnta a d'éascaigh cur i bhfeidhm beartas agus cleachtas bunaithe ar fhianaise, agus ar tugadh an sainmhíniú seo a leanas air '*helping people make well-informed decisions about policies, programmes and projects by putting the best available evidence from research at the heart of policy development and implementation*' (Nutley *et al*, 2007).

Ar leibhéal Rialtais de, tá tiomantas an-soiléir ann maidir le cur chuige bunaithe ar fhianaise a neadú i gceapadh beartas i ranna Rialtais ar leith agus tá sé sin luaite go soiléir i roinnt foilseacháin oifigiúla (NESC, 2005 agus 2009). D'fhonn tacú leis an gcuspóir seo, tá staitisteoirí ag roinnt ranna Rialtais anois atá ar iasacht ón bPríomh-Oifig Staidrimh agus iad ag obair laistigh den eagraíocht agus soláthraíonn sé seo ceannaireacht agus cúnamh praiticiúil sa réimse seo. Ina theannta sin, tá taighdeoirí tiomanta ag líon beag ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí agus cuidíonn sé seo freisin le cur chuige bunaithe ar fhianaise a bheith acu maidir le ceapadh beartas. Tá an nós tagtha chun cinn le deireanas acmhainní a chruthú le cabhrú le heagraíochtaí an leas is fearr a bhaint as an bhfianaise atá ar fáil faoi shaol leanaí (CES, 2011). In ainneoin na bhforbairtí seo, d'aithin cuid de na freagróirí dúshláin eagraíochtúla a chuir bac ar úsáid taighde agus sonraí, go háirithe na cinn sin a bhaineann le cúrsaí cultúir. Ina dtuarascáil don Bhord Comhairleach um Achtanna na Leanaí (CAAB), scrúdaigh Buckley *et al* (2010) na modhanna agus na meicníochtaí chun tacú le cruthú cultúr eagraíochtúil a thabharfadh tacaíocht d'úsáid fianaise. D'aithin siad na gníomhartha seo a leanas:

- ceannaireacht láidir a chur ar fáil;
- fianaise a dhéanamh níos inrochtana;
- cabhrú le lucht pearsanra na príomhtheachtaireachtaí a thuiscint;
- cur le cumas daoine taighde a léamh agus a thuiscint agus sintéis a dhéanamh air;
- a áit féin a chruthú don taighde laistigh den eagraíocht trí dhreasachtaí agus luach saothair a sholáthar maidir le húsáid taighde;
- naisc a chruthú idir soláthraithe agus lucht úsáidte taighde.

Lena chois sin aithníodh gur cuid lárnach de thógáil córas taighde agus sonraí níos fearr agus acmhainní níos fearr is ea cultúir eagraíochtúla agus institiúideacha a fhorbairt a thabharfadh tús áite do tháirgeadh agus d'úsáid taighde agus sonraí laistigh de na bunaíochtaí sin a bhíonn ag plé le saol leanaí. Tá sé ríthábhachtach neadú a dhéanamh ar úsáid taighde agus sonraí sna próisis agus sna cleachtais a bhaineann le saol leanaí má tá tacaíocht le tabhairt don chineál seo forbartha.

Tá sé ríthábhachtach freisin go mbeadh teicnící agus cleachtais níos fearr ann maidir le scaipeadh faisnéise, go mbeadh an t-ábhar ar fáil go tráthúil, agus go mbainfí leas as roinnt modhanna lena scaipeadh má táthar le tacú le leas níos mó a bhaint as taighde agus as faisnéis faoi shonraí d'fhonn tacú le beartas agus le cleachtas. Aithnítear an tábhacht a bhaineann le haistriú eolais, go háirithe ó tá an próiseas ceaptha beartais chomh casta sin. Léiríonn sé seo an gá atá le torthaí sonraí a nascadh níos dlúithe le beartas agus le seachadadh seirbhíse, mar shampla, mionteagaisc ghearra a fhorbairt a bheadh curtha in oiriúint do na riachtanais atá ag pobail faoi leith. I measc na dtionscnamh náisiúnta atá ann cheana féin a d'fhéadfadh tacú le haistriú eolais níos fearr, tá an bunachar sonraí maidir le taighde a rinneadh ar shaol leanaí a bhfuil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ag déanamh óstála air agus atá ábhartha ó thaobh beartais de (*féach* www.childrensdatabase.ie). Tá tús curtha ag eagraíochtaí eile freisin le cur chuige den chineál céanna. Mar shampla tá bunachar sonraí forbartha ag an gComhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta faoi thaighde a bhaineann lena réimse saineolais féin (*féach* www.ncse.ie/research/Database_of_SEN_Research_Policy_in_Ireland), agus tá an rud céanna déanta ag an nGníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh (*féach* www.fsa.ie/research/family-research-database/) agus ag Aonad Scaipthe Drugaí an Bhoird Taighde Sláinte (*féach* www.hrb.ie), a ndéanann siad araon óstáil freisin ar bunachair shonraí maidir le taighde a bhaineann lena réimse ábhair. I réimse na staidrimh oifigiúla, tá an Phríomh-Oifig Staidrimh tar éis cuid mhaith eolais a chur ar fáil le blianta beaga anuas faoi shaol saoránach (lena n-áirítear leanaí) ina gcuid foilseachán, ina ráitis staitistiúla agus trína seirbhís lárnach um scaipeadh sonraí (*féach* www.cso.ie/px/). Mar gheall ar an méid a bhaineann le saol leanaí agus an méid faisnéise atá ar fáil, is léir go gcaithfidh na páirtithe leasmhara go léir oibriú i gcomhar le chéile chun an t-ábhar a dhoiciméadú agus rochtain air a éascú, agus cuid lárnach den straitéis reatha is ea é seo.

Saincheist ghaolmhar atá ag teacht chun cinn sa straitéis seo is ea fáil, anailísiú agus tuairisciú an eolais faoi sheirbhísí leanaí ar an leibhéal áitiúil agus faoi na naisc atá idir na seirbhísí sin agus na torthaí a bhíonn acu ar leanaí. Meastar go bhfuil an cineál seo sonraí riachtanach i gcomhair phleanáil seirbhíse agus í a chur i bhfeidhm, agus chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh uirthi. Mar sin féin, meastar gurb é córas coitianta mapála

an chéad chéim maidir le tuiscint níos fearr a fháil ar shaol leanaí ar an leibhéal áitiúil. Cabhróidh *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Iena mbunaítear Bonneagar d'Fhaisnéis Spáis sa Chomhphobal Eorpach (INSPIRE)) 2010* (IR 382 de 2010), faoi choimirce na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (2010), le forbairtí sa réimse seo.

Tá béim níos mó á cur freisin ar mhonatóireacht agus ar mheastóireacht beartas, seirbhísí agus idirghabhálacha. Tá go leor oibre déanta i dtaca leis seo, go háirithe sna hearnálacha sláinte, oideachais agus óige (*féach mar shampla*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, 2008; HIQA, 2011; FSS, 2010; An Roinn Sláinte agus Leanaí, 2008). Rinneadh iniúchadh cuibheasach mion ar an gcur i bhfeidhm ar an leibhéal áitiúil nuair a bhí an straitéis seo á hullmhú. Rinneadh é sin trí chás-staidéar ar an tionscadal maidir le Mapáil Fhorbairt na Luath-Óige, a bhí ar siúl i British Columbia, Ceanada, agus a nascann seirbhísí áitiúla go díreach le hullmhacht chun scoile (Hertzman *et al*, 2002). Is é cuspóir an tionscadail seo eolas a fháil, a chur chun cinn agus a chur i bhfeidhm trí thaighde idirdhisciplíneach ionas go mbeidh rath ar leanaí agus ar theaghlaigh agus déantar é seo trí fhaisnéis a chur ar fáil faoi fhorbairt leanaí agus faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil dóibh ar an leibhéal áitiúil. Tá Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas ag obair le blianta beaga anuas chun próifíl seirbhísí agus tacaíochtaí do leanaí sa limistéar sin a thógáil, agus faoi mar a rinneadh i gcás-staidéar Cheanada, tá mapáil á húsáid acu chun é seo a éascú. Ar an leibhéal náisiúnta, cuireann an tuarascáil *State of the Nation's Children*, atá á fhoilsiú gach ré bliain ó 2006 i leith ag OALGÓ, meicníocht ar fáil trínar féidir sraith chuimsitheach táscairí maidir le saol leanaí a úsáid chun tuairisciú a dhéanamh ar a gcuid torthaí, ar infhaighteacht seirbhísí agus tacaíochtaí, agus ar na gaolmhaireachtaí a bhaineann leo. Is féidir tagarmharcáil a dhéanamh ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta ar chás na leanaí de thoradh na dtuarascálacha rialta débhliantúla sin.

Cuirfear cur chuige níos cuimsithí i bhfeidhm maidir le seirbhísí ar an leibhéal áitiúil le linn thréimhse na straitéise reatha (2011-2016) agus tá comhaontú déanta faoi na gníomhaíochtaí a bhaineann leis. Ina theannta sin, nuair a bheidh tionscadail nua á gcur i bhfeidhm bainfear leas freisin as na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail luath-idirghabhála chun saincheisteanna ar an leibhéal áitiúil a chur san áireamh. Beidh an obair atá á déanamh ag an bPríomh-Oifig Staidrimh faoi geochódú agus nascadh sonraí an-ábhartha i gcomhthéacs na forbartha seo.

Mar achoimre, is féidir a rá bíodh is go bhfuil mórchuid scríofa faoi leas a bhaint as taighde agus as sonraí ó thaobh beartais agus cleachtais, is léir go bhfuil na próisis atá i gceist chomh casta sin go bhfuil iarmhairtí acu ar an gcur i bhfeidhm. Aithníodh go bhfuil an-tábhacht ag baint le dornán beag réimsí maidir le taighde faoi shaol leanaí in Éirinn agus tá siad le fáil sa Phlean Gníomhaíochta don straitéis seo (*féach Caibidil 5*).

ACHOIMRE

Aithníodh ceithre phríomhshaincheist leathana i bpróiseas forbartha na straitéise reatha. Ba iad sin an gá atá le cur chuige straitéiseach náisiúnta a fhorbairt maidir le faisnéis faoi shaol leanaí; feabhas a chur ar chórais sonraí lucht riaracháin; cumas a thógáil i ngach réimse taighde agus forbairt sonraí, go háirithe maidir le cumas anailíseach; agus tacú le beartas agus cleachtas atá bunaithe ar fhianaise. Má tá na forbairtí seo le cur i gcrích ní mór chuige cuimsitheach comhpháirtíochta a bheith ag na páirtithe leasmhara go léir agus caithfidh baint a bheith aige le saol uile na leanaí.

5. PLEAN GNÍOMHAÍOCHTA

Aithníodh cúig chuspóir i réimse torthaí na leanaí a pléadh i gCaibidil 3 agus sna saincheisteanna leathana atá leagtha amach i gCaibidil 4. Cuireann na cuspóirí seo agus na réimsí gníomhaíochta a bhaineann leo creat ar fáil trína gcuirtear i láthair na gníomhaíochtaí sin a ndearnadh comhaontú fúthu sa Straitéis Náisiúnta Taighde agus Sonraí seo maidir le Saol Leanaí go bhfuil siad le cur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na cuspóirí sin:

Cuspóir		Réimse gníomhaíochta	
A	Tuiscint chuimsitheach agus chomhleanúnach a chothú maidir le forbairt agus riachtanais leanaí agus maidir le tacaíochtaí agus seirbhísí cuí	1	Tógáil ar bhonn na sonraí ó shuirbhéanna agus sonraí riaracháin atá ann maidir le saol leanaí agus iad a fheabhsú.
		2	Tacú leis an leas is mó a bhaint as an bhfaisnéis atá ann faoi láthair agus é sin a chur chun cinn.
		3	Tús áite a thabhairt do thaighde nua agus do thiomsú sonraí agus bunús a sholáthar dóibh.
B	Líon na n-áiteanna taighde a fhorbairt sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí	4	Líon na n-áiteanna taighde sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí a fhorbairt agus béim faoi leith a leagan ar thacaíocht a thabhairt d'anailís chainníochtúil.
C	Bonneagar maith a fhorbairt sa réimse a bhaineann le taighde agus sonraí leanaí, tacaíocht a thabhairt dó agus é a chur chun cinn	5	Tacú le forbairtí náisiúnta maidir le taighde agus sonraí faoi shaol leanaí agus bunús a sholáthar dóibh. Meicníocht a sholáthar le haghaidh forbairt leanúnach a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar choincheapa cuí i ndáil le sonraí faoi shaol leanaí.
		6	Struchtúr rialachais uileghabhálach a fhorbairt le haghaidh taighde faoi leanaí, lena n-áirítear athbhreithniú eiticiúil.
D	Monatóireacht agus measúnú ar sheirbhísí leanaí in Éirinn ar an leibhéal áitiúil agus náisiúnta a fheabhsú	7	Modhanna éagsúla cur chuige comhtháite a fhorbairt chun meastóireacht a dhéanamh ar rochtain, ar chostas agus ar chaighdeán na seirbhísí, na dtacaíochtaí agus na n-idirghabhálacha a bhaineann le saol leanaí.
E	Tacú le leanúnachas idir taighde agus úsáid sonraí i gcomhthéacsanna beartais agus cleachtais	8	Feabhas a chur ar fheasacht, eolas agus tuiscint ar acmhainneacht taighde agus sonraí i gcomhthéacsanna beartais agus cleachtais. Cur le athrú i meon, i dtuiscint agus i smaointe daoine maidir le húsáid na faisnéise faoi shaol leanaí. Tacaíocht agus acmhainní a sholáthar maidir le húsáid taighde agus sonraí i gcomhthéacs beartais agus cleachtais.

CUR I BHFEIDHM AGUS MAOIRSEACHT

Is iad na heagraíochtaí agus na struchtúir atá ainmnithe sa Phlean Gníomhaíochta a chuirfidh i bhfeidhm na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa straitéis seo (*féach thíos*). Cé go bhfuil an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige freagrach as gníomhartha áirithe sa straitéis agus go mbeidh ról maoirseachta ag an Roinn maidir leis an bplean gníomhaíochta foriomlán, is iad na ranna Rialtais ar leith nó na heagraíochtaí eile a thug tiomantas gníomhartha sonracha sa straitéis seo a dhéanamh a bheidh freagrach as na gníomhartha sin a sholáthar.

Rachaidh Aonad Taighde na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige i mbun idirchaidrimh leis na heagraíochtaí seo agus déanfaidh sé comhordú ar an obair agus líonfaidh amach teimpléad tuarascála faoin dul chun cinn bunaithe ar struchtúr an Phlean Gníomhaíochta, agus déanfaidh sé tagarmharcáil ar an dul chun cinn i bhfianaise na dtáscairí atá leagtha amach sa phlean. Seolfaidh Cathaoirleach an ghrúpa iomchuí tuairisc chuig an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige faoi na míreanna sin a sannadh chuig Grúpa Gníomhaíochta Idir-rannach.

Sa chás go dtagraíonn na gníomhaíochtaí d'iniúchadh nó do réamhghníomhaíochtaí eile óna bhfuiltear ag súil le tuilleadh cinntí agus gníomhaíochtaí, déanfar na gníomhaíochtaí leantacha a dhoiciméadú agus cuirfear táscairí athbhreithnithe ar fáil dóibh nuair a bheidh an Plean Gníomhaíochta á nuashonrú gach bliain.

Déanfaidh an Grúpa Stiúrtha Idirghníomhaireachta maoirsiú ar na gníomhaíochtaí feidhmithe agus tuairiscithe. Beidh ballraíocht an ghrúpa sin bunaithe ar a raibh sa Ghrúpa Stiúrtha bunaidh maidir leis an Straitéis Taighde agus Sonraí, ach d'fheadfaí é a leathnú chun raon iomlán na dtéamaí a dtugtar aghaidh orthu sa Phlean Gníomhaíochta a chur san áireamh. Beidh oifigeach sinsearach ón Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ina c(h)athaoirleach ar an ngrúpa i gcónaí.

Foilseofar nuashonraithe bliantúla ar láithreán gréasáin na Roinne Leanaí agus Gnóthaí Óige (ar www.dcya.ie) agus leanfar an fhormáid a úsáideadh sa Phlean Gníomhaíochta.

Seo anois an Plean Gníomhaíochta ina bhfuil cur síos ar an 59 gníomhaíocht atá le cur i bhfeidhm i 24 eagraíocht.

CUSPÓIR A: TUISCINT CHOMHTHÁITE A SHOLÁTHAR FAOI FHORBAIRT LEANAÍ, FAOI NA RIACHTANAIS ATÁ ACU AGUS FAOI THACAÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSÍ OIRIÚNACHA

Cuireadh ar na súile dúinn le linn fhorbairt na straitéise seo go bhfuil difríochtaí suntasacha ann maidir le méid agus le cineál na faisnéise atá ar fáil faoi réimsí éagsúla de shaol leanaí. Tabharfar aghaidh ar na difríochtaí sin trí chur chuige níos comhordaithe a bheith ann maidir le taighde leanaí agus trína chinntiú go leagtar béim ar ord tosaíochta. Ar na céimeanna bunaidh beidh clár taighde leanaí leagtha amach in ord tosaíochta. Tógfar an clár seo ar na tionscnaimh atá ann faoi láthair agus orthu siúd a bhí ann cheana féin agus aibhseoidh sé iad, agus go háirithe, spreagfaidh sé leas a bhaint as foinsí sonraí atá ann cheana féin agus na cinn atá ag teacht chun cinn ón staidéar fadaimseartha a rinneadh ar leanaí in Éirinn. Tá sé seo thar a bheith ábhartha ó tá sé soiléir anois maidir leis an taighde agus na sonraí atá ann cheana féin nó atá ag teacht chun cinn nach bhfuil mórán ar eolas fúthu ag na príomhghrúpaí a d'fhéadfadh leas a bhaint astu.

Leanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige uirthi ag cistiú an Staidéir Fadaimseartha ar Leanaí in Éirinn go deireadh na céime reatha, a bhfuiltear ag súil a bheith críochnaithe faoi 2012. Déanfar tionscnaimh cistithe eile a chomhordú, nuair is féidir, le heagraíochtaí eile a bhfuil saineolas ábhartha acu sa réimse sin. Mar shampla, áirítear ar na comhpháirtíochtaí atá ann faoi láthair rannpháirtíocht sa Tionscnamh um Fhorbairt Taighde de chuid na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS), agus comhoibriú leis an Institiúid Náisiúnta um Anailís Réigiúnach agus Spásúil (NIRSA) maidir le mapáil táscairí folláine leanaí.

Faoi mar a tugadh le fios i gCaibidil 3, aithníodh roinnt córas riaracháin atá le forbairt:

- feabhsuithe ar chórais sonraí maidir le cosaint leanaí agus maidir le leanaí faoi chúram an Stáit, lena n-áirítear iad siúd atá faoi choinneáil;
- bunachar comhtháite sonraí foghlaimeora a fhorbairt do leanaí san oideachas agus, go háirithe, an gá atá le bunachar sonraí bunscoile;
- taifead sláinte pearsanta.

Chomh maith leis na trí réimse sin, tabharfar aghaidh freisin le linn na straitéise seo ar thacaíocht a thabhairt chun na córais sonraí faisnéise atá ann a fheabhsú. Áirítear leo siúd a chinntiú go ndéantar comhchuibhiú ar na bailiúcháin sonraí agus meicníochtaí a chur ar fáil trínar bhféadfar sonraí a nascadh.

Mar achoimre, is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta faoi Chuspóir A:

Réimse Gníomhaíochta 1	**Tógáil ar bhonn na sonraí ó shuirbhéanna agus sonraí riaracháin atá ann maidir le saol leanaí agus iad a fheabhsú.**
Réimse Gníomhaíochta 2	**Tacú leis an leas is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann faoi láthair agus é sin a chur chun cinn.**
Réimse Gníomhaíochta 3	**Tús áite a thabhairt do thaighde nua agus do thiomsú sonraí agus bunús a sholáthar dóibh.**

Tá na gníomhartha atá á ndéanamh faoin gcuspóir seo leagtha amach sa tábla seo a leanas. Tá gach gníomh sannta do struchtúr áirithe forfheidhmithe. Is eagraíocht aonair nó aonad laistigh d'eagraíocht é sin de ghnáth; tá cuid acu sannta do struchtúir idirghníomhaireachta, áfach, nó tá siad á gcur i gcrích tríd chomhar idir dhá eagraíocht nó níos mó. D'fhéadfadh roinnt gníomhaíochtaí éagsúla a bheith i gceist le gach gníomh agus baineann gach gníomh le ceann de na réimsí gníomhaíochta a bhfuil cur síos orthu thuas.

CUSPÓIR A: Tuiscint chomhtháite a sholáthar faoi fhorbairt leanaí, faoi na riachtanais atá acu agus faoi thacaíochtaí agus seirbhísí oiriúnacha

Réimse Gníomhaíochta 1 = Tógáil ar bhonn na sonraí ó shuirbhéanna agus sonraí riaracháin atá ann maidir le saol leanaí agus iad a fheabhsú; **Réimse Gníomhaíochta 2=** Tacú leis an leas is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann faoi láthair agus é sin a chur chun cinn; **Réimse Gníomhaíochta 3 =** Tús áite a thabhairt do thaighde nua agus do thiomsú sonraí agus bunús a sholáthar dóibh.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A1	An Chomhairle Ealaíon		1	Tomhaisfear leibhéal rannpháirtíochta leanaí agus daoine óga i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus an tionchar a bhíonn aige sin.	Bainfear leas as athróga comhchuibhithe sna bailiúcháin sonraí ábhartha ó eagraíochtaí ealaíon chun go mbeifear in ann saintréithe na leanaí (sa chohórt ó 0 go 17) a aithint. Tabharfar isteach an próiseas seo i suirbhé 2011 ar eagraíochtaí ealaíon.	Cuimseofar aoisghrúpaí caighdeánacha i suirbhé 2011. Aontófar tograí chun an tionscnamh a leathnú faoi dheireadh 2012.
			3	Beidh níos mó faisnéise ar chaighdeán níos airde ar fáil faoi rannpháirtíocht leanaí sna healaíona agus faoi na seirbhísí a thacaíonn leis sin.	Cuirfidh an Chomhairle Ealaíon cistiú tiomanta ar fáil chun tacú le clár taighde maidir le rannpháirteachas leanaí sna healaíona.	Aontófar na príomhréimsí tosaíochta faoi dheireadh 2011. Coimisiúnófar an chéad staidéar (nó na chéad staidéir) faoi dheireadh 2012.
A2	An Phríomh-Oifig Staidrimh		2	Baileofar tomhais ar thaithí leanaí ar choiriúlacht, ar a ndearcadh maidir le gníomhaíocht choiriúil agus ar an tionchar atá ag an gcoiriúlacht ar shaol na leanaí.	Déanfar scrúdú ar scóip na sonraí reatha ar an gcóras PULSE chun próifíliú breise a dhéanamh ar íospartaigh linbh na coiriúlachta.	Déanfar scrúdú ar an tacar sonraí agus aithneofar aon bhearta nua atá indéanta ó na sonraí reatha faoi dheireadh 2013.
			3	Soláthróidh sé tuiscint níos fearr ar na tosca sin a bhfuil tionchar acu ar chúrsa leanaí tríd an gcóras oideachais agus ar na torthaí oideachasúla a bhíonn acu.	Déanfar anailís ar stádas litearthachta agus uimhriúil daoine fásta a bhfuil leanaí acu agus ar an gceangal idir oideachas agus ceird na dtuismitheoirí agus torthaí oideachais, fostaíochta agus scileanna a gcuid leanaí fásta, bunaithe ar na sonraí a thagann chun cinn ón gClár um Measúnú Idirnáisiúnta ar Inniúlachtaí Dhaoine Fásta.	Beidh anailís thaiscéalaíoch agus comhaontú maidir le haschuir bainte amach faoi lár 2012. Foilseofar na torthaí faoi dheireadh 2013.
			3	Déanfar tuilleadh imscrúdaithe ar an ról atá ag leanaí agus daoine óga mar chúramóirí.	Déanfar anailís mhionsonraithe chun próifíl a chur le chéile de na leanaí sin a thuairiscigh i nDaonáireamh 2011 go dtugann siad faoi ról cúraim.	Foilseofar an tuarascáil faoi dheireadh 2013.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	An Phríomh-Oifig Staidrimh (*ar lean*)		3	Déanfar cur síos ar dhálaí na dteaghlach ina gcónaíonn leanaí agus déanfar anailís ar na torthaí a bhaineann leo.	Déanfar tuilleadh anailíse ar shonraí na nDaonáireamh reatha chun próifíl iomlán a sholáthar de struchtúir theaghlaigh agus líonta tí agus faoi na socruithe cónaithe atá ag leanaí in Éirinn.	Foilseofar an tuarascáil faoi dheireadh 2013.
			1	Díreofar go príomha ar leanaí nuair a bheidh staidrimh á dtiomsú faoi bhochtaineacht agus faoi dhíothacht.	Leanfaidh an Phríomh-Oifig Staidrimh ar aghaidh leis na tionscnaimh atá ann cheana féin maidir le tiomsú agus anailísiú sonraí suirbhé ar leibhéal an duine aonair, seachas ar leibhéal an teaghlaigh, agus le hanailísiú ábhar a bhaineann go sonrach le leanaí agus cuirfidh sí leis na tionscnaimh sin.	Foilseofar an tuarascáil ar bhochtaineacht leanaí atá bunaithe ar shonraí AE-SILC (AE/Suirbhé ar Ioncam agus Dálaí Maireachtála) faoi dheireadh 2011.
		leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	2	Scrúdófar chomh mór is atá leanaí ina n-íospartaigh coiriúlachta.	Scrúdófar na foinsí sonraí atá ann faoi choiriúlacht le fáil amach chomh mór is atá leanaí ina n-íospartaigh coiriúlachta.	Beidh an tuarascáil tosaigh réidh faoi dheireadh 2014.
A3	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Aonad an Bheartais um Chosaint agus Leas Leanaí, trí Thionscnamh Forbartha Taighde na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta	2	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi shaol na leanaí a bhfuil cosaint riachtanach dóibh agus atá faoi chúram an Stáit, faoi na córais atá ann le tacú leo agus faoin dul chun cinn a dhéanann siad tar éis a gcuid ama a chaitheamh faoi chúram.	Déanfar anailís agus sintéis ar phríomhtheachtaireachtaí ó thuarascálacha agus ón litríocht atá ann cheana féin faoi leanaí a bhfuil gá acu le cosaint agus atá faoi chúram an Stáit.	Foilseofar an tuarascáil faoi lár na bliana 2013.
		Aonad an Bheartais um Chosaint agus Leas Leanaí, mar aon le FSS agus leis an nGníomhaireacht nua um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí	1	Faisnéise fheabhsaithe faoi rochtain, faoi chaighdeán agus faoi chostas na seirbhísí cosanta agus leasa leanaí.	Samhail airgeadais a bheidh i bhfeidhm d'fhonn an costas a bhaineann le seirbhísí cosanta agus leasa leanaí a áireamh, chun monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas agus treoir a thabhairt faoi leithdháileadh acmhainní.	Tabharfar aghaidh orthu i gcomhthéacs bhunú na Gníomhaireachta nua um Thacaíocht Teaghlaigh agus Leanaí agus cuirfear tuairisc ar fáil fúthu roimh dheireadh 2013.
A4	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	Aonad na Straitéise Náisiúnta Leanaí	2	Déanfar tuilleadh tuairiscithe agus anailíse ar chúram agus oideachas na luath-óige.	Foilseofar meastóireachtaí na bpróiseas agus na n-idirghabhálacha ón gClár um Chosc agus Luathchosc (PEIP).	Foilseofar na torthaí faoi lár 2014.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A5	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (*ar lean*)	An tAonad Rannpháirtíochta, trí Thionscnamh Forbartha Taighde na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta	2	Scrúdófar a mhéid is a éistear le leanaí nuair atá beartais agus seirbhísí á bhforbairt agus toradh na rannpháirtíochta sin.	Déanfar athbhreithniú ar an litríocht faoi thionscnaimh rannpháirtíochta agus faoin taithí atá ag daoine óga nach gcloistear go minic.	Beidh tuarascáil faoin staidéar ar fáil faoi dheireadh 2012.
			3	Scrúdófar a mhéid is a éistear le leanaí nuair atá beartais agus seirbhísí á bhforbairt agus toradh na rannpháirtíochta sin.	Déanfar staidéar ar dhearcthaí daoine óga faoi na struchtúir rannpháirtíochta atá ann cheana féin.	Foilseofar tuarascáil faoin staidéar faoi dheireadh 2012.
A6	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	An tAonad Taighde	3	Leanfar ar aghaidh le cúrsaí taighde agus tiomsú sonraí le tacú le beartas agus le cleachtas faoi Chlár Taighde Náisiúnta Leanaí.	Leanfar ar aghaidh leis an staidéar *Growing up in Ireland* (ach acmhainní a bheith ar fáil).	Críochnófar an dara feachtas tiomsaithe sonraí i gcomhair Chohórt na Naíonán (ag 3 bliana d'aois) faoi dheireadh 2011 agus críochnófar é i gcomhair Chohórt na Leanaí (ag 13 bliana d'aois) faoi lár 2012. Críochnófar an phleanáil i gcomhair an tríú feachtas faoi dheireadh 2011. Foilseofar sraith iomlán aschur Chéim 1 faoi dheireadh 2013.
		An tAonad Taighde	3	Leanfar ar aghaidh le cúrsaí taighde agus tiomsú sonraí le tacú le beartas agus le cleachtas faoi Chlár Taighde Náisiúnta Leanaí.	Ullmhófar agus foilseofar clár tosaíochta taighde faoi shaol leanaí.	Foilseofar an clár faoi lár 2012. Beidh an chéad staidéar taighde coimisiúnaithe faoi dheireadh 2012.
A7	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	An tAonad Gnóthaí Óige	1	Forbrófar modhanna chun rannpháirtíocht, saoránacht ghníomhach agus caipiteal sóisialta a thomhas i measc leanaí agus daoine óga.	Tiomsófar sonraí faoi bhallraíocht in eagraíochtaí óige agus faoi ghníomhaíocht dheonach ó na sonraí riaracháin atá ann cheana féin, lena n-áirítear na príomhathróga aicmithe ar nós aois, gnéas agus cúrsaí tíreolaíochta. Tabharfar tuairisc faoi na meastacháin sin gach bliain.	Foilseofar an chéad tuarascáil faoi dheireadh 2012.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige (*ar lean*)	An tAonad Gnóthaí Óige	2	Scrúdófar an chaoi a gcuireann na seirbhísí obair óige le torthaí dearfacha sna réimsí forbartha óige agus tacaíocht don óige.	Déanfar athbhreithniú ar an litríocht idirnáisiúnta faoi na torthaí do dhaoine óga a eascraíonn as rannpháirtíocht in obair don aos óg agus as tionscnaimh thacaíochta don aos óg.	Foilseofar an tuarascáil faoi dheireadh 2011.
A8	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	An Ghníomhaireacht um Thacaíocht Teaghlaigh trí Thionscnamh Forbartha Taighde na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta	2	Scrúdófar tionchar tosca eacnamaíocha ar leanaí agus ar shaol an teaghlaigh, agus na tacaíochtaí foirmiúla le haghaidh slándála geilleagraí.	Scrúdóidh na ceithre thionscadal taighde atá ar siúl faoi láthair raon feidhme na dtacar sonraí atá ann cheana féin ó thaobh anailís a dhéanamh ar dhea-bhail teaghlaigh. Cuirfidh siad léargais ar fáil faoi shaol na dteaghlach a bhfuil páistí iontu agus soláthróidh siad bonn le haghaidh tuilleadh forbartha ar thaighde faoi theaghlaigh.	Beidh sraith tuarascálacha faoi thorthaí na staidéar sin críochnaithe faoi Mheitheamh 2014.
A9	An Roinn Oideachais agus Scileanna		1	Soláthróidh sé tuiscint níos fearr ar na tosca sin a bhfuil tionchar acu ar chúrsa leanaí tríd an gcóras oideachais agus ar na torthaí oideachasúla a bhíonn acu.	Leanfar ar aghaidh le sraith tuarascálacha faoi rátaí coinneála agus marcóirí maidir le míbhuntáiste iontu.	Leanfar ar aghaidh leis an tsraith foilseachán atá ann cheana féin bunaithe ar fhormáid thuarascáil na bliana 2011 agus déanfar iad a leathnú amach.
			2	Soláthróidh sé tuiscint níos fearr ar na tosca sin a bhfuil tionchar acu ar chúrsa leanaí tríd an gcóras oideachais agus ar na torthaí oideachasúla a bhíonn acu.	Tionscadal píolótach faoi nascadh bunachair shonraí daltaí iarbhunscoile le bunachair shonraí eile faoi chúrsaí oideachais d'fhonn a fháil amach cén scóip a bheadh ann faisnéis chuimsitheach a fháil faoi fhoghlaimeoirí atá ag staidéar i gcomhair cáilíochtaí FETAC, ag baint úsáide as foinsí sonraí lucht riaracháin.	Tionscadal píolótach le bheith curtha i gcrích faoi lár 2012.
			3	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi na leibhéil ghnóthachtála oideachais agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar a leithéid a bhaint amach.	Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht i gcláir measúnaithe náisiúnta (ach acmhainní a bheith ar fáil) lena n-áirítear an Measúnú Náisiúnta ar Matamaitic agus an Measúnú Náisiúnta ar Chumas Léitheoireachta Béarla.	Seolfar tuarascáil faoi mheasúnaithe in 2014.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	An Roinn Oideachais agus Scileanna (*ar lean*)		3	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi na leibhéil ghnóthachtála oideachais agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar a leithéid a bhaint amach.	Leanfar ar aghaidh le rannpháirtíocht i gcláir mheasúnaithe idirnáisiúnta (ach acmhainní a bheith ar fáil) lena n-áirítear an Clár Idirnáisiúnta um Measúnú Daltaí (PISA), Dul chun cinn i Staidéar Idirnáisiúnta Léitheoireachta Litearthachta (PIRLS) agus Treochtaí sa Staidéar Matamaitice agus Eolaíochta (TIMSS).	Seolfar tuarascáil faoi PIRLS agus TIMSS in 2012. Seolfar tuarascáil faoi PISA in 2013.
A10	An Roinn Sláinte	An tAonad um Chothú Sláinte	2	Leas níos mó agus níos fearr a bhaint as an taighde atá déanta agus as na sonraí atá ann cheana féin faoi alcóil agus drugaí i saol leanaí.	Cuirfear tacar sonraí anaithnide ar fáil ó Shuirbhé 2011 ESPAD ó Chartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann.	Lóisteálfar an tacar sonraí faoi dheireadh 2013.
		An tAonad um Chothú Sláinte	3	Tiomsófar faisnéis faoi thorthaí agus faoi sheirbhísí sláinte leanaí, déanfar anailís orthu agus scaipfear iad.	Leanfar ar aghaidh leis na príomhshuirbhéanna faoi shláinte leanaí, mar shampla ESPAD agus HBSC (ach acmhainní a bheith ar fáil dóibh).	Leanfar ar aghaidh ag bailiú sonraí sa chéad chéim eile de na suirbhéanna iomchuí.
		An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí	2	Leas níos mó agus níos fearr a bhaint as an taighde atá déanta agus as na sonraí atá ann cheana féin faoi alcóil agus drugaí i saol leanaí.	Déanfar iniúchadh ar an taighde atá ann cheana féin faoi leanaí atá ina gcónaí le tuismitheoirí atá ag mí-úsáid substaintí d'fhonn na heasnaimh atá san fhaisnéis faoin ábhar seo a aithint.	Déanfar cinneadh roimh an gcéad ráithe de 2012 maidir le coimisiúnú taighde amach anseo.
A11	An Roinn Coimirce Sóisialaí	An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta	3	Díreofar go príomha ar leanaí nuair a bheidh staidrimh á dtiomsú faoi bhochtaineacht agus faoi dhíothacht.	Déanfaidh an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) anailís ar shonraí suirbhé AE-SILC 2009, go háirithe maidir le míreanna a bhaineann le díothacht leanaí.	Foilseofar an tuarascáil faoi lár 2012.
		An Rannóg um Chuimsiú Sóisialta	3	Díreofar go príomha ar leanaí nuair a bheidh staidrimh á dtiomsú faoi bhochtaineacht agus faoi dhíothacht.	Déanfar próifíliú i 'Portráid Shóisialach de Dhaoine faoi Mhíchumas' ar shaincheisteanna cuimsithe sóisialta agus bochtaineachta a bhaineann le daoine faoi mhíchumas agus beidh sonraí maidir le leitheadúlacht, oideachas agus sonraí gaolmhara maidir le leanaí san áireamh mar chuid den tsraith 'Portráid Shóisialach' aonuaire, a sholáthraíonn sonraí ábhartha agus a aithníonn saincheisteanna maidir le grúpaí leochaileacha ag pointí éagsúla dá saolré.	Seolfar an tuarascáil agus beidh seimineár bainteach leis ar siúl i Meán Fómhair 2011.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A12	An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil		1	Beidh tuilleadh caighdeánaithe i gceist sna tuairiscí faoi sheirbhísí agus áiseanna do leanaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéil níos ísle.	Bainfear leas níos mó as athróga comhchuibhithe sna bailiúcháin sonraí ábhartha chun go mbeifear in ann saintréithe na leanaí (sa chohórt ó 0 go 17) a aithint sna foinsí sonraí go léir.	Áireofar aschuir a bhaineann le leanaí nuair a bheidh anailís á déanamh ar shonraí tithíochta agus tuairisceofar iad. Déanfar cíoradh breise ar na roghanna maidir le sonraí níos mionsonraithe a sholáthar faoi leanaí trí anailís a dhéanamh ar na sonraí seo.
			3	Scrúdófar an tionchar atá ag an timpeallacht fhisiceach agus ag áiseanna agus seirbhísí áitiúla ar shaol leanaí.	Cuirfear ciste tiomnaithe ar fáil le tacú le taighde ar an ábhar seo.	Socraíodh tosaíochtaí forbartha taighde agus sonraí in 2011 agus cuireadh €60,000 ar fáil mar chistiú dóibh.
A13	An Garda Síochána	Oifig um Leanaí agus um Ghnóthaí Óige	2	Déanfar tuilleadh forbartha ar shonraí faoi leanaí agus daoine óga a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais óige chun go bhféadfar rianú a dhéanamh ar an gcaoi a ghluaiseann siad tríd an gcóras agus na torthaí a bhíonn acu.	Cuirfear tuairisc bhliantúil ar fáil faoi shonraí faoi leanaí a chuirfear ar aghaidh chuig Clár Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána.	Leanfar ar aghaidh ag cur tuarascálacha bliantúla ar fáil sa tréimhse 2011-2016.
A14	Suirbhé ar Iompraíocht Sláinte i Leanaí ag Aois Scoile (HBSC).		1	Leanfar ag tomhas iompar cothaitheach leanaí agus daoine óga agus na torthaí a bhíonn aige orthu agus cuirfear na sonraí ar fáil.	Déanfar anailís speisialaithe i Suirbhé HBSC ar iompar cothaitheach agus ar na torthaí a bhíonn aige agus foilseofar iad. Féachfar leis an leibhéal mionsonraithe maidir le haiste bia agus cothú a mhéadú chun na tomhais sin a fheabhsú.	Beidh tuarascáil faoi na míreanna ábhartha ar fáil faoi dheireadh 2012.
			1	Tomhaisfear gníomhaíocht choirp leanaí agus daoine óga agus agus cuirfear na sonraí ar fáil.	Déanfar anailís ar ghníomhaíocht choirp, lena n-áirítear roghanna iompair, i Suirbhé HBSC agus foilseofar tuarascáil faoi.	Beidh tuarascáil faoi na míreanna ábhartha ar fáil faoi dheireadh 2012.
A15	An tÚdarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte		2	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi shaol na leanaí a bhfuil cosaint riachtanach dóibh agus atá faoi chúram an Stáit, faoi na córais atá ann le tacú leo agus faoin dul chun cinn a dhéanann siad tar éis a gcuid ama a chaitheamh faoi chúram.	Cuirfear tráchtaireacht ar fáil faoi thorthaí na n-iniúchtaí ar aonaid agus ar ionaid chónaithe do leanaí atá á mbainistiú ag FSS agus ar na moltaí fúthu, agus leagfar béim ar cé chomh oiriúnach is atá na háiseanna ina gcuirtear leanaí agus daoine óga faoi chúram iontu.	Cuirfear na tuarascálacha ar fáil go bliantúil sa tréimhse ó 2011 go 2016, agus foilseofar an chéad cheann ag deireadh na bliana 2011.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A16	An Bord Taighde Sláinte (BTS)		2	Déanfar cur síos ar an nasc idir úsáid drugaí agus ciontóirí óga.	Bainfear leas iomlán as sonraí ESPAD le cur síos a dhéanamh ar úsáid drugaí agus ar an drochiompar a ghabhann leis agus tabharfar próifíl na ndaoine óga atá i gceist.	Táirgfear tuarascáil lena scaipeadh go leictreonach laistigh de 2 bhliain ó chuirfear an tacar sonraí anaithnide ar fáil lena anailísiú.
			2	Leas níos mó agus leas níos fearr a bhaint as an taighde atá déanta agus as na sonraí atá ann cheana féin faoi dhrugaí i saol leanaí.	Cuirfear iris choimriúcháin bhliantúil ar fail faoi thaighde náisiúnta maidir le leanaí agus daoine óga a chaitheann drugaí.	Foilseofar an chéad iris faoi dheireadh 2012 agus leanfar ar aghaidh go bliantúil ina dhiaidh sin.
			2	Scaipeadh méadaithe agus comhordaithe a dhéanamh ar an bhfaisnéise atá ann cheana féin maidir le mí-úsáid drugaí i measc leanaí agus daoine óga.	Cuirfear tuarascáil bhliantúil ar fáil ina ndéanfar achoimre ar shonraí ó shuirbhéanna atá ann cheana féin faoin gcaoi a dhéanann leanaí agus daoine óga mí-úsáid ar dhrugaí.	Foilseofar an chéad tuarascáil faoi dheireadh 2012.
			2	Scaipeadh méadaithe agus comhordaithe a dhéanamh ar an bhfaisnéise atá ann cheana féin maidir le mí-úsáid drugaí i measc leanaí agus daoine óga.	Bainfear leas iomlán as suirbhéanna ESPAD agus ó shuirbhéanna ábhartha eile agus scaipfear na haschuir i bhformáidí a bheidh oiriúnach do riachtanais réimse úsáideoirí, lena n-áirítear achoimrí gearra agus príomhtheachtaireachtaí.	Táirgfear tuarascáil lena scaipeadh go leictreonach laistigh de 2 bhliain ó chuirfear an tacar sonraí anaithnide ar fáil lena anailísiú.
			2	Beidh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi mhíchumas á scrúdú ó thaobh clúdaigh agus éifeachtachta.	Déanfar tuilleadh anailíse ó bhunachair shonraí míchumais BTS faoin nglacadh a bhí le soláthar teiripe Urlabhra & Teanga agus le teiripí Ceirde i gcomhair leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu agus faoin méid leanaí a raibh siad de dhíth orthu agus nach bhfuair teiripe.	Beidh faisnéis faoin réimse seo le fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2014 faoi na bunachair shonraí maidir le míchumas.
			3	Forbrófar bealaí le tacú le forbairt modhanna tomhaiste leibhéil aimhrialtachtaí ó bhroinn agus riochtaí sláinte i measc leanaí in Éirinn.	Aibhseofar iarratais a dhíríonn ar sheirbhísí sláinte nó ar ghnéithe sláinte an daonra a bhaineann le taighde faoi leanaí agus cuirfear fáilte rompu nuair a dhéanfar glaonna poiblí ar thaighde a bheidh maoinithe go poiblí (m.sh. tionscadail, cláir, líonraí agus comhaltachtaí).	Líon na dtograí a cuireadh isteach agus líon agus méid na ndámhachtainí a rinneadh sa réimse seo ar thaighde leanaí an BTS.
			3	Forbrófar bealaí chun imscrúdú agus tuairisciú a dhéanamh ar chineál agus ar leibhéal na seirbhísí sláinte meabhrach a chuirtear ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn.	Aibhseofar iarratais a dhíríonn ar sheirbhísí sláinte nó ar ghnéithe sláinte an daonra a bhaineann le taighde faoi leanaí agus cuirfear fáilte rompu nuair a dhéanfar glaonna poiblí ar thaighde a bheidh maoinithe go poiblí (m.sh. tionscadail, cláir, líonraí agus comhaltachtaí).	Líon na dtograí a cuireadh isteach agus líon agus méid na ndámhachtainí a rinneadh sa réimse seo ar thaighde leanaí an BTS.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A17	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)		3	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi shaol na leanaí a bhfuil cosaint riachtanach dóibh agus atá faoi chúram an Stáit, faoi na córais atá ann le tacú leo agus faoin dul chun cinn a dhéanann siad tar éis a gcuid ama a chaitheamh faoi chúram.	Déanfar athbhreithniú ar riachtanais leanaí atá faoi chúram malartach agus léireofar patrúin socrúcháin a léiríonn gur gá dianfhreastal a dhéanamh orthu. Cuirfidh sé seo le pleanáil seirbhíse sa todhchaí do gach leanbh atá faoi chúram malartach.	Foilseofar an tuarascáil faoi dheireadh 2011.
		Beidh an staidéar seo á bhainistiú ag FSS agus beidh Coiste Stiúrtha Comhairleach ag tacú leis an bpróiseas taighde iomlán	3	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi shaol na leanaí a bhfuil cosaint riachtanach dóibh agus atá faoi chúram an Stáit, faoi na córais atá ann le tacú leo agus faoin dul chun cinn a dhéanann siad tar éis a gcuid ama a chaitheamh faoi chúram.	Déanfaidh FSS, le cead daoine óga, staidéar fadaimseartha ina rianófar saol daoine óga a fhágann cúram go dtí go mbíonn siad ina ndaoine fásta (faoi mar a moladh i dTuarascáil Ryan, 2009). Cuirfear lena bhfuil le rá ag daoine óga a bhí i gcúram san áireamh nuair a bheidh an staidéar á leagan amach.	Cuirfear tús leis an bpróiseas tairisceana le linn na chéad ráithe de 2012. Cuirfear tús leis an gcéim deartha le linn an tríú ráithe de 2012, agus tosófar an staidéar sa chéad ráithe de 2013.
A18	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS)	An Clár um Thoirchis Ghéarchéime	1	Forbrófar córais faisnéise chun tuairisc a thabhairt ar iompar agus ar shláinte ghnéis daoine óga in Éirinn.	Féachfar ar scrúdú a dhéanamh amach anseo ar cheisteanna féiniúlachta gnéis nuair a bheidh taighde á choimisiúnú ag Clár um Thoirchis Ghéarchéime FSS.	Cuimseofar ceisteanna ábhartha taighde sa taighde a dtabharfar cistiú dó amach anseo. Beidh tuarascálacha taighde ar fáil.
			2	Forbrófar córais faisnéise chun tuairisc a thabhairt ar iompar agus ar shláinte ghnéis daoine óga in Éirinn.	Beidh cistiú agus tacaíocht ar fáil chun anailís thánaisteach a dhéanamh ar na tacair shonraí ó na Staidéir Éireannacha ar Fhrithghiniúint agus ar Thoirchis Ghéarchéime agus ón Staidéar Éireannach ar Shláinte Ghnéis agus Chaidrimh.	Cuirfear clár tacaíochta le haghaidh anailíse den sórt sin i bhfeidhm faoi 2011. Foilseofar na príomhthorthaí faoi 2013.
			3	Forbrófar córais faisnéise chun tuairisc a thabhairt ar iompar agus ar shláinte ghnéis daoine óga in Éirinn.	Déanfar staidéar trí Chlár um Thoirchis Ghéarchéime FSS (ach cistiú a bheith ar fáil chuige) ar na patrúin atá ag mná a bhfuil toircheas géarchéime acu ó thaobh glacadh le seirbhísí atá ar fáil, ina n-áireofar sonraí faoi chailíní faoi bhun aois 18 a fhreastalaíonn ar sheirbhísí agus faoi na torthaí a bhíonn acu.	Coimisiúnófar an staidéar in 2012. Foilseofar an tuarascáil, lena n-áirítear sonraí ábhartha faoi dhaoine faoi bhun 18, roimh 2013.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) (*ar lean*)		3	Forbrófar córais faisnéise chun tuairisc a thabhairt ar iompar agus ar shláinte ghnéis daoine óga in Éirinn.	Foilseofar tuarascáil faoi dhearcthaí agus faoi phróisis cinnteoireachta déagóirí fir i ndáil le toircheas neamhphleanáilte.	Foilseofar an tuarascáil faoi dheireadh 2011.
			3	Cuirfear tuairiscí ar fáil faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil maidir le sláinte ghnéis agus caidrimh agus faoi oideachas gnéis.	Déanfar staidéar ar riachtanais daoine óga i gcúram an Stáit ó thaobh seirbhís sláinte agus oideachais ghnéis.	Coimisiúnófar an tuarascáil faoi dheireadh 2011. Beidh an tuarascáil ar fáil in 2013.
A19	An Chomhairle Spóirt		1	Cuirfear tuairisc ar fáil faoi sheirbhísí agus tacaíochtaí chun go mbeidh breis gníomhaíochta coirp ar siúl ag leanaí agus ag daoine óga. Tomhaisfear an méid a ghlacann leanaí agus daoine óga páirt i ngníomhaíochtaí spóirt agus an tionchar a bhíonn aige.	Déanfaidh an Chomhairle Spóirt iniúchadh ar bhailiú sonraí riaracháin agus leagfar béim faoi leith ar shonraí ó chlubanna d'fhonn na sonraí faoi áiseanna agus faoi sheirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga a fheabhsú agus a chomhchuibhiú.	Aithneofar na príomhréimsí le haghaidh forbartha faoi dheireadh 2013.
			2		Déanfaidh an Chomhairle Spóirt anailísí speisialta ar an bhfaisnéis a sholáthraíonn na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Spóirt (ach acmhainní a bheith ar fáil).	Líon na n-iarratas a fuarthas agus ar tugadh freagra orthu.
			2	Tomhaisfear gníomhaíocht choirp leanaí agus daoine óga agus agus cuirfear na sonraí ar fáil.	Cuirfear anailís oiriúnach ar an ábhar seo chun cinn trí fhoilsiú na dtorthaí agus trí thaisceadh na sonraí sa chartlann chuí a bhaineann leis an staidéar a rinneadh le déanaí faoin bpáirt a ghlacann leanaí i spóirt agus i ngníomhaíocht choirp.	Foilseofar an tuarascáil in 2011. Taiscfear na sonraí faoi Mheán Fómhair 2011.
			2	Déanfar measúnú ar thionchar na timpeallachta tógtha ar leibhéil ghníomhaíochta coirp leanaí.	Cuirfear sonraí ón staidéar thuas ar fáil ionas gur féidir scrúdú a dhéanamh ar thionchar na timpeallachta fisicí agus áiseanna tógtha ar rannpháirtíocht daoine óga i ngníomhaíocht choirp agus conas is féidir leis an timpeallacht breis gníomhaíochta coirp a chur chun cinn.	Taiscfear na sonraí i gCartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann faoi Mheán Fómhair 2011.
			3	Tomhaisfear gníomhaíocht choirp leanaí agus daoine óga agus agus cuirfear na sonraí ar fáil.	Déanfar staidéar athuair ar ghníomhaíocht choirp leanaí laistigh d'fhráma ama cuí.	Déanfar cinneadh faoi dheireadh 2012 maidir leis an staidéar a dhéanamh arís.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	An Chomhairle Spóirt (*ar leanúint*)		3	Tomhaisfear an méid a ghlacann leanaí agus daoine óga páirt i ngníomhaíochtaí spóirt agus an tionchar a bhíonn aige. Leanfar ag tomhas iompar cothaitheach leanaí agus daoine óga agus na torthaí a bhíonn aige orthu agus cuirfear na sonraí ar fáil.	Tabharfar tús áite do thaighde ar leanaí agus daoine óga i gclár taighde na Comhairle Spóirt.	Aithneofar na príomhréimsí le haghaidh forbartha faoi dheireadh 2012 agus bheidh siad mar bhunús do chlár taighde na Comhairle Spóirt don tréimhse 2013-2015. Cuirfear taighde ar leanaí agus daoine óga san áireamh i gclár taighde na Comhairle Spóirt don tréimhse 2013-2015.
A20	Seirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig		3	Déanfar tuilleadh forbartha ar shonraí faoi leanaí agus daoine óga a bhfuil baint acu leis an gcóras ceartais óige chun go bhféadfar rianú a dhéanamh ar an gcaoi a ghluaiseann siad tríd an gcóras agus na torthaí a bhíonn acu.	Déanfar staidéar in 2011 ar shaol cohórt leanaí atá á gcoimeád agus úsáidfear sonraí siarghabhálacha. Is é cuspóir an staidéir seo tuiscint a fháil ar na difríochtaí agus na cosúlachtaí a bhí idir saol na leanaí sin ar ordaigh an córas coiriúil go gcoimeádfaí iad agus saol na leanaí eile sin ar chuir lucht leasa shóisialaigh iad in aonad cúraim speisialta.	Foilseofar na chéad torthaí faoi 2014.
			3	Déanfar iniúchadh ar phatrúin iompair leanaí agus daoine óga agus ar na torthaí bainteacha.	Déanfar staidéar ina mbainfear leas as taighde feidhmeach. Tosófar i roinnt áiteanna ina bhfuil Tionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ar siúl agus tomhaisfear comhbhá, ríogacht agus claonadh sóisialta ag tús agus ag deireadh na n-idirghabhálacha. Faoi réir athbhreithniú a dhéanamh ar na tomhais a fhaightear, leathnófar an obair bailithe sonraí amach chuig gach tionscadal.	Críochnófar na staidéir thosaigh in ionaid tástálacha agus scaipfear na torthaí faoin dara ráithe de 2012. Ag brath ar thorthaí na dtrialacha, tosófar ag bailiú sonraí ar fud na tíre in 2014.
			3	Déanfar próifíliú ar réimse iomlán na dtacaíochtaí agus na seirbhísí atá ar fáil cheana féin ag ciontóirí óga agus ag a dteaghlaigh, agus ag daoine óga chun an méid ciontaithe a dhéanann ógánaigh a laghdú.	Cuirfear tionscadal taighde ar siúl faoi na leibhéil chomhlíonta atá ann maidir le smachtbhannaí pobail agus ar na hathruithe atá tagtha ar an tseirbhís cheartais don óige.	Foilseofar na torthaí faoi dheireadh 2015.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
	SSeirbhís na hÉireann um Cheartas i leith an Aosa Óig (*ar lean*)		3	Déanfar iniúchadh ar phatrúin iompair leanaí agus daoine óga agus ar na torthaí bainteacha.	Cruthófar próifíl náisiúnta na rannpháirtithe i dTionscadail Athstiúrtha Óige an Gharda Síochána ag baint úsáide as tomhais chaighdeánacha riosca agus riachtanas seirbhíse.	Críochnófar an phróifíl ar leibhéal náisiúnta faoi dheireadh 2014.
A21	An Coimisiún Meabhair-Shláinte		3	Scrúdófar tionchar agus éifeachtacht na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga.	Breithneofar an chaoi a d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh i dtaighde a choimisiúnófar amach anseo ar éifeachtacht na gclár a bhaineann le cur chun cinn meabhairshláinte agus feasacht faoi mheabhairshláinte in ionaid éagsúla agus le grúpaí difriúla daoine óga, lena n-áirítear daoine óga ar scoil agus daoine óga i measc an phobail.	Déanfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte staidéar ar an réimse seo faoi Mhí na Nollag 2016 (ach acmhainní a bheith ar fáil chuige).
			3	Scrúdófar tionchar agus éifeachtacht na seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus do dhaoine óga.	Breithneofar an chaoi a d'fhéadfaí scrúdú a dhéanamh i dtaighde a choimisiúnófar amach anseo ar a mhéid atá idirghabhálacha bunaithe ar fhianaise á n-úsáid sna seirbhísí meabhairshláinte do leanaí agus d'ógánaigh i bhfianaise na riachtanas aitheanta agus i gcomhthéacs cearta leanaí a bhfuil fadhbanna meabhairshláinte acu.	Déanfaidh an Coimisiún Meabhair-Shláinte staidéar ar an réimse seo faoi Mhí na Nollag 2016 (ach acmhainní a bheith ar fáil chuige).
A22	An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta		3	Soláthróidh sé tuiscint níos fearr ar na tosca sin a bhfuil tionchar acu ar chúrsa leanaí tríd an gcóras oideachais agus ar na torthaí oideachasúla a bhíonn acu.	Foilseofar torthaí ón Staidéar Fadaimseartha Iarbhunscoile.	Foilseofar tuarascáil faoi dheireadh 2011 ar thaithí na mac léinn sa tsraith shinsearach oideachais.
			3		Staidéar ar thaithí na múinteoirí ar scoil - gnéithe den staidéar *Growing up in Ireland*.	Coimisiúnaíodh an staidéar in 2011.
			3		Cuireadh staidéar comparáideach ar chleachtas idirnáisiúnta maidir le forbairt curaclaim ar fáil.	Coimisiúnaíodh an staidéar in 2011.
			3		Cuireadh páipéar taighde ar éagsúlacht agus polarú sa chóras scoile dara leibhéal ar fáil.	Coimisiúnaíodh an staidéar in 2011.
			3		Cuireadh páipéar taighde ar fáil faoin athrú ó oideachas dara leibhéal go hoideachas tríú leibhéal.	Coimisiúnaíodh an staidéar in 2011.
			3		Cuireadh páipéar taighde ar fáil faoi fhorbairt na teanga labhartha sna blianta tosaigh, faoi fhorbairt litearthachta atá ag teacht chun cinn agus gnéithe de churaclam comhtháite teanga.	Coimisiúnaíodh an staidéar in 2011.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
A23	An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE)		2	Cuirfear le réim na faisnéise faoi mhíchumas foghlama agus riachtanais speisialta oideachais agus déanfar chomhchuibhiú orthu.	Leanfaidh an NCSE ar aghaidh ag déanamh anailíse agus ag foilsiú sonraí a bhaineann lena gníomhaíochtaí agus beidh sí i dteagmháil leis an RLGÓ faoi fhorbairtí ina córais faisnéise.	Foilseofar na príomhstaidrimh go rialta.
			3	Leanfar ar aghaidh le hobair taighde agus tiomsú sonraí le tacú le beartas agus le cleachtas maidir le hoideachas speisialta faoi chlár taighde na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta.	Leanfar ar aghaidh le clár taighde an NCSE.	Foilseofar tuarascálacha tábhachtacha breise in 2012, in 2013 agus in 2014.
A24	An tIonad Náisiúnta um Fhaireachas ar Chothú (NNSC)		2	Cuirfear tuairisc ar fáil faoi na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ann chun go mbeidh breis gníomhaíochta coirp ar siúl ag leanaí agus ag daoine óga agus cothú níos fearr á fháil acu.	Déanfaidh an NNSC anailís ar shonraí atá ann cheana féin ó thionscnamh um Fhaireachas Otrachta Óige na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) a bhaineann le beartais agus le cleachtais sna scoileanna maidir le cothú.	Críochnófar an anailís thosaigh faoi Lúnasa 2012. Foilseofar na torthaí agus scaipfear iad ar na príomhpháirtithe leasmhara faoi dheireadh 2012.
A25	Grúpa Gníomhaíochta	Ceannaire: An tÚdarás Náisiúnta Míchumais	3	Forbrófar modheolaíocht chun measúnú a dhéanamh ar an gcostas iomlán a bhíonn ar theaghlaigh maidir le míchumas linbh.	Déanfar iniúchadh le fáil amach cad iad na costais dhíreacha agus indíreacha a bhíonn ar theaghlaigh phríobháideacha nó ar dhaoine aonair.	Tá an staidreamh scóipe le tosú faoi dheireadh 2015.

CUSPÓIR B: LÍON NA N-ÁITEANNA TAIGHDE A FHORBAIRT SA RÉIMSE MAIDIR LE TAIGHDE AGUS SONRAÍ LEANAÍ

Baineann réimse amháin, ar ábhar imní ar leith é agus a aithníodh i gCaibidil 4, leis na daoine atá i mbun taighde faoi shaol leanaí agus an cumas teoranta atá acu modhanna cainníochtúla a úsáid maidir le tacair mhóra shonraí agus feidhm a bhaint astu. Tá sé soiléir nach féidir Réimse Gníomhaíochta 2 de Chuspóir A. (.i. Tacú leis an leas is mó is féidir a bhaint as an bhfaisnéis atá ann faoi láthair agus é sin a chur chun cinn) a chur i gcrích ach amháin i gcomhthéacs líon dóthanach taighdeoirí agus anailísithe a bhfuil sé ar a gcumas sonraí a cheistiú, a anailísiú, a mheas agus leas a bhaint astu. Ar an ábhar sin, díreofar le linn na straitéise seo ar anailís chainníochtúil a dhéanamh.

Faoi mar a luadh i gCaibidil 4, tá go leor tionscnamh náisiúnta ann le tacú le forbairt scileanna agus inniúlachtaí i measc taighdeoirí agus tá cuid acu léirithe sa Phlean Gníomhaíochta seo. Le cois na ndámhachtainí agus na gclár sin a dtugann na comhlachtaí agus na hinstitiúidí náisiúnta um chistiú taighde tacaíocht dóibh, leanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar aghaidh leis an gClár Náisiúnta Comhaltachtaí um Thaighde Leanaí atá ann cheana féin agus trína ndámhtar comhaltachtaí Máistreachta agus PhD go bliantúil trí phróiseas an-iomaíoch. Leanfar ar aghaidh sa chlár seo ag tabhairt tús áite ní hamháin d'fhorbairt líon na n-áiteanna taighde, ach díreofar chomh maith ar na téamaí tosaíochta sin a aithníodh sa straitéis reatha.

Mar achoimre, díreofar sa phríomhréimse gníomhaíochta faoi Chuspóir B ar:

Réimse Gníomhaíochta 4	**líon na n-áiteanna taighde sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí a fhorbairt agus béim faoi leith a leagan ar thacaíocht a thabhairt d'anailís chainníochtúil.**

CUSPÓIR B: Líon na n-áiteanna taighde a fhorbairt sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí

Réimse Gníomhaíochta 4= líon na n-áiteanna taighde sa réimse maidir le taighde agus sonraí leanaí a fhorbairt agus béim faoi leith a leagan ar thacaíocht a thabhairt d'anailís chainníochtúil

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
B1	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	An tAonad Taighde, trí Thionscnamh Forbartha Taighde na Comhairle um Thaighde sna Dána agus sna hEolaíochtaí Sóisialta	4	Beidh tuiscint níos fearr ann faoi na leibhéil ghnóthachtála oideachais agus na tosca a mbíonn tionchar acu ar a leithéid a bhaint amach.	Reáchtálfar scoileanna samhraidh d'fhonn anailís mhéadaithe a chur chun cinn ar shonraí atá ann cheana féin maidir le gnóthachtáil oideachais.	Beidh scoil amháin reáchtáilte faoi dheireadh 2011.
			4	Leanfar ar aghaidh leis an gclár chun líon na n-áiteanna le haghaidh taighde agus anailís sonraí a mhéadú.	Leanfar ar aghaidh leis an gClár Náisiúnta Comhaltachtaí um Thaighde Leanaí, ag tacú le staidéir iarchéime trí dheiseanna maoinithe agus socrúchán a chur ar fáil.	Líon na staidéar agus na socrúchán a chuirfear i gcrích sa tréimhse 2011-2016.
			4		Leanfaidh an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige ar aghaidh ag tacú leis an Líonra Taighde faoi Leanaí d'Éirinn agus do Thuaisceart Éireann.	Cuireadh cistiú síl ar fáil agus glacadh páirt ar leibhéal an choiste.
			4	Forbrófar tuiscint níos fearr ar nithe a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus ar dhea-bhail leanaí trí úsáid níos mó a bhaint as na foinsí faisnéise atá ann cheana féin.	Reáchtálfar scoil samhraidh chun feasacht agus cumas méadaithe a chur chun cinn maidir le húsáid foinsí eolais faoi shláinte agus dhea-bhail leanaí.	Beidh scoil amháin reáchtáilte faoi dheireadh 2011.
			4		Reáchtálfar scoil samhraidh chun feasacht agus cumas méadaithe a chur chun cinn maidir le húsáid foinsí eolais faoi chosaint leanaí agus faoi shláinte fhisiceach agus faoi mheabhairshláinte leanaí (lena n-áirítear saincheisteanna a bhaineann le féinmharú) agus gnéithe eile a bhaineann le sábháilteacht agus cosaint leanaí.	Beidh scoil amháin reáchtáilte faoi dheireadh 2011.

CUSPÓIR C: BONNEAGAR MAITH A FHORBAIRT SA RÉIMSE A BHAINEANN LE TAIGHDE AGUS SONRAÍ LEANAÍ, TACAÍOCHT A THABHAIRT DÓ AGUS É A CHUR CHUN CINN

Léirigh roinnt de na saincheisteanna a tarraingíodh anuas i bhforbairt na straitéise seo an gá atá le bonneagar feabhsaithe chun tacú le taighde agus sonraí a bhaineann le saol leanaí. Aithníodh go bhfuil sé riachtanach meiteashonraí a fheabhsú, gur gá coincheapa agus córais aicmithe a chomhchuibhiú, go mbeadh comhoibriú ann idir gníomhaireachtaí, agus go roinnfí sonraí agus go mbeadh naisc eatarthu. Tá ceisteanna gaolmhara leo a bhaineann le rialachas, eitic, próisis agus nósanna imeachta. Léiríonn na gníomhartha atá leagtha amach thíos na saincheisteanna seo.

Mar achoimre, is iad seo a leanas na príomhréimsí gníomhaíochta faoi Chuspóir C:

Réimse Gníomhaíochta 5	**Tacú le forbairtí náisiúnta maidir le taighde agus sonraí faoi shaol leanaí agus bunús a sholáthar dóibh. Meicníocht a sholáthar le haghaidh forbairt leanúnach a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar choincheapa cuí i ndáil le sonraí faoi shaol leanaí.**
Réimse Gníomhaíochta 6	**Struchtúr rialachais uileghabhálach a fhorbairt le haghaidh taighde faoi leanaí, lena n-áirítear athbhreithniú eiticiúil.**

CUSPÓIR C: Bonneagar maith a fhorbairt sa réimse a bhaineann le taighde agus sonraí leanaí, tacaíocht a thabhairt dó agus é a chur chun cinn

Réimse Gníomhaíochta 5 Tacú le forbairtí náisiúnta maidir le taighde agus sonraí faoi shaol leanaí agus bunús a sholáthar dóibh. Meicníocht a sholáthar chun forbairt leanúnach a dhéanamh ar mhodheolaíochtaí agus ar choincheapa cuí i ndáil le sonraí faoi shaol leanaí; **Réimse Gníomhaíochta 6** = Struchtúr rialachais uileghabhálach a fhorbairt le haghaidh taighde faoi leanaí, lena n-áirítear athbhreithniú eiticiúil.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
C1	An Chomhairle Ealaíon		5	Beidh níos mó faisnéise ar chaighdeán níos airde ar fáil faoi rannpháirtíocht leanaí sna healaíona agus faoi na seirbhísí a thacaíonn leis sin.	Díreofar ar leanaí agus ar dhaoine óga maidir le próisis athbhreithnithe taighde agus sonraí na Comhairle Ealaíon mar chuid de *Forbairt na nEalaíon in Éirinn: Forbhreathnú Straitéiseach na Comhairle Ealaíon 2011-2013*.	Déanfar comhaontú faoi dheireadh 2013 ar na hathruithe maidir le bailiú sonraí agus próisis taighde.
			5		Déanfar comhchuibhiú ar na príomhathróga i dtacair shonraí ábhartha ó eagraíochtaí ealaíne, rud a éascóidh aithint leanaí agus daoine óga.	Beidh bailiú sonraí 2011 leagtha amach sa chaoi is go mbeifear in ann, faoi Mheitheamh 2012, na haoisghrúpaí ábhartha a aithint laistigh de bhonn cliant na n-eagraíochtaí sin a thugann freagra.
			6		Glacfaidh an Chomhairle Ealaíon ról comhordaithe maidir leis na heagraíochtaí a chuireann cláir ealaíon ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga agus beidh an ról sin aici chun scrúdú a dhéanamh ar na roghanna éagsúla chun feabhas a chur ar shonraí faoi rannpháirtíocht leanaí sna healaíona.	Bunófar struchtúr nó meicníochtaí comhordaithe faoi lár 2012. Forbrófar plean mionsonraithe faoi dheireadh 2013 chun cur síos níos fearr a dhéanamh ar an ngné seo de shaol leanaí.
C2	An Phríomh-Oifig Staidrimh	leis an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	5	Bainfear gach leas as nascáil sonraí agus anailísiú sonraí riaracháin chun léargas breise a fháil ar shaol leanaí.	Cuirfidh an tIonad Sonraí Riaracháin tionscadal i bhfeidhm chun bealaí nua a scrúdú maidir le comhoibriú leis an RLGÓ, agus roghanna a iniúchadh maidir le próifíliú saol leanaí trí leas a bhaint as na tacair shonraí atá aige agus as Clár Gníomhaíochta an Duine.	Déanfar an t-iniúchadh tosaigh in 2012. Foilseofar na haschuir aontaithe.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
C3	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige		5	Déanfar tuilleadh tuairiscithe agus anailíse ar chúram agus oideachas na luath-óige.	Glacfaidh an RLGÓ páirt i ngrúpaí idirchaidrimh suirbhé na Príomh-Oifige Staidrimh chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar mhíreanna suirbhé a bhaineann le cúram leanaí agus ceisteanna ábhartha.	Méadófar bearta agus aschuir dírithe ar leanaí i staidrimh oifigiúla sa tréimhse 2011-2016.
		An Stiúrthóireacht Cúram Leanaí agus an Phríomh-Oifig Staidrimh	5		Cuirfear bunachar sonraí RLGÓ faoi Chúram agus Oideachas Luath-Óige ar fáil do Lárionad Sonraí Riaracháin na Príomh-Oifige Staidrimh chun cur le hanailís níos mó sa réimse seo.	Cuirfear sonraí ar fáil ar bhonn bliantúil.
C4	An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	An tAonad Taighde	5	Leathnófar na bearta agus na tacair táscairí reatha chun go mbeidh siad ar aon dul le réim saol leanaí.	Athbhreithneofar an tsraith náisiúnta táscairí faoi dhea-bhail leanaí chun scrúdú a dhéanamh ar roghanna éagsúla maidir le táscairí nua a cheapadh i réimsí mar súgradh, caitheamh aimsire, obair dheonach agus caipiteal sóisialta.	Críochnófar an t-athbhreithniú agus cuirfear na moltaí i bhfeidhm i dtuarascáil 2014.
		An tAonad Taighde	6	Tabharfar tacaíocht do rialachas agus do struchtúir mhaoirseachta maidir le taighde leanaí.	Cabhróidh Aonad Taighde RLGÓ le meicníochtaí a fhorbairt chun maoirseacht eiticiúil a dhéanamh ar thaighde leanaí agus tabharfaidh sé tacaíocht don obair.	Foilseofar treoirlínte faoi 2012 maidir le cúrsaí eitice sa taighde a bhaineann le leanaí.
C5	An Roinn Sláinte	An Coiste Comhairleach Náisiúnta um Dhrugaí	5	Leas níos mó agus níos fearr a bhaint as an taighde atá déanta agus as na sonraí atá ann cheana féin faoi alcóil agus drugaí i saol leanaí.	Staidéar féidearthachta chun foinsí sonraí agus modhanna taighde a aithint (lena n-áirítear mianadóireacht sonraí, comhchuibhiú na bhfoinsí atá ann cheana féin agus athróga oiriúnacha aicmithe) chun táscaire bonnlíne a sholáthar faoi mhí-úsáid substaintí i measc daoine óga i mbaol agus monatóireacht a dhéanamh ar athruithe thar thréimhse ama.	Coimisiúnófar staidéar féidearthachta faoin tríú ráithe de 2012. Tíolacfar tuarascáil faoin staidéar féidearthachta faoin dara ráithe de 2013. Coimisiúnófar taighde faoin ráithe deireanach de 2013 chun táscaire bonnlíne a chruthú. Aithneofar an táscaire bonnlíne faoin ráithe deireanach de 2014. Ullmhófar tuarascáil náisiúnta monatóireachta gach ceithre bliain ina dhiaidh sin.

Gníomh Uimh.	Struchtúr feidhmithe		Réimse Gníomhaíochta	Réimse Torthaí	Gníomhaíochtaí	Táscaire maidir le dul chun cinn
C6	An Bord Taighde Sláinte		5	Beidh seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga atá faoi mhíchumas á scrúdú ó thaobh clúdaigh agus éifeachtachta.	Cuirfear tionscnaimh i gcrích le cur le clúdach bhunachar sonraí míchumais BTS (NIDD agus NPSDD), lena n-áirítear eolas breise ar leibhéil rannpháirtíochta i ngníomhaíochtaí éagsúla.	Déanfar iniúchadh ar chlúdach na mbunachar sonraí agus foilseofar tuarascáil fúthu faoi dheireadh 2016.
